SEAI pays fees and expenses to its Board members in accordance with Department of Public Expenditure, NDP Delivery and Reform regulations and circulars. SEAI applied the decision of the Government of March 2010 in respect of fees for members of State Bodies. Board member fees are rounded to the nearest €'000. Board member expenses of €4,625 were paid in 2023 (2022: €2,700).

Board Fees	2023 €'000	2022 €'000
Dermot Byrne	12	12
Peter Brennan	3	8
Sharon O'Connor	8	8
Lisa Ryan	-	3
Kate Ruddock	-	1
Andrew Ennis	8	8
Ann Markey	8	8
Léan Doody	8	8
Joe O'Carroll	8	8
Justina Corcoran	-	-
William Walsh	-	-
Barry McMullin	-	-
Maria O'Dwyer	-	-
Robert Wasson	8	4
Ciarán Hayes	5	-
Total	68	68

18. Operating Leases - Premises

SEAI's head office is located at 3 Park Place, Hatch Street, Dublin 2 under a 25-year lease. The authority also leases sub offices located in Cork, Dundalk and Sligo.

The following are the future non- minimum lease payments under operating leases for each of the listed periods:

	2023 €'000	2022 As Restated €'000
Operating Leases		
Within 1 Year	2,058	2,077
During 2 to 5 Years	8,188	8,199
Over 5 Years	28,584	30,630
Total	38,830	40,906

The operating lease commitment disclosed in the 2022 Financial statements was €40,270,910. One premises was not included in the total. The 2023 values have been restated above to reflect this.

Lease payments under operating leases are recognised as an expense over the period which SEAI obtains benefit from the premises.

Operating lease payments recognised as expenses in 2023 was €2,074,237 (2022: €1,966,555).

19. Comparative figures

Certain comparative figures for the year have been re-grouped and re-presented on the same basis as those for the current year.

20. Approval of Financial Statements

The Board approved the financial statements on 31 May 2024.

Sustainable Energy Authority of Ireland

3 Park Place, Hatch Street Upper, Dublin 2,
Ireland, D02 FX65

**Údarás Fuinnimh Inmharthana
na hÉireann**

3 Plás na Páirce, Sraid Haiste Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2, D02 FX65



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



2023

Tuarascáil Bhliantúil

ÁR dTIONCHAR	4
RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH	6
ATHBHREITHNIÚ ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH	8
ATHBHREITHNIÚ STRAITÉISEACH	10
IARFHEISTIÚ NÁISIÚNTA	12
EARNÁIL AN GHNÓ, AN EARNÁIL PHOIBLÍ AGUS AN EARNÁIL IOMPAIR	14
LÉARGAS AR THAIGHDE AGUS BEARTAS	16
FEIDHMEANNA RIALÁLA	18
INBHUANAITHEACTH	20
ÁR bhFOIREANN	22
AN COMHSHAOL AGUS ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH	25
RIALACHAS	30
CÚRAM CUSTAIMÉIRÍ	31
RIALACHAS CORPARÁIDEACH	32
BAINISTÍOCHT RIOSCA IN SEAI	36
RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA	39
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird	40
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	50
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	52
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	54
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	55
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	56
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	57
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	58

Is é ár misean é a bheith i gcroílár réabhlóid fuinnimh na hÉireann.

Spreagaimid go laghdófaí an úsáid a bhaintear as breosla iontaise agus go n-úsáidfí fuinneamh eile ina ionad. Is eagraíocht eolasbhunaithe muid. Bímid ag obair i gcomhar le saoránaigh, le pobail, le gnólachtaí agus leis an Rialtas. Is comhoibrithe, nuálaithe, lucht cistithe agus oideoirí iontaofa muid.

Ár dTionchar

Thacaíomar le
800
Inbhuanaithe
Pobal Fuinnimh



Earnáil
Phoiblí

47 Comhlacht poiblí
tiomanta do chlár
comhpháirtíochta nua



Sheolamar an tairseach
Pointí Teagmhála Aonair
do thionscadail fuinnimh
in-athnuaite



Deontais tugtha
i leith beagnach

16,000
feithicil leictreach
agus breis is **20,000**
luchtaire tí



47,952
áit chónaí
uasghrádaithe
lena n-áirítear **17,599**
uasghrádú chuig B2



D'fhoilsíomar na
**Réamh-mheastacháin
Fuinnimh Náisiúnta
2023** chomh maith le
sonraí cinntitheacha
fuinnimh na hÉireann
in **Energy in Ireland
2023**



Níos mó ná
**Cistiú
€44m**
tacaíocht deontais
do **3,900** gnólacht

€20m
chun tacú le

41 Tionscadail
taighde agus
nuálaíochta

Iomlán

€1.6 billiún

infheistithe i réabhlóid fuinnimh
na hÉireann

lena n-áirítear

€500 milliún

de thacaíocht Rialtais trí SEAI

Ídiú 800 GWh

fuinnimh seachanta

Laghdú

€132 milliún

ar an gcaiteachas ar fhuinneamh

9,700

post

234k tonna CO₂
seachanta

Ráiteas ón gCathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a chur i láthair i leith na bliana 2023, bliain ina ndeachaigh an t-athrú aeráide i bhfeidhm go mór ar an-chuid pobal in Éirinn agus ar fud an domhain.

“Tá deireadh tagtha leis an téamh domhanda, agus tá an bhruith dhomhanda tosaithe”, a dúirt Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, tar éis d’eolaithe a dheimhniú gur dócha go mbeadh lúil na bliana 2023 ar an mí is teo dar taifeadh ar domhan. Leagtar béim sa teachtaireacht ghruama sin ar na dúshláin ollmhóra atá romhainn anois. Is bagairt ollmhór é an t-athrú aeráide ar an bpláinéad agus orainn féin agus d’fhéadfadh sé deireadh a chur linn. Ní féidir béim ró-mhór a leagan ar an bpráinn atá i gceist. Ní mór dúinn gníomhú go cinnitheach le chéile chun an timpeallacht a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.

Agus muid ag obair lenár gcomhpháirtithe Eorpacha, chuamar i ngleic leis an bhfadhb anseo in Éirinn trí chreat beartais láidir a chur i bhfeidhm chun gach gné den gheilleagar a dhícharbónú. Leagadh síos spriocanna dúshlánacha don bhliain 2030 agus, ina dhiaidh sin, don bhliain 2050. Ach ní leor an beartas ann féin; caithfear é a chur i bhfeidhm. Aithnímid an ról ríthábhachtach atá againne in SEAI maidir leis an dícharbónú a chur chun cinn. Is é an ról atá againn cleachtais inbhuanaithe a chothú, an nuálaíocht a chur chun cinn, agus tionscnaimh chlaochlaithe a stiúradh chun an t-athrú aeráide a mhaolú.

Rinneamar dul chun cinn mór in 2023 maidir lenár gclár oibre aeráide a thabhairt chun cinn i réimsí éagsúla. Thacaigh SEAI, le cistiú ón Rialtas, leis an líon is airde riamh líonta tí agus iad ag iarraidh a dtithe a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de faoi na scéimeanna um uasghrádú fuinnimh baile atá á bhfeidhmiú againne. Feicfear toradh na hoibre sin ach siúl trí aon bhaile, sráidbhaile, nó eastát tithíochta.

Táimid ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe san earnáil phoiblí agus san earnáil ghnó chun cur lenár n-acmhainneacht agus chun dlús a chur leis an obair a dhéanaimid. Ar an leibhéal áitiúil, bímid ag obair le breis agus 800 Pobal Fuinnimh Inmharthana agus iad ag Foghlaim, ag Pleanáil, agus ag Déanamh. Bíonn ionchur againn i gceapadh beartais stuama, ar bhonn fianaise, tríd an taighde cuimsitheach agus an samhaltú córais fuinnimh a dhéanaimid, agus tríd an obair a dhéanaimid i gcomhar lenár máthair-roinn agus le ranna rialtais eile. Bainimid leas as an gcomhar sin chun athrú fiúntach a bhaint amach agus todhchaí atá neodrach ó thaobh carbóin de ina sprioc againn.

Agus muid ag cur go tapa le méid ár gclár, táimid ag obair chun cur leis an bhfáil a bhíonn ag lucht úsáide fuinnimh orthu. Is tábhachtaí ná riamh an rud é rialachas láidir, trédhearcach anois, tráth a bhfuil scála agus buiséad SEAI ag méadú. Ina leith sin, tugann an Bord aird ar leith ar phróisis a bhaineann leis an rialachas agus le bainistíocht riosca lena chinntiú go gcuirear i bhfeidhm sa ghnáthchúrsa iad ar fud gach leibhéal in SEAI, agus cuirfimid isteach ar dheimhniú SWIFT 3000 arís in 2024. Leanfaimid orainn ag iarraidh na caighdeáin rialachais is airde a bhaint amach inár ngnó go léir, agus béim mhór á leagan ar an gcustaiméir.

Agus muid ag breathnú chun cinn, tá an-chuid oibre le déanamh againn fós. Ní mór dúinn coinneáil leis an móiminteam a bhí go mór le sonrú in 2023. Leagamar béim ar leith ar an iarracht dícharbónaithe, agus anois caithfimid dlús a chur leis an móiminteam sin agus muid ag tabhairt aghaidh ar gach teach, gach feirm agus gach gnólacht ina ceann agus ina ceann.

Is mór ag SEAI an dlúthchaidreamh comhoibríoch leis an Aire Eamon Ryan TD agus a chuid oifigeach sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus sa Roinn Iompair, agus leis na hoifigigh sna ranna eile a mbímid ag obair leo. Táimid buíoch as an tacaíocht mhór a thugann siad dúinn i gcónaí maidir le gach rud a dhéanaimid.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe ar Bhord SEAI, a thug aghaidh go fonnmhar ar an síormhéadú atá ag teacht ar SEAI agus ar na dúshláin rialachais a ghabhann le fás tapa. Léiríonn siad go léir tiomantas iontach d’fhís agus luachanna an Údarás.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, William Walsh, agus le foireann uile SEAI as a ndúthracht agus a ndíograis le bliain anuas. Ba mar gheall orthusan a d’éirigh go geal leis an Údarás arís in 2023. Deirim leo go bhfuil torthaí a gcuid oibre le feiceáil.

Is dúshlánaí ná riamh iad na spriocanna a leagadh síos dúinn i gcomhair 2024. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an mBord, leis an lucht bainistíochta, agus le foireann SEAI agus lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Agus ár spriocanna á mbaint amach againn, tá cúrsaí fuinnimh in Éirinn á n-athrú ó bhonn againn.

Dermot Byrne

Dermot Byrne
Cathaoirleach, Bord SEAI



“Rinneamar dul chun cinn mór in 2023 maidir lenár gclár oibre i leith na haeráide a thabhairt chun cinn i réimsí éagsúla. Thacaigh SEAI, le cistiú ón Rialtas, leis an líon is airde riamh líonta tí agus iad ag iarraidh a n-áiteanna cónaithe a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de faoinár scéimeanna um uasghrádú fuinnimh baile.”

Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán ollmhór chun spriocanna uailmhianacha aeráide a bhaint amach, rinneamar an-dul chun cinn maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus éileamh a chothú. Ar fud na gclár ar fad, chuidíomar 234,000 tonna astaíochtaí CO₂ a sheachaint. Sin é an dícharbónú faoi lánseol.



2023, bhí SEAI dírithe ar ár gcuspóir a bhaint amach agus ár gclár oibre a chun i bhfeidhm, rud a leagtar amach ar bhealach mionsonraithe sa tuarascáil seo. Is é an cuspóir atá againn a bheith ar an bpríomhúdarás a chuireann chun cinn an t-athrú i dtreo fuinneamh inbhuanaithe in Éirinn. Is é an misean atá againn ná an úsáid a bhaintear as breosla iontaise a laghdú agus fuinneamh eile a úsáid ina ionad. Is eagraíocht muid atá bunaithe ar eolas. Bímid ag obair i gcomhar le saoránaigh, le pobail, le gnóilochtaí agus leis an Rialtas. Is comhoibrithe, nuálaithe, lucht cistithe agus oideoirí iontaofa muid.

Chuaigh SEAI ó neart go neart i ngach réimse in 2023. Sa chéad bhliain iomlán tar éis COVID, bhí dúshlán mór romhainn i dtaobh na spriocanna uailmhianacha a bhaint amach i leith na haeráide, agus rinneamar an-dul chun cinn maidir lenár gclár oibre a chur i bhfeidhm agus le héileamh a chothú. Ar fud na gclár, chuidíomar 234,000 tonna astaíochtaí CO₂ a sheachaint. Sin é an dícharbónú faoi lánseol.

Bhíomar ag obair ar bhonn práinne ionas go mbainfí amach na spriocanna uailmhianacha maidir le dícharbónú a leag an Rialtas síos. Ní mian tá i gceist leis na spriocanna sin. Is cuid de fhreagairt dhomhanda riachtanach iad ar an athrú aeráide chun féachaint chuige go dtiocfaimid slán. Agus an tuarascáil seo á scríobh agam in 2024, caithimid súil siar ar gheimhreadh sa tír seo arbh é an t-aonú séasúr déag as a chéile é ina raibh an teocht os cionn an mheáin¹. I mí Aibreáin 2024, i dtuarascáil maidir le Staid na haeráide san Eoraip ó Sheirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide, cuireadh teachtaireacht dhuairc in iúl agus luadh gurb í an Eoraip an mhór-roinn is tapa atá ag téamh agus go bhfuil an teocht ag ardú ar ráta atá thart ar dhá oiread chomh tapa leis an meánráta domhanda². Chuireamar tús leis an mbliain 2023 i gcomhthéacs ár dtuarascála féin ó mhí na Nollag 2022, ina sonraítear gur tháinig méadú 5.4% ar astaíochtaí CO₂ i réimse an fhuinnimh in Éirinn in 2021. Bhí na hastaíochtaí ag dul ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimh COVID agus meastar go mbeidh méadú eile fós i gceist ar bhonn sonraí tosaigh maidir le 2022.

Is léir gur gá aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus níos lú ola, gáis, guail agus móna a úsáid agus muid ag freastal ar na riachtanais fuinnimh. Tá Éire tiomanta do bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoin mbliain 2050 agus do laghdú 51% a bhaint amach i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Leagtar amach na cuspóirí sin, atá ceangailteach de réir dlí, san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Is é an ról atá againn an bealach a léiriú

ó thaobh na smaointeoireachta de agus cláir mhionsonraithe a chur ar fáil maidir le hearnálacha éagsúla lena leagtar amach gníomhartha praiticiúla atá bunaithe ar an mbeartas uailmhianach.

Tá sé de chúram orainn ár staitisticí fuinnimh bliantúla agus ár réamh-mheastacháin bhliantúla i dtaobh astaíochtaí ón fhuinneamh a thiomsú, a anailísiú agus a fhoilsiú agus d'fhoilsigh SEAI roinnt tuarascálacha agus doiciméid léargas in 2023 maidir leis an bhfuinneamh a ídímid, agus lenár bhfeidhmíocht chomhfhreagrach i gcomparáid lenár spriocanna fuinnimh. I dteannta lenár dtaighde, idir thaighde a dhéanaimid féin agus chistiú a thugtar do dhaoine eile chun teacht ar réitigh a chuirfidh dlús leis an athrú fuinnimh, cuireadh léargas ar fáil i dtaighde SEAI agus chuidigh sé le cinntí a bhain le ceapadh beartais in 2023, go háirithe maidir le pleanáil náisiúnta i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide agus maidir le ceangaltas aeráide an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

In 2023 thacaigh SEAI le huasghrádú fuinnimh i leith 47,900 áit chónaithe, sin méadú 76% i gcomparáid le 2022. I measc na n-áiteanna cónaithe a ndearnadh uasghrádú orthu, baineadh Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 nó níos fearr amach i leith 17,600 acu. Áiteanna cónaithe sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh a bhí i gceist le beagnach 5,900 acu, a ndearnadh uasghrádú saor in aisce orthu, sin méadú 38% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Caiteachas caipitil €319.6 milliún a rinne SEAI chun áiteanna cónaithe a uasghrádú in Éirinn, ar bhonn infheistíocht mhór ón Stát. Sin méadú 70% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is é an t-athrú cultúir atá ar siúl faoi láthair ná an gníomhú ar son na haeráide, iarfheistiú a dhéanamh ar áiteanna cónaithe agus áiteanna cónaithe nua a thógáil atá ar chaidheáin i bhfad níos airde.

Príomhréimse eile den bheartas aeráide is ea an t-iompar agus bunaithear é sin ar na prionsabail seo a leanas: Seachain – taisteal, Aistrigh – chuig modhanna iompair a laghdaíonn astaíochtaí, agus Feabhsaigh – le feidhmíocht agus teicneolaíochtaí breosla níos fearr. Príomhchuspóir de bheartas iompair an Rialtais go dtí 2030 is ea líon na gciliméadar a thaistealaítear sa charr a laghdú de 20%. Is éard atá i gceist leis sin ná aistriú chuig seirbhísí iompair phoiblí agus taisteal gníomhach agus a chinntiú go mbeidh siad neodrach ó thaobh carbóin de amach anseo. In 2023, b'fheithiclí leictreacha iad 20% de na gluaisteáin nua a díoladh. Cuireann SEAI réimse deontas ar fáil chun feithiclí leictreacha a cheannach agus chun pointí luchtaithe

a chur isteach ag áiteanna cónaithe agus áit a bhfuil gnóilochtaí, agus tá sé ag tacú le tuilleadh acu a shuiteáil ar fud na tíre.

Is mol riaracháin agus rialála é SEAI. Is pointe teagmhála aonair muid a sholáthraíonn treoir faoi cheadúnais agus faoi cheadanna i leith tionscadail maidir le fuinneamh in-athnuaite in Éirinn³. Ag an am céanna, tá Ionaid Ilfhreastail againn ag a gcuirtear na seirbhísí go léir ar fáil d'úinéirí tí chun uasghrádú iomlán fuinnimh a dhéanamh. Tá ról rialála tábhachtach ag SEAI freisin. Is é SEAI an tÚdarás Faireachais Margaidh (UFM) agus déanaimid faireachán ar tháirgí ar mhargadh na hÉireann maidir le cloí le lipéadú fuinnimh an Aontais Eorpaigh agus rialacháin éicidhearthóireachta. Faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh, ní mór do sholáthraithe agus do dháileoirí fuinnimh tacú le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh in áiteanna chuidithe, i ngnóilochtaí agus i bpobail ar fud na hÉireann. Táthar ag súil go mbainfear amach 60% de sprioc éifeachtúlachta fuinnimh na hÉireann i leith 2030 ar bhonn na gníomhartha a dhéanfar faoin scéim sin.

In 2023 dhíriomar ar na próisis, na comhpháirtíochtaí agus na daoine a theastaíonn le seirbhísí a chur ar fáil go tapa, ar scála mór. Tá an chomhpháirtíocht rithábhachtach maidir lenár n-éifeachtacht agus bímid ag obair i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an earnáil oideachais, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis na húdaráis áitiúla. Tá sé ina aidhm againn cur go straitéiseach lenár n-acmhainní airgeadais agus le líon ár bhfostaithe. Ní mór dúinn cur leis an luas oibre agus lena scála ionas go mbainfidh Éire amach na spriocanna a leagadh síos.

In 2023 mhéadaigh ár líon iomlán fostaithe go dtí 227. Chaitheamar €551 milliún, sin méadú 61% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Chloíomar leis an gCód Iompair do Chomhlachtaí Stáit i ngach rud a rinneamar, agus ba mhór an tionchar a d'imríomar agus muid ag dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Táim fíorbhuíoch de na daoine a bhfuil sé de phribhléid agam a bheith i gceannas orthu in SEAI. Is diombháilte agus is eolach an dream iad. Tá an-tuiscint acu ar an misean atá againn, agus is mar gheall ar a ndíograis a éiríonn go geal linn. Gabhaim mo bhuíochas lenár gCathaoirleach, Dermot Byrne agus lenár mbord. Tá a gceannaireacht thar a bheith tábhachtach chun muid a thabhairt chun cinn. Tá an clár oibre ar a bhfuilimid i gceannas rithábhachtach anois don chéad ghlúin eile agus ba é an díogha é nach n-éireodh leis. Táimid an-bhuíoch freisin as an tacaíocht ar fad ón Aire Eamon Ryan TD agus ónár máthair-roinn.

William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmíocháin, SEAI

1. <https://www.met.ie/climate-statement-for-february-2024>

2. <https://climate.copernicus.eu/widespread-floods-severe-heatwaves-esotc-2023-puts-europes-climate-focus>

3. <https://singlepointofcontact.seai.ie/>

Athbheithniú Straitéiseach

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise SEAI 2022-2025 an fhís atá againn: a bheith inár bpríomhúdarás a stiúirann aistriú na hÉireann chuig fuinneamh inbhuanaithe ar mhaithe leis an tsochaí. Tá sé sin ag teacht lenár misean, a bheith i gcroílár réabhlóid fuinnimh na hÉireann, rud a bhainfidh amach trína spreagadh go n-úsáidfear breoslaí malartacha in ionad breosla iontaise; trí dhul i gcomhpháirtíocht le saoránaigh, pobail, gnólachtaí, agus an Rialtas; agus trí bheith faoi threoír ag an eolas agus bheith inár gcomhoibritheoirí, inár nuálaithe, inár maoinitheoirí agus inár n-ideoírí iontaoifa.

SPRIOC STRAITÉISEACH

ÉACHTAÍ NA BLIANA 2023

Ár spriocanna a bhaint amach

Baint amach na spriocanna laghdaithe carbóin atá leagtha amach againn dúinn féin thar shaolré na straitéise seo.

- Den chéad uair, rinneadh infheistiocht chaipitil de bhreis is leathbhilliún euro in aon bhliain amháin chun Éire a aistriú chuig fuinneamh glan.
- Sháraíomar an sprioc iomlán a bhí leagtha síos i dtaobh iarfheistiú: rinneadh uasghrádú ar bheagnach 48,000 áit chónaithe, fuair thart ar 17,000 acu sin rátáil BER B2 agus fuair díreach faoi bhun 6,000 acu an t-airgead go léir i leith na hoibre ó SEAI.
- Íocadh beagnach 16,000 deontas i gcomhair feithiclí leictreacha, mar aon le cúnamh deontais i leith níos mó ná 20,000 luchtair baile.
- Ar fud na gclár go léir a bhí faoi stiúir nó faoi threoír SEAI nó ar thacaigh SEAI leo, b'ionann an laghdú iomlán carbóin agus thart ar 234,000 tonna.



Ár dteachtaireacht a chur in iúl

Is glór aitheanta, iontaoifa é SEAI in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, a théann i bhfeidhm ar theaghligh, ar phobail, ar ghnólachtaí, ar an earnáil phoiblí agus ar an Rialtas chun gníomhú ar mhaithe le haistriú na hÉireann chuig fuinneamh inbhuanaithe a bhrú chun cinn, agus a chuireann ar an eolas iad ina leith sin



- Déanaimid ár ndéiceall a bheith réamhghníomhach inár gcumarsáid, agus bímid ag stiúradh comhráite rithábhachtacha, ag úsáid ár gcuid sonraí agus fianaise chun léargas eolasach a sholáthar, chun daoine a chur ar an eolas agus chun díospóireacht a spreagadh.
- I rith 2023, d'fhoilsíomar ceithre tuarascáil maidir le huasghrádú fuinnimh baile, inar sonraíodh an dul chun cinn a rinneamar i dtreo spriocanna iarfheistithe Náisiúnta.
- D'fhorbraíomar léargas bunaithe ar fhianaise ar ábhair thábhachtacha lena n-áirítear ionaid sonraí, hidrigín agus teaschaidéil chun cloí lenár gcuspóir tuairimí saineolacha a chur ar fáil.
- Chuireamar roinnt tuarascálacha sonraí agus léargais ar fáil maidir leis an dul chun cinn i ndáil le spriocanna lena n-áirítear na Réamh-Mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta, **Energy in Ireland**, agus tionscadail maidir le dearcadh an phobail i leith an fuinnimh in-athnuaithe.

Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile

Is eagraíocht oscailte, nasctha agus comhoibriúch é SEAI, a leagan béim ar an teagmháil le gníomhaireachtaí eile agus a bhaineann leas as láidreacht an mhórchórais ina mbíonn sé ag obair chun réabhlóid fuinnimh na hÉireann a chur i ngníomh.

- Glacann SEAI páirt i dtascfhórsaí fuinnimh an Rialtais lena n-áirítear an Tascfhórsa ar an Timpeallacht Thógtha, an Tascfhórsa ar Luathú Foinsí In-athnuaithe agus an Tascfhórsa ar Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta.
- Neartaíomar ár gclár san earnáil phoiblí agus thacaíomar le tuilleadh ídiú fuinnimh a sheachaint trí sheirbhísí comhairleacha, oiliúint agus cistiú caipitil. Chuir eagraíochtaí comhpháirtíochta tús le tionscadail nua chun foirgnimh a iarfheistiú, ar luach breis is €130 milliún, le cistiú 50% trí scéim **Pathfinders** SEAI.
- Chomhoibríomar le príomhpháirtithe leasmhara a bhí i mbun taighde san earnáil fuinnimh, agus á spreagadh, ar mhaithe le beartas agus eolas. I measc na mbabhtáí comhoibrithe bhí cinn le comhlachtaí náisiúnta um shamhaltú aeráide agus fuinnimh, lucht cistithe agus lucht déanta taighde fuinnimh agus ranna rialtais, agus iad go léir dírithe ar dhlús a chur le dícharbónú na hÉireann agus le gníomhartha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (PGA) 2023.
- Faoi Mheamram Tuisceana le ADEME, ár macasamhla sa Fhrainc, tá comhpháirtíocht bunaithe againn trínár féidir linn a fhoghlaim ó ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta atá ag obair ar chúrsaí aeráide agus fuinnimh. Ina theannta sin, táimid ag neartú ár gcuidirí leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh.



SPRIOC STRAITÉISEACH

ÉACHTAÍ NA BLIANA 2023

Cothú acmhainneachta agus forbairt eolais

Cur chuige i ndáil le bonneagar agus cur i bhfeidhm a oireann do bhaint amach spriocanna uaimhianacha SEAI.

Is é SEAI a léiríonn an bealach ó thaobh na smaointeoireachta faoin bhfuinneamh inbhuanaithe in Éirinn agus soláthraíonn sé léargas agus sonraí atá bunaithe ar thaighde chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi chomhlíonadh spriocanna.

- Tá sé beartaithe againn cur lenár bhfoireann agus leis an saineolas atá againn tráth a bhfuil réabhlóid fuinnimh ar bun. Bímid ag obair le comhpháirtithe seachtreacha chun ár dtairiscintí a nascadh lena gcuid tairiscintí síúd, trí threoirscéimeanna a chur ar bun chun réimsí sármhaitheasa taighde a ghíaráil agus samhaltú sonraí a dhéanamh.
- D'earcaíomar 70 ball foirne nua, idir dhaoine chun folúntais nua a líonadh agus daoine a earcú ina n-ionad síúd a fuair ardú céime nó a d'fhág SEAI, agus iad ag tarraingt ar an eolas a fuair siad chun réabhlóid fuinnimh na hÉireann a chur chun cinn.
- Chuireamar Plean Straitéiseach Fórsa Saothair 2024-2026 faoi bhráid ár máthair-Roinne. Sainítear sa Phlean conair chun an sainchúram atá orainn a chomhlíonadh, anois agus feasta, agus d'fhéadfadh sé, chuige sin, go ndúblófaí líon fostaithe na heagraíochta sa tréimhse cúig bliana amach romhainn.
- Leagamar síos an bonn le haghaidh athruithe ar na ceanglais maidir le táscairí caillteanais teasa le haghaidh teaschaidéal agus d'ullmhaíomar i gcomhair thabhairt isteach na scéime iasachta ar chostas íseal le comhpháirtithe i gCorparáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSB).
- Rinneamar trialacha allamuigh agus staidéir iompraíochta chun léargas a fháil ar dhearcaí úinéirí tí i leith an iarfheistithe.



Rannpháirtíocht lenár mbaill foirne agus tacaíocht a thabhairt dóibh

Pobal foirne ardoilte, rannpháirteach, a aithníonn gur obair rithábhachtach atá ar bun acu agus atá díograiseach ina leith, a thuigeann an tábhacht a bhaineann léi d'Éirinn agus a bhfuil a fhios acu go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo san obair thábhachtach sin.

Cultúr eagraíochta a léiríonn ár luachanna inar féidir le gach ball foirne fás, forbairt agus a chion féin a dhéanamh.



- Tá ár ndaoine fíor-riachtanach chun an sainordú atá orainn a chur i gcrích. Rinneamar dul chun cinn maidir leis an eagraíocht a fhás agus daoine tréitheacha nua a earcú le linn 2023.
- Thugamar faoi iniúchadh cultúir chun léargas a fháil ar cé muid féin agus conas a dhéantar rudaí in SEAI. Bhíomar sásta leis an leibhéal ailínithe agus ba dhíol suntais é a mhéid a bhí luachanna na díograise agus an dúthrachta le sonrú.
- Táimid ag obair ar bhonn gníomhartha inar féidir linn feabhsuithe a dhéanamh ar nós próisis a chuichóiríú agus a bheith níos gaire fós do chustaiméirí.
- Tá comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú i gcroílár ár Straitéise Daoine. In 2023, sheolamar straitéis nua agus choinníomar ár gCreidiúnú Airgid d'Infheisteoirí san Éagsúlacht ó lonad na hÉireann don Éagsúlacht.

Creat láidir rialachais

Comhlíonaimid na caighdeáin is airde rialachais chorporáidigh.

- Cuirimid an dea-chleachtas i bhfeidhm i gcúrsaí rialachais, agus leagaimid béim ar é a leabú i gcultúr na heagraíochta. Chuige sin, glacaimid cur chuige gníomhach i dtaobh rioscaí a shainithint agus a bhainistiú.
- Rinne SEAI Comhaontú Maoirseachta nua leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i mbliana, rud a neartaíonn na scruithe foirmiúla maidir le tuairiscíú agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí SEAI.
- Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste scrúdú ar fheidhmíocht scéimeanna áirithe i ndáil le háiteanna cónaithe a iarfheistiú, lena n-áiríodh caibidil inar leagadh amach a thorthaí sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022, a foilsíodh i Meán Fómhair 2023. Chuir SEAI fáilte roimh an léargas agus na moltaí a bhí san athbheithniú sin.



Iarfheistiú Náisiúnta

Teastaíonn athrú cultúir, athrú córasach, agus díograis phearsanta chun tabhairt faoin ngníomhú ar son na haeráide. Nuair a fheicimid féin na gníomhartha a chuidíonn leis an dícharbónú, agus nuair a fheicimid an tairbhe a bhaintear astu, is mó an fonn a bhíonn orainn athruithe córasacha a lorg, athruithe a dhéanfaidh difríocht níos mó. Baineann an-chuid buntáistí le huasghrádú fuinnimh baile, ar an leibhéal pearsanta, i ndáil leis an aistriú fuinnimh atá ar bun in Éirinn. Bíonn tithé uasghrádaithe níos teo, níos compordaí, níos sláintiúla, agus cosnaíonn sé níos lú airgid iad a rith. Cuirtear le luach an tí freisin.

B'ionann an 47,900 uasghrádú fuinnimh baile ar tacaíodh leo trí scéimeanna deontais SEAI arna gcistiú ag an Rialtas in 2023 agus méadú 76% ar líon na mbabhtáí uasghrádaithe a rinneadh in 2022. Ba é an sprioc a leagadh síos do 2023 ná 37,000. As measc na n-áiteanna cónaithe a ndearnadh uasghrádú orthu, baineadh rátáil B2 nó níos airde amach i leith 17,600 acu agus ba thithe sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh iad beagnach 5,900 acu, a ndearnadh uasghrádú saor in aisce orthu. Léiríonn sé sin an fonn atá ar dhaoine anois tabhairt faoi uasghrádú fuinnimh baile, rud a chuireann dlús leis an athrú cultúir, agus líon mór úinéirí tí mar a bheadh ambasadóirí ann i measc a gcairde, a dteaghlai agus a gcomharsan chun iadsan a spreagadh an rud céanna a dhéanamh.

Nuair a tharlaíonn sé sin ar fud na gcéadta míle teach, agus ar fud na n-earnálacha go léir, is féidir dícharbónú a dhéanamh ar scála mór. I gcomhthéacs an chuspóra fhadtéarmaigh sin, in 2023 phróiseáil SEAI breis agus 67,400 iarratas ar an scéim uasghrádaithe fuinnimh baile, méadú 35% bliain ar bhliain. Tá an buiséad is airde riamh ag SEAI in 2024 – níos mó ná €430 milliún – i gcomhair scéimeanna uasghrádaithe fuinnimh baile agus pobail, agus beifear in ann dlús eile fós a chur leis an iarracht sin.



Greg Heylin as Tír an Iúir, Baile Átha Cliath


D'éirigh go hiontach le suiteáil grianphainéal ar áiteanna cónaithe in 2023: rinneadh 22,214 babhta uasghrádaithe, sin níos mó ná dhá oiread an líon a rinneadh in 2022. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an raon dreasachtaí, a éasca atá an obair shuiteála, na tairbhí láithreacha i dtéarmaí costais laghdaithe fuinnimh agus an cumas leictreachais in-athnuaite, inbhuanaithe a ghiniúint duit féin. Cé gur tháinig ardú 65% ar líon na dteaschaidéal a suiteáladh in 2023, caithfear cur go mór le dlús agus scála na hiarrachta sin. Is é an teaschaidéal an chéad rogha córais téimh i gcás áiteanna cónaithe nuathógtha agus tá teaschaidéal á roghnú ag níos mó úinéirí tí anois le cur in ionad a gcuid seanchoirí ola agus gáis. Thóg SEAI ar a fheachtas margaióchta agus faisnéise chun an teicneolaíocht sin a chur chun cinn. Leanamar ag iniúchadh bealaí chun an próiseas a chuicóiriú d'úinéirí tí a chuireann isteach ar an deontas i gcomhair teaschaidéil, agus é i gceist é sin a chur i bhfeidhm in 2024.

Is scéim ilbhliantúil í an scéim Deontais Fuinnimh Pobail faoina bhfuiltear ag cothú píblíne éilimh chun tacú le huasghrádú fuinnimh san earnáil phobail. Áiríodh leis na tionscadail phobail foirgnimh phobail, ionaid oideachais/scoileanna, áiseanna pobail agus spóirt, gnólachtaí áitiúla, an earnáil phoiblí agus tionscadail neamhbhrabúis nó tionscadail charthanachta. Rinneadh uasghrádú ar 601 áitreabh in 2023.

Faoin bPlean Náisiúnta Iarfheistithe Cónaithe, meastar go ndéanfar uasghrádú ar bheagnach 185,000 áit chónaithe faoi 2025, agus go mbainfear rátáil B2 amach le breis is 83,000 acu, nó leibhéal optamach ó thaobh costais de. Nuair a chuirtear san áireamh an méid carbóin a sheachnófar de bharr na mbabhtáí uasghrádaithe lenar baineadh amach rátálacha eile seachas B2, is ionann é sin agus 120,000 uasghrádú B2 sa tréimhse sin. Ciallaíonn sé sin go mbeidh orainn, ar an meán, thart ar 75,000 uasghrádú baile ar choibhéis B2 a dhéanamh in aghaidh na bliana ó 2026 go 2030 chun an sprioc fhoriomlán 500,000 a bhaint amach faoi 2030. Go dtí seo tá uasghrádú déanta againn ar 132,721 áit chónaithe, agus bhí 36,115 acu sin ar rátáil BER B2 nó níos fearr. Tá fianaise shoiléir ann go bhfuil borradh faoin éileamh agus faoin soláthar arao. Beidh an dá bhliain atá romhainn rithabhachtach chun

ár spriocanna a bhaint amach agus chun an bhunchloch a leagan le haghaidh cur go mór le luas feidhmíthe na gclár go léir chun spriocanna 2030 a bhaint amach.

Is é an chúis is mó nach mbainfí amach spriocanna 2025 agus 2030 ná gan dóthain oibríthe oilte a bheith ann chun an t-uasghrádú fuinnimh baile a dhéanamh. Is fíor gur laghdaigh leibhéal an bhoilscithe san earnáil foirgníochta in 2023 agus gur tháinig maolú ar shrianta sa slabhra soláthair. Mar sin féin, cé go bhfuil an fháil atá ar lucht saothair chun oibreacha iarfeistithe a chur i gcrích ar an riosca is mó faoi láthair i dtaobh uasghrádú a dhéanamh, ba cheart aird a thabhairt freisin ar an ngá atá ann éileamh a chothú i measc an phobail. Is é an dúshlán atá ann ná éileamh a chothú agus freastal air.



Teastaíonn athrú cultúir, athrú córasach, agus díograis phearsanta chun tabhairt faoin ngníomhú ar son na haeráide.



Earnáil an Ghnó, an Earnáil Phoiblí agus an Earnáil Iompair

Ní mór dlús mór a chur leis an dícharbónú ar fud na n-earnálacha gnó, poiblí agus iompair chun ár sprioc náisiúnta a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030 agus mórspriocanna an Aontais Eorpaigh don bhliain 2030 a bhaint amach. Cúram dúshlánach is ea é ach is iontach an deis é freisin. Ní mór dúinn breathnú arís ar an gcaoi a gcuirimid seirbhísí poiblí ar fáil agus ar an gcaoi a mbíimid ag gluaiseacht agus i mbun gnó in Éirinn.

Cabhraíonn Clár Comhpháirtíochta Earnála Poiblí SEAI le comhlachtaí poiblí airgead a spáráil, an comhshaoil a fheabhsú, agus oibleagáidí náisiúnta spárála fuinnimh a chomhlíonadh. Tá go leor de na mórúsáideoirí fuinnimh san earnáil poiblí ag obair linn chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú. Bímid ag obair le gach cuid den earnáil poiblí, agus faoi láthair tá 47 comhaontú comhpháirtíochta nua sínithe

againn leis na heagraíochtaí earnála poiblí is tiomanta ar fud na tíre. Réachtáil SEAI seisiúin oiliúna don earnáil poiblí agus d'fhreastail 3,600 duine orthu in 2023. Tá dea-shampla léirithe ag na heagraíochtaí sin, agus is chun ár leasa uile an rath a bhíonn orthu.

Meastar go bhfuil caiteachas thart ar €2.5 billiún ar fhuinneamh seachanta ó bhí 2009 ann. Chuir 345 comhlacht poiblí agus 3,015 scoil tuairisc chugainn ar úsáid fuinnimh, agus feabhas 32.5% ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh a baineadh amach i gcomparáid le bonnlíne 2009. In 2022, an bhliain iomlán dheireanach a bhfuil figiúirí ar fáil ina leith, bhí astaíochtaí gás ceaptha teasa nach ón leictreachas iad 3.9% faoin mbonnlíne (meán 2016-2018), agus bhí iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2022 17.3% faoin mbonnlíne chéanna. D'éirigh go maith leis an earnáil poiblí i dtaobh tairbhe níos mó a bhaint as an méid céanna fuinnimh, ach ní mór an tairbhe céanna sin a bhaint as méid níos lú fuinnimh anois.

Is é an cúram atá orainn i gcomhpháirtíochtaí ar fud na hearnála poiblí ná dlús a chur leis an dul chun cinn. D'fhreastail breis agus 600 ionadaí ó ar fud na hearnála poiblí ar Chomhdháil Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid SEAI, imeacht a bhíonn ar siúl gach uile bhliain. In 2023 tháinig méadú mór ar ghníomhaíocht ar fud chlár iarfheistithe *Pathfinder* na hearnála poiblí. Rinneadh thart ar €130 milliún a infheistiú i ngníomhaíochtaí dícharbónaithe (beagán os cionn 50% de sin a tháinig ó SEAI) ar fud scoileanna, ospidéal agus foirgnimh poiblí, rud a rachaidh chun tairbhe an phobail ar fad. Tá clár *Pathfinder* SEAI ag spreagadh éifeachtúlacht fuinnimh san Earnáil Phoiblí trí chistiú caipitil, comhpháirtíochtaí agus tacaíocht theicniúil.

Mar chuid d'aistriú na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe, tá feithiclí leictreacha tagtha chun cinn mar phríomhchur chuige chun astaíochtaí carbóin a laghdú san earnáil iompair. Ní mór tuairim is leath den fhlit gluaisteán náisiúnta a leictriú chun an sprioc a leagtar síos don earnáil iompair sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach i dtaobh astaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030. Is ón earnáil iompair a thagann thart ar 40% d'astaíochtaí fuinnimh na hÉireann. Táimid ag dúbailt an mhéadaithe ar líon na bhfeithiclí leictreacha bliain ar bhliain agus táimid ar an mbóthar ceart chun ár sprioc a bhaint amach i dtaobh 175,000 gluaisteán leictreach a bheith ar an mbóthar faoi 2025. In 2023 feithiclí leictreacha ab ea breis is 20% de na gluaisteáin nua a ceannaíodh, an líon is mó fós, agus chuir SEAI tacaíocht deontais ar fáil i gcomhair beagnach 16,000 feithicil leictreach. Ag an am céanna, tá béim phráinneach ar níos mó pointí luchtaithe poiblí a chur ar fáil agus thugamar cúnamh deontais i leith níos mó ná 20,000 luchtaithe baile in 2023.

Tá gá le comhoibriú, agus in 2023 d'fhorbair SEAI comhpháirtíochtaí dícharbónaithe leis na mórúsáideoirí fuinnimh inár Líonra Fuinnimh do Mhórhionscail. Cuideachtaí a chaitheann €1 milliún nó níos mó in aghaidh na bliana ar fhuinneamh atá páirteach ann. Bíonn SEAI ag obair leis na cuideachtaí sin,

205 dár mórúsáideoirí, a fhostaíonn 144,000 duine agus a úsáideann 18% d'fhuinneamh na hÉireann, chun a bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus a n-astaíochtaí iomlána a laghdú. Ina dhiaidh sin, déanann SEAI a gcuid líonraí a ghíaráil chun dul i bhfeidhm ar réimse i bhfad níos mó fiontar i measc a gcuid custaiméirí agus soláthraithe.

Tá tacaíochtaí forbartha ag SEAI do bheagnach 300,000 FBM ar fud na hÉireann. Déanaimid teagmháil leo, cuirimid ar an eolas iad, tacaímid leo agus spreagaimid gníomhaíocht trínár ndeontais, chun cabhrú leo deiseanna an dícharbónaithe a thapú.

Bunaíodh ár nAcadamh Fuinnimh do ghnólaigh beaga chun cabhrú lena mbainisteoirí agus lena mbaill foirne teacht ar thuiscint ar an gcaoi a n-úsáideann siad fuinneamh agus ar an méid is féidir leo a dhéanamh chun níos lú de a úsáid. Cuireadh oiliúint ar níos mó ná 8,000 duine tríd an Acadamh, agus cuireadh oiliúint ar 2,500 as an líon sin in 2023 féin. Ina theannta sin, chuireamar oiliúint maidir le bainistíocht fuinnimh ar 650 gnólacht. Cuireann SEAI dearbhán €2,000 ar fáil do FBManna freisin chun iniúchadh fuinnimh ardchaighdeán a fháil déanta ar a ngnó agus bhí breis agus 1,000 Dearbhán Iniúchta Fuinnimh curtha ar fáil faoi dheireadh 2023.

In 2023 leag SEAI síos bunraitheanna chun gearáil a dhéanamh ar an athrú i bhfad níos mó atá le teacht. Toisc gur comhlacht stáit muid, tá cúram nua orainn agus muid inár rialtóir a leagann síos treoirlínte agus a thugann dearbhú. Áiríonn ár ról freisin gnóthaí rialála: is muidne an tÚdarás um Fhaireachas ar an Margadh Fuinnimh agus riarthóir rialála na Scéime um Oibleagáidí Éifeachtúlachta Fuinnimh. In 2023 bhí 18 bhfeachtas ghníomhacha ar bun againn ó thaobh faireachas ar an margadh fuinnimh, a bhí dírithe ar threalamh sonrach a úsáideann fuinneamh, agus chaitheamar cuid mhór de 2023 ag obair lenár máthair-roinn agus leis na Soláthraithe Fuinnimh faoi Oibleagáid chun aistriú chuig leibhéal nua gníomhaíochta éifeachtúlachta fuinnimh.



Rinne Bus Éireann athnuachan ar a chomhpháirtíocht le SEAI chun tiomantas do spriocanna 2030 a léiriú. Is eiseamláir é san earnáil poiblí maidir le treoirhionscail busanna leictreacha a chur i bhfeidhm i mBaile Átha Luain agus ansin é a chur i bhfeidhm ar scála níos mó (i Luimneach).



Deontais tugtha i leith beagnach

16,000

feithicil leictreach agus breis is 20,000 luchtaithe tí

Níos mó ná
Cistiú
€44m

tacaíocht deontais do
3,900 gnólacht

2,500
eagraíocht eile
cláraithe le hAcadamh
Fuinnimh SEAI agus oiliúint
curtha ar **650** gnólacht maidir
le bainistíocht fuinnimh

Earnáil Phoiblí
47 Comhlacht poiblí
tiomanta do chlár
comhpháirtíochta nua

3,600

Rannpháirtí in imeachtaí
oiliúna / faisnéise

€130m

Caite ar thionscail iarfheistithe

18
Feachtas
gníomhach
ar bun ag an
Údarás um
Fhaireachas
Margaidh


Léargas ar Thaighde agus Beartas

€20m

chun tacú le

41

Tionscadal taighde agus nuálaíochta



Sheolamar an tairseach **Pointí Teagmhála Aonair** do thionscadail fuinnimh in-athnuaite

D'fhoilsíomar sonraí fuinnimh cinntitheacha na hÉireann ar ar bunaíodh an tuarascáil **Energy in Ireland 2023**

8

Líon na dteicneolaíochtaí amach ón gcósta ar tacaíodh leo le haghaidh tástáil fréamhshamhail ar shaoráid LIR



Foilsíodh suirbhé bonnlíne ar dhearcadh an phobail i leith tionscadail ghaoithe agus ghréine



Sheolamar próiseas chun **inbhuanaitheacht bithmhaise** a fhíorú

Is Údarás náisiúnta é SEAI, ról a bhfuil freagracht ag gabháil leis. Is lucht forfheidhmithe agus comhairleoirí muid araon i ndáil leis an mbeartas náisiúnta fuinnimh. Cabhraimid lenár máthair-roinn, leis an Rialtas go léir, leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus le saoránaigh agus páirtithe leasmhara a bhíonn ag comhoibriú linn. Tá sé ina aidhm againn a bheith inár spreagthóirí agus inár dtreoirí san athrú socheacnamaíoch is mó ón uair a tharla an réabhlóid thionsclaíoch. Cuid riachtanach dár bhfeidhm is ea fíricí údarásacha agus fianaise údarásach a sholáthar, agus sonraí a úsáid chun teacht ar eolas a oireann d'fheidhmeanna praiticiúla.

Is fianaise ríthábhachtach iad ár sonraí agus ár dtaighde do lucht déanta beartas agus don phobal. Is uainne a thagann na sonraí fuinnimh cinntitheacha d'Éirinn agus chuir siad bonn eolais faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, ina leagtar amach athruithe ollmhóra ar ár mbonneagar fuinnimh agus ar an gcur chuige a bhíonn againn i leith an fhuinnimh. Cuirfear le scála an leictreachais in-athnuaite ionas gur 80% den iomlán a ghintear a bheidh ann faoi 2030. Déanfar leathmhíliún áit chónaithe a uasghrádú, rud a laghdóidh astaíochtaí carbóin, agus beidh gach foirgneamh nua saor ó astaíochtaí faoi 2030. Is cúis imní é go leagtar amach i réamh-mheastacháin fuinnimh a rinneamar le déanaí nach leor an iarracht mhór sin féin chun ár spriocanna náisiúnta a bhaint amach, bunaithe ar bheartais agus ar an bhfás a mheastar a thiocfaidh ar an éileamh a bheidh ar fhuinneamh.

Is é an chéad chéim i dtreo teacht ar réiteach ná meabhair a bhaint as an dúshlán. Níl mórán ama againn, ach tá bearta ann is féidir linn a dhéanamh chun an scéal a chur ina cheart. Mar gheall ar chineál carnach ár spriocanna, tá mórghníomh ceartaitheach riachtanach chun cloí leis an dara tréimhse buiséid carbóin, 2026 go 2030. Ach tabhairt



Sheolamar **an Rianaire Iompraíochta i Réimsí an Fhuinnimh agus an Iompair**

faoin iarracht atá de dhíth anois, is féidir linn a chéile agus na glúnta atá le teacht a choinneáil slán, in Éirinn agus ar domhan.

Cuireadh tús le timthriall samhaltaithe nua do 2024 i Meán Fómhair 2023 agus cuirfear réamh-mheastacháin nua ar fáil go luath in 2024. Breathnófar i dtimthriall 2024 ar bheartais agus ar bhearta nua atá le tabhairt isteach faoi Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024, agus ar ár dtiomantas don Eoraip trínár bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

Teastaíonn meastóireacht agus samhaltú chun athrú a bhaint amach ar fud earnálacha éagsúla, ar scála nach bhfacthas riamh cheana, mar aon le tuiscint chriticiúil ar iompraíocht daoine agus ar na nithe a spreagann iad. Tá sé de chúram ar SEAI tabhairt faoin mbearna a líonadh idir an áit a bhfuilimid agus an ceann scríbe. Déanaimid an bhearna sin a thomhas agus a mhapáil chun tacú le lucht déanta beartas na cinntí is gá a dhéanamh chun gníomhartha sonracha a chur i bhfeidhm ar bhonn forleathan. Is é an leigheas is fearr ar an eagla ná an dóchas, agus is é an ról atá againne fianaise a sholáthar, fianaise lenar minic a leagtar béim ar an fhírinn lom, ach is é a bhíonn i gceist againn an dóchas a bheith fite fuaite leis an ngníomhaíocht.

Maidir le teas, is é atá freagrach as 35.6% d'astaíochtaí fuinnimh na hÉireann agus in 2022 (an measúnú bliana iomláine is déanaí) ba le breosla iontaise a freastalaíodh ar 94% de riachtanas teasa na hÉireann. As an riachtanas teasa sin, ba ag an earnáil chónaitheach a bhí 45.3% de. I Staidéar Náisiúnta Teasa SEAI, a foilsíodh in 2022, leanadh ar aghaidh ag soláthar bonn fianaise cuimsitheach do chinntí an rialtais maidir le pleananna dícharbónaithe teasa a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an téamh ceantair chun foirgnimh a théamh. Tá réitigh éifeachtacha againn chun dul i ngleic le dúshlán ollmhóra.

Is muidne Pointe Teagmhála Aonair ainmnithe na hÉireann le haghaidh treoir ar gach gné den cheadúnú agus den cheadú



Rinneadh Réamh-mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta 2023 a shamhaltú agus a fhoilsiú

i ndáil le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Déanaimid an próiseas níos éasca tríd an bhfaisnéis go léir a thabhairt le chéile in aon áit amháin d'fhorbróirí atá ag beartú tabhairt faoi thionscadal fuinnimh in-athnuaite. I rith na bliana rinne SEAI tuilleadh dul chun cinn freisin ar fhorbairt Shuíomh Tástála Fhuinneamh Mara an Atlantaigh, a bheidh ar cheann de na suíomhanna tástála in Éirinn a gcuireann SEAI tacaíocht ar fáil dóibh. Le chéile, spreagfaidh siad go mbainfear leas as acmhainneacht na hÉireann i dtaobh fuinneamh amach ón gcósta.

Faoinár gclár um Chistiú Taighde, Forbartha agus Taispeána, déantar cistiú ar thaighde chun réitigh a sholáthar agus chun fáil réidh le constaicí atá idir muid féin agus an réabhlóid fuinnimh ghlain. In 2023 dámhadh €20 milliún ar bhreis is 40 tionscadal faoin gclár, idir an réimse acadúil agus earnáil na tionsclaíochta. Faoi thionscadal amháin a ndearnadh infheistíocht ann, scrúdófar bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus todhcháil ísealcharbóin a chinntiú do Lucht Siúil na hÉireann, daoine sa chóras Soláthair Dhírigh agus pobail easáitithe a bhfuil cónaí orthu i dtithe soghluaiste. Faoi thionscadal eile, cuirfear teicnící anailíse sonraí agus intleachta saorga i bhfeidhm ar mhaithe le dearadh agus oibriú optamach chun an córas poiblí busiumpair a leictriú. Tacaímid leis an smaointeoireacht agus líonaimid an bhearna idir taighde agus beartas. Fágann sé sin go mbíonn an deis is fearr ag Éirinn na cinntí is fearr a dhéanamh.

Fuair tionscadal NIMBUS DENIM cistiú tríd an gClár um Chistiú Taighde, Forbartha agus Taispeána.



Feidhmeanna Rialála

SEAI INA ÚDARÁS UM FHAIREACHAS MARGAIDH

Ag deireadh 2022, bunaíodh SEAI go foirmiúil mar Údarás na hÉireann um Fhaireachas Margaidh (ÚFM) i leith na Treorach Éicidhearthóireachta ón Aontas Eorpach, Rialachán an Aontais maidir le Lipéadú Fuinnimh, agus an Rialachán ón Aontas maidir le Lipéadú Boinn. Tá ÚFM SEAI freagrach as comhlíonadh na rialachán sin a chinntiú.

In 2023, thug SEAI faoi ghníomhaíochtaí faireachais margaidh i gceithre réimse leathana:

- **Comhlíonadh a chur chun cinn:** feachtas a mhúscaill agus oideachas a chur ar ghnólaicthe faoi na hoibleagáidí atá orthu faoi rialachán ábhartha
- **Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a fhíorú:** tabhairt faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe comhlíontacha atá pleanáilte amhail iniúchtaí ar asraonta miondíola agus láithreáin ghréasáin, seiceálacha ar dhoiciméadacht agus tástáil saotharlainne ar tháirgí, a roghnaítear ar bhonn riosca go hiondúil
- **Imscrúduithe:** déantar go hiondúil iad mar fhreagra ar líomhaintí faoi neamhchomhlíonadh a fuarthas ó thríú páirtithe nó mar fhreagra ar fhaisnéis a bheith ag SEAI faoi sháruithe a d'fhéadfaidh a bheith tromchúiseach a bheith á ndéanamh ar na rialacháin
- **Aghaid a thabhairt ar neamhchomhlíonadh:** is iondúil gurb é a bhíonn i gceist leis sin dul i dteagmháil le gnólaicthe chun féachaint chuige go mbainfeadh amach comhlíonadh i gcás táirgí neamhchomhlíontacha nó go dtarraingeofar siar ón margadh iad.

Clúdaíonn gníomhaíocht faireachais margaidh SEAI raon leathan táirgí, idir tháirgí tí agus táirgí tráchtála, lena n-áirítear téamh, téamh uisce, soilsiú, fearais leictreacha, caidél uisce, mótar leictreacha, agus boinn.

Mórghníomhaíochtaí faireachais margaidh a rinne SEAI le linn 2023:

- Rinne SEAI cigireacht ar 83 asraon miondíola chun leibhéal chomhlíontachta lena n-oibleagáidí faoin Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Lipéadú Fuinnimh a mheas. Taispeánadh lipéid fuinnimh i gceart i gcás 83% de na 17,247 táirge a ndearnadh cigireacht orthu, méadú ó 72% an bhliain roimhe

sin. Bhí iarrachtaí SEAI an comhlíonadh a chur chun cinn ina gcuidiú maidir leis an bhfeabhas sin a tháinig ar an bhfeidhmíocht.

- Ina theannta sin, rinne SEAI cigireacht ar 62 láithreán gréasáin miondíoltóra agus ar 34 fógra amhairc chun comhlíonadh na rialachán i dtaobh lipéadaithe a mheas. Thug SEAI feabhsuithe móra ar aird, go háirithe i ndáil le láithreáin ghréasáin na miondíoltóirí móra. Is iondúil iadsan a bheith comhlíontach anois i gcás fhormhór na dtáirgí atá ar díol. Tá feabhas tagtha ar chúrsaí tar éis dúinn dul i dteagmháil le miondíoltóirí trí mheán cigireachtaí, cruinnithe duine le duine agus seimineáir ghréasáin, agus trí threoir maidir le comhlíonadh a chur ar fáil dóibh.
- Rinne SEAI measúnuithe foirmiúla comhlíontachta ar 182 táirge agus tástáil sé 24 táirge i saotharlanna chun comhlíonadh teicniúil a mheasúnú. I gcás ina bhfuarthas amach go raibh táirgí neamhchomhlíontach, chinntigh SEAI go ndearna na gnólaicthe lena mbaineann beart chun aghaidh a thabhairt ar na neamhchomhlíonadh sin, amhail na táirgí a tharraingt siar ón margadh nó beart a dhéanamh chun féachaint chuige go mbeidís comhlíontach.
- D'fhorbair SEAI treoir do mhiondíoltóirí chun cabhrú leo cloí leis na rialacháin, lena n-áirítear modúl oiliúna do bhaill foirne miondíola maidir le comhlíonadh lipéadaithe fuinnimh, agus ábhair chun cabhrú leo comhairle a chur ar thomhaltóirí maidir leis an bhfaisnéis a bhíonn ar lipéid fuinnimh.
- D'fhoilsigh SEAI ceithre thuarascáil faoi fheachtais faireachais margaidh chun cur leis an bhfeachtas ar ár gcuid oibre agus chun tacú le gnólaicthe i dtaobh na Rialacháin a chomhlíonadh.
- Glacann SEAI páirt i dtrí thionscadal comhghníomhaíochta arna geistíú ag an Aontas Eorpach, agus é ag obair i gcomhar le ÚFManna ó Bhallstáit eile den Aontas. Éascaíonn na tionscandaí sin do chomhroinnt na dea-chleachtais agus don chomhordú ar fheachtais faireachais margaidh.



- Rinne SEAI athbhreithniú agus beachtú ar an gcreat rialachais do ÚFM lena n-áirítear bainistíocht a dhéanamh ar oifigeach údaráithe agus coistí Rialála agus Athbhreithnithe Cásanna a bhunú, lena chinntiú go ndéantar maoirseacht ar chinnteoireacht ar shlí atá i gcomhréir iomlán le Creat Údaráis Tharmilgthe.
- Choinnigh SEAI leis an rannpháirtíocht náisiúnta agus Eorpach le páirtithe leasmhara ábhartha. Rinneamar cathaoirleacht ar na Grúpaí Comhair Riaracháin um Éicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh ag a dtagann ÚFManna ó ar fud an Aontais le chéile chun faisnéis a roinnt, caidreamh a chothú, dul i ngleic le saincheisteanna sonracha agus, ar bhonn níos ginearálta, bealaí a aimsiú chun faireachas margaidh a fheabhsú ar fud an Aontais.
- In 2023, chuir SEAI i bhfeidhm córas nua bainistíochta cásanna lena chinntiú go bhfuil bainistíocht éifeachtach á déanamh ar an gcásobair a dhéanamh sé i gcáil ÚFM. Bhaineamar úsáid freisin as ransaitheoir gréasáin (uirlis intleachta saorga) le tabhairt faoi cigireachtaí ar líne ar lipéid fuinnimh, rud a chabhraigh linn déileáil le scála mór an mhargaidh ar líne. Tá SEAI ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt agus úsáid uirlisí TF den sórt sin chun tacú leis an obair a dhéanaimid ar fhaireachas margaidh, agus tá ár n-eolas á roinnt againn lenár gcomhghleacaithe ar fud an Aontais.

AN SCÉIM UM OIBLEAGÁID ÉIFEACTÚLACHTA FUINNIMH

Ó bhí 2014 ann, ní mór do na mórchuideachtaí fuinnimh atá ag feidhmiú in Éirinn spriocanna bliantúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (SOÉF). Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tacaíonn páirtithe faoi oibleagáid le tithe, le gnólaicthe agus le heagraíochtaí eile infheistíocht a dhéanamh i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh amhail teaschaidél, insliú agus feithiclí leictreacha. Ós rud é gurb é riarthóir na scéime é, tá SEAI freagrach as na spriocanna a ríomh, as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus as tuairisciú don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus do pháirtithe leasmhara eile. Tá an scéim bunaithe ar chóras láidir bainistíochta cáilíochta, lena chinntiú nach nglacfar ach le catagóirí incháilithe spárla fuinnimh.

Tugadh faoi chéim nua den scéim ag tús 2023 nuair a tugadh isteach rialachán nua chun an scéim a ailíniú níos mó le huailmhianta an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag Éirinn. I measc na n-athruithe is tábhachtaí a rinneadh, bhí siad seo a leanas:

- **Béim úr ar fheabhas mór a chur ar an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh i gcás áiteanna cónaithe.** Faoin bhfo-spríoc i leith áiteanna cónaithe, leagtar síos nach mór leibhéal íosta feabhais a chur ar BER áite cónaithe, lena gcinnteofar go seasfaidh an spáráil fuinnimh an aimsir agus go gcuideofar le baint amach spriocanna aeráide na hÉireann.
- **I gcás áiteanna cónaithe atá sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh, díreofar na hiarrachtaí ar fheabhas a chur ar na tithe is deacra a théamh.** Maidir leis an bhfo-spríoc i dtaobh áiteanna cónaithe sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh, ní mór tithe incháilithe a fheabhsú ó BER D2 nó níos measa go B2 nó níos fearr. Ba cheart

gur feabhas mór a bheadh ansin do na teaghlaigh a bhaineann leas as an scéim, agus ba cheart go bhféadfadh sé níos éasca orthu é íoc as a dtithe a théamh.

- **Athrú ar an bhfo-spríoc is mó, le sainchúram trasearnála nua**
San aicme 'foirgnimh seachas foirgnimh chónaithe' a bhí sé sin roimhe seo, agus is amhlaidh anois gur foirgnimh a thagann faoin bhfo-spríoc seo is ea 85% dóibh siúd a thagann faoi SOÉF, agus clúdaítear gach earnáil i ndáil le spáráil fuinnimh i gcás an úsáideora deiridh. Tá tionscandaí mhórscaála sna hearnálacha tionsclaíochta agus tráchtála fós incháilithe, agus bíonn spáráil fuinnimh faoi réir tomhais agus fíorú ina gcás siúd. Is féidir uasghrádú ar áiteanna cónaithe aonair agus feithiclí leictreacha a chur san áireamh freisin, agus is ar bhonn measta a chinntear an méid fuinnimh a spáráiltear. Le chéile, tá an raon iomlán tionscadal atá incháilithe faoin sprioc seo ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta dícharbónaithe.

In 2023, aistríodh chuig ceanglais nua na scéime, agus fógraíodh na bearta deiridh do sprioc 2022 i mí an Mheithimh. Ar an iomlán, i rith na bliana féilire 2023, spárladh thart ar 515 GWh fuinnimh deiridh faoi SOÉF. Áiríodh leis seo uasghrádú fuinnimh ar níos mó ná 9,500 áit chónaithe agus 1,300 áit ghnó.

Mar fhreagra ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, dearadh an chéim de SOÉF ina bhfuilimid faoi láthair chun méid fuinnimh a spáráil arb ionann é agus 60% de sprioc éifeachtúlachta fuinnimh na hÉireann. Nuair a rinneadh athmhúnlú ar an Treoir i Meán Fómhair 2023, méadaíodh an sprioc. Mar gheall air sin, déanfar athbhreithniú ar SOÉF in 2024, chun aon leasuithe fíachtanacha a chur i bhfeidhm sula ndéanfar an Treoir nua a thrasú i ndlí na hÉireann.

POINTE TEAGMHÁLA AONAIR

Faoi I.R. 350/2022, ceapadh SEAI ina chomhlacht cur chun feidhme le haghaidh na gné treorach d'fheidhm an Phoince Aonair Teagmhála le haghaidh Fuinnimh In-athnuaite, ceanglas a leagadh amach ar dtús i dTreoir II ón Aontas Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Táthar ag súil go mbeidh an Pointe Teagmhála Aonair ina sheirbhís lánrach treorach d'aon tairgeoir fuinnimh in-athnuaite a chaithfidh idirghníomhú leis an gcóras toilithe. Is é an príomhchuspóir atá ann an próiseas sin a bheith níos inrochtana, castacht a laghdú, agus an fráma ama ó thús go deireadh a laghdú, rud a chuirfidh leis an luas ar a bhfuil fuinneamh in-athnuaite á ghiniúint in Éirinn, rud atá ríthábhachtach.

In 2023, mhapáil foireann an chláir an córas toilithe iomlán i dtaobh tairgeadh fuinnimh in-athnuaite de. Tríd an bpróiseas sin, shainaitheann an fhoireann níos mó ná 60 ceadúnas agus cead éagsúil, lena n-eisiúint ag 22 comhlacht éagsúil, lena gclúdaítear 13 theicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite. Tar éis comhairliúcháin mhionsonraithe leis an raon leathan páirtithe leasmhara sin, dhear agus d'fhorbair SEAI láithreán gréasáin chun an fhaisnéis sin a thaispeáint i bhformáid áisiúil, inrochtana. Sannadh aistír úsáideora shonracha do gach teicneolaíocht in-athnuaite, lenar cuireadh san áireamh cineálacha éagsúla úsáideoirí, e.g., féintomhaltóir baile nó féintomhaltóir lasmuigh den earnáil chónaithe, eagraíocht tráchtála nó phobail, chomh maith le scála an tionscadail agus an chéim ag a bhfuil an tionscadal faoi láthair. Cuidíonn na haistír úsáideora sin leis an úsáideoir deiridh sonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal a chur isteach, agus ar a mbonn sin gintear liosta sainoiriúnaithe de cheadúnais agus ceadanna is dócha a bheidh ag teastáil. I gcás gach ceadúnais nó ceada, tá leathanach faisnéise mionsonraithe ann ar a luaitear cén áit a bhféadfadh feidhm a bheith aige, chomh maith le nasc áisiúil chuig láithreán gréasáin an chomhlachta eisiúna. D'fhoilsigh SEAI lámhleabhair a bhaineann go sonrach le teicneolaíochtaí aonair freisin, ina bhfuil breacchuntas ar na próisis toilithe a bhaineann le gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite.

Sheol SEAI an tseirbhís i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus cuireadh feachtas poiblíochta gearr ar bun a bhí dírithe ar pháirtithe leasmhara agus lucht féachana ábhartha. Ó seoladh an tseirbhís, mealladh níos mó ná 500 úsáideoir chuig an láithreán gréasáin.



Úinéirí Tí sásta tar éis dóibh a gcuid Uasghráduithe Fuinnimh Baile a fháil déanta. Natalie Garland Cooke agus Phil Cooke as Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh

Inbhuanaitheacht

Is é an príomhspríoc atá ag SEAI a bheith i gcroílár na réabhlóide fuinnimh in Éirinn. Mar a leagtar amach in áit eile sa tuarascáil, is é an cuspóir atá againn ná príomhpháirt a ghlacadh san aistriú teicniúil agus san athrú cultúir atá de dhíth.

An misean atá againn, tá sé á spreagadh ag riachtanas práinneach éiceolaíoch agus, thairis sin, ag an gcuspóir a bheith inár gcatalaíoch agus inár gceannaire ar ghluaiseacht níos leithne daoine ar mian leo a saol a chaitheamh ar bhealach difriúil trí chur chuige níos fearr a ghlacadh.

Bíonn tionchar ag ár gcuspóir ar ghnásanna laethúla na heagraíochta agus ar na bealaí a gcomhlíonaimid ár misean. Cibé rud a dhéanaimid, déanaimid ár ndícheall dea-thionchar a bheith againn ar ár ndaoine, ar an gcomhshaol, ar an margadh agus ar an bpobal, faoi chuimsiú creat láidir rialachais agus cúraim custaiméirí. Agus é sin á dhéanamh againn, léirítear inbhuanaitheacht chorparáideach sa chaoi a ndéanaimid ár misean a chomhlíonadh agus ár bhfís a bhaint amach.



Ár bhFoireann

Straitéis Daoine

Is é atá i gceist lenár Straitéis Daoine ná an plean foriomlán atá againn chun duine a mhealladh chuig ár bhfórsa saothair, iad a fhostú, oiliúint a chur orthu agus iad a choinneáil. Go luath in 2023 a seoladh í, le linn tréimhse ina raibh borradh mór faoi eagraíocht agus an-chuid athruithe ag tarlú, agus sainítear inti an cur chuige atá againn i leith an chaidrimh lenár ndaoine ar fud gach céim den saolré fostaíochta. Leagtar amach inti clár oibre uailmhianach don tréimhse cúig bliana atá amach romhainn maidir le forbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar fhórsa saothair ina bhfuil daoine oilte spreagtha a bhfuil na hinniúlachtaí, an cumas agus an acmhainneacht is gá acu chun cuspóirí straitéiseacha SEAI a bhaint amach. Leagadh amach an straitéis i gcomhthéacs Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 agus tá sí ailínithe, ó thaobh uailmhíne agus gníomhartha de, le Ráiteas Straitéise 2022-2025 SEAI. Mar sin, tá an Straitéis Daoine seo bunaithe ar bhunchloch ár bhfíse, ár misin agus ár gcreata straitéisigh. Sé cholún atá sa straitéis, ina bhfuil 60 gníomh a chuideoidh linn barr ár gcumais a bhaint amach.

Leagtar amach sa straitéis conair táirgí insóláthartha ar an leibhéal straitéiseach agus an leibhéal oibriúcháin araon. Ceapadh í lena chinntiú go bhfuil an fórsa saothair, an t-ionad oibre agus an cultúr againn chun tacú lenár ndaoine agus iad ag obair i dtreo ár spriocanna, rud a chuirfidh athrú ó bhonn ar an tsochaí.


Ar an gcaoi sin, tá sé ina aidhm againn eispéireas den scoth a sholáthar d'fhostaithe, chun saineolaithe cumasacha díograiseacha a mhealladh, a fhostú agus a choinneáil. I rith na bliana rinneamar iniúchadh cuimsitheach cultúir chun féachaint an bhfuilimid faoi réir don todhchaí. Sainaitníodh san iniúchadh cultúir sin réimsí ina bhfuil ár gcultúr an-láidir, mar shampla an chaoi a bhfuil meon ár ndaoine ag teacht le misean na heagraíochta, agus an t-éiteas atá againn i ról eagraíochta san earnáil phoiblí, a bhfuil meas againn ar an rialachas agus ar dhea-phróisis. Leagadh béim ann freisin ar réimsí inar féidir linn ár gcultúr a fheabhsú. Tá an-fhonn ar na baill foirne a bheith níos sofheagrúla, agus ár gcuid seirbhísí a sholáthar ar bhealach atá dírithe ar an gcustaiméir agus a mbaineann gné láidir dhigiteach leis. Tá cultúr á spreagadh againn a chothaíonn gach duine aonair agus gach ball foirne, ina mbíonn daoine ag comhoibriú agus i mbun nuálaíochta, agus a fhios acu go bhfuil meas orthu as a gcuid oibre chun

Éire a aistriú i dtreo fuinneamh inbhuanaithe. Déanaimid é sin le próisis atá éifeachtach agus le cultúr atá bunaithe ar ár n-éiteas i dtaobh an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe.

- Le linn 2023 dhíriomar ar ár mbranda fostóra a fheabhsú, thugamar cothrom le dáta ár láithreán gréasáin gairmeacha, ár bpróiseas i leith iarrthóirí agus ár mbeartas soghluaisteacha inmheánaí, agus leanamar ag earcú baill foirne nua. Agus scála agus luas an fháis á gcur sa mheá againn, leagamar béim ar leith ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na foirne chun cabhrú linn daoine a chomhtháthú sna foirne agus san ionad oibre.
- D'ullmhaíomar plean oibre straitéiseach cuimsitheach 2024-2026 i leith an fhórsa saothair. Is bloc tógála é an plean sin chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil an líon ceart daoine againn a bhfuil na scileanna cearta acu, atá san áit cheart, ag an am ceart, chun ár sainordú a chur i gcrích.
- Rinneamar infheistíocht i bhforbairt eagraíochtúil, agus bhunaíomar na struchtúir chun oiliúint inrochtana, chúí a sholáthar ó thaobh forbairt ceannaireachta, athbheithniú ar an oiliúint ionduchtúcháin agus tacaíocht sheasta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus d'oiliúint i ndáil le scileanna.

- Chun folláine ár bhfoirne a spreagadh agus a chothú, chuireamar roinnt tionscnaimh aireachais ar bun d'fhostaithe, agus fuarthas aiseolas an-dearfach ina leith siúd.
- Thugamar cothrom le dáta ár bpróiseas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta. I rith 2023 chuireamar breis is 400 lá oiliúna foirne ar fáil i ndáil le hábhair lena n-áirítear: sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht feidhmíochta, scileanna TF, cibearshlándáil, cosaint sonraí, saoráil faisnéise, feasacht fuinnimh, agus oiliúint d'agallóirí.
- Cuireann SEAI Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil, lena gclúdaítear comhairleoireacht rúnda, oiliúint tuismitheora agus oiliúint maidir le conair ghairme, flúirse saineolais, agus tacaíocht folláine ar líne dár mbaill foirne dhéacha agus indíreacha agus dá dteaghlaigh.
- Leanadh le gníomhaíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Fostaithe i dtimpeallacht chianoibre, lena n-áirítear measúnuithe eirgeanamaíochta agus cainteanna praiticiúla ar shaincheisteanna ábhartha.
- Cuirtear Scagthástáil Sláinte agus cúnamh folláine ar fáil do gach fostaí.
- Tionscnamh atá á stiúradh ag fostaithe de chuid SEAI is ea an Grúpa 'Mná i Réimse an Fhuinnimh' a thacaíonn le rannpháirtíocht na mban san earnáil fuinnimh agus a spreagann an rannpháirtíocht sin.

CULTÚR AGUS LUACHANNA



TÁ ÁR LUACHANNA INA mBUNCHLOCH AGAINN, AGUS IS ORTHU A BHUNAÍTEAR AN OBAIR A DHÉANAIMID AGUS AN CHAOI A nDÉANAIMID Í.



TÁIMID DÍOGRAISEACH



TÁIMID CRÓGA



TÁIMID NUÁLACH



IS SAINEOLAITHE MUID



TÁIMID COMHOIBRÍOCH



TÁ MUINÍN AG DAOINE ASAINN



Baineann fíorthábhachtach lenár ndaoine chun ár spriocanna a bhaint amach. Is é an cuspóir céanna atá acu go léir agus a spreagann iad. Tacaímid leo chun a bheith ina gceannródaithe i ndáil le hathrú ó bhonn, astu féin agus i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile.


Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú



Tháinig méadú ar ár bhfórsa saothair in 2023, agus tá 227 ball foirne againn anois. Leis an mborradh a bhí fúinn, d'éirigh an eagraíocht níos éagsúla. Agus trí bheith níos éagsúla, táimid ag dul i neart. Tá Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (CCÉC) ag SEAI, coiste gníomhach ar a bhfuil aicmí éagsúla dár mbaill foirne, agus tá ionadaithe air do gach foireann agus gach grád. Ba chúis bhróid againn é an creidiúnú leibhéil airgid a choinneáil in 2023 ó Ionad na hÉireann don Éagsúlacht.

Agus ár bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC) 2023-2025 á chur i bfeidhm againn, déanaimid faireachán ar an gcothromaíocht inscne ar fud ár n-eagraíochta. Cuidíonn sé sin linn a bheith trédhearcach maidir lenár n-aistear CÉC. Tá áthas orainn go bhfuil an bhearna phá idir na hinscíní cúngaithe arís in 2023, ó 13.03% go 8.46% agus táimid fós ag díriú ar thionscnaimh a chuideoidh linn cothromaíocht a bhaint amach.

Léirítear sa ghráf líon na bhfostaithe i ngach ceann de na gráid in 2019 agus 2023 araon, agus déantar miondealú ar fhir agus mná ina measc. Athróidh cothromaíocht inscne na bhfostaithe sa ghnáthchúrsa ó bhliain go bliain de réir mar a fhágann roinnt daoine agus a fhostaítear daoine nua ina n-áit. Le sé bliana anuas, tá an chothromaíocht inscne athraithe ó bhliain go bliain ó chomhréir 48:52 idir mná agus fir in 2018 go comhréir 54:46 idir mná agus fir ag deireadh 2023.



Is é an treocht a bhíodh ann ná céatadán níos airde ban a bheith sna hisealghráid agus céatadán níos airde fear sna hardghráid. Tá athrú ag teacht air sin, áfach, agus tá méadú ag teacht ar líon na mban atá fostaithe sna hardghráid. Go háirithe, tá athrú feicthe againn ag Grád E (Leibhéal an Bhainisteora Cláir) ó fhir den chuid is mó in 2018, go dtí cothromaíocht inscne in 2019 agus ansin mná go príomha in 2023. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí i nGrád F (Ceann Roinne), bhí céatadán níos airde fear fostaithe sa ghrád sin ag deireadh 2023.

An Comhshaol agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

Is ar an bhfuinneamh inbhuanaithe atá ár ngnó dírithe. Breathnaímid ar an bhfuinneamh inbhuanaithe ó thaobh na húsáide fuinnimh a mbíonn tionchar againn uirthi trínár gcláir, a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo, agus ar an bhfuinneamh a úsáideann an eagraíocht seo féin.

Gníomhaíocht Fhoireann Ghlas SEAI

Tá Foireann Ghlas réamhghníomhach ag SEAI, ar a bhfuil daoine den lucht bainistíochta agus baill foirne ó ar fud na heagraíochta. Faoi chathaoirleacht feidhmeannaigh shinsearaigh de chuid SEAI, tugann Bord SEAI, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an lucht bainistíochta agus an fhoireann tacaíocht iomlán do ghníomhaíochtaí na Foirne sin.



Tá an Fhoireann Ghlas ag leanúint Threochlár Gníomhaithe Aeráide 2023 na heagraíochta, agus í ag díriú go príomha ar éifeachtúlacht fuinnimh. Díródh in 2023 ar thuiscint níos fearr a chothú ar conas is féidir an éifeachtúlacht fuinnimh is fearr a bhaint amach inár bhfoirgnimh de réir mar a mhéadaíonn leibhéil foirne agus leibhéil áitíochta. Lean SEAI le sainordú na hEarnála Poiblí i dtaobh an chláir 'Úsáid Níos Lú' a chur i bhfeidhm. Is tionónta muid i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht ag lucht tráchtála, agus bímid ag obair i ndlúthpháirt lenár dtiarnaí talún agus le tionóntaí eile chun dul i bhfeidhm ar iompraíocht na mball foirne ar fud na bhfoirgneamh ina bhfuilimid. In 2023 d'aithníomar deiseanna éifeachtúlachta fuinnimh ar fud fhoirgneamh ár gceannoifige, a bhfuil rátáil BER A3 aige. Rinneamar iniúchtaí mionsonraithe ar ár bhfoirgnimh agus lorgaíomar sonraí níos mionsonraithe faoin bhfuinneamh a ídítear iontu ionas gur fearr a bhféadfaí é a thomhas agus a bhainistiú. Táimid ag déanamh dul chun cinn tréan i dtreo dheimhniú ISO50001 in 2024.

Mar a léiríodh i dtuarascáil éifeachtúlachta fuinnimh SEAI, fiú le háitíocht níos airde, tháinig méadú níos lú ná 1% ar an méid iomlán fuinnimh a ídíodh agus tháinig laghdú 12% ar an méid leictreachais a d'ídiomar.

Baineadh an laghdú sin amach tríd an gcóras teasa a shocrú ag 19°C sna míonna ina dtéitear na foirgnimh, an gá a bhí le fuarú sa samhradh a laghdú, agus iniúchtaí agus seiceálacha rialta a dhéanamh ar rialú oibriúcháin agus bainistíocht ghníomhach fuinnimh i ngach suíomh oifige. Táimid ag díriú faoi láthair ar laghduithe breise ar leibhéil soilsithe trí úsáid níos cliste a bhaint as rialuithe. Rinneadh ár n-éifeachtúlacht ó thaobh ídiú leictreachais de a fhritháireamh leis an méadú a tháinig ar an méid gáis nádúrtha a ídítear le haghaidh téimh de réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine sna hoifigí in 2023 i gcomparáid le 2022. Bhí áthas orainn laghdú foriomlán 4% bliain ar bhliain a bhaint amach i ndáil le hastaíochtaí CO₂.

Ghlac baill foirne páirt i seisiúin spriocdhírthe oiliúna a d'eagraigh an tAcadamh Fuinnimh maidir le bainistíocht fuinnimh le linn 2023.

Le linn 2023 leanamar ar aghaidh ag laghdú ár loirg comhshaoil i réimsí eile, agus ag laghdú an mhéid fuinnimh a ídítear ar bhonn díreach, trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Tá SEAI tiomanta do phrionsabail na bainistíochta comhshaoil ina chuid gníomhaíochtaí, agus spreagann sé cur i bhfeidhm prionsabail inbhuanaitheachta ina chleachtais soláthair. Iarraimid ar

thairgeoirí gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun drochthionchar ar an gcomhshaoil a íoslaghdú sa chaoi a gcuireann siad seirbhísí ar fáil agus sna hábhair a úsáidtear.

- Spreagaimid coincheap an gheilleagair chiorclaigh, seachnaímid tomhaltas nuair is féidir, amhail príontáil a laghdú, úsáid earraí indiúscartha agus plaisteacha a sheachaint, leabharlann roinnte na bhfostaithe agus úsáid a bhaint as málaí tae inmhúirínithe. Sa chás ina ndéantar earraí a thomhailt agus leas a bhaint as seirbhísí, tá cleachtais deighilte dramhaíola i bhfeidhm againn ar fud ár n-oifigí.
- D'infheistiomar in oiliúint foirne maidir le soláthar glas trí fheasacht a mhéadú agus ullmhú do chur i bhfeidhm na ngníomhartha a leagtar amach i Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Soláthair Phoiblí Ghlais 2024-2027 an Rialtais, a foilsíodh i mí Aibreáin 2024.
- Leis an Dúshlán Céimeanna san Ionad Oibre agus an Dúshlán Rothaíochta faoin tionscnamh 'Taisteal Níos Cliste', spreagtar na baill foirne le bheith gníomhach agus cuirtear soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn.

TREOCHLÁR GNÍOMHAITHE AERÁIDE SEAI

Tá SEAI faoi réir go leor spriocanna fuinnimh a leagtar síos i dtreoracha ón Aontas Eorpach agus sa reachtaíocht náisiúnta. Ina measc siúd tá:

An chéim phleanála (Bliain 1)

- Iniúchadh fuinnimh a dhéanamh, straitéis dícharbónaithe a fhorbairt, agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí d'fhoirgnimh a shainiú.
- Roghanna oiriúnacha a aimsiú chun freastal ar fhás na heagraíochta.
- Plean buiséid caipitil a fhorbairt agus tacaíocht a chothú d'iarrachtaí dícharbónaithe.

Feabhsuithe ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de

(Blianta 2-4)

- Deimhniú i leith ISO50001 a fháil agus a choinneáil.
- Córais soilsithe, rialuithe agus toisí oibriúcháil a uasghrádú.
- Feabhas a chur ar chórais teasa, aerála agus aerchóirithe agus rialuithe oibriúcháin a fhorbairt chun cur lena n-éifeachtúlacht.
- Coigeartuithe a dhéanamh ar fhoirgnimh chun freastal ar an méadú atá tagtha ar SEAI.

Suiteálacha fuinnimh in-athnuaite

(Blianta 3-4)

- Aistriú go córas teasa teaschaidéil ag 3 Plás na Páirce.
- Deiseanna a aimsiú chun córas teasa leictreach a shuiteáil i bhfoirgnimh eile.
- Staidéir féidearthachta a dhéanamh maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Painéil ghréine a shuiteáil agus cadhnaí ag gabháil leo chun fuinneamh a stóráil, de réir mar is infheidhme.

Faireachán agus tuairisciú

(Blianta 1-8)

- Faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí i gcomparáid le spriocanna laghdaithe agus an plean a choigeartú de réir mar is gá.
- Measúnuithe straitéiseacha a dhéanamh ar: Astaíochtaí scóip 3 SEAI, modhanna foirgníochta i sealcharbóin a bhaineann leis an gclár, prionsabail 'Ná Déan Dochar Mór' a chur i bhfeidhm, agus cinnteoireacht straitéiseach maidir le glacadh na gclár.
- Tionchar a thuairisciú chun tacú le hiarrachtaí SEAI i dtaobh gníomhú aeráide.
- An próiseas bliantúil Athbheithnithe Bainistíochta a leanúint faoi ISO50001.

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2023

FEIDHMÍOCHT SEAI Ó THAOBH FUINNIMH DE

Tá SEAI faoi réir go leor spriocanna fuinnimh a leagtar síos i dtreoracha ón Aontas Eorpach agus sa reachtaíocht náisiúnta. Ina measc siúd tá:

- Ár dtáscaire éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2009.
- An méid iomlán fuinnimh a ídítear a laghdú 1.9% in aghaidh na bliana ar bhonn leanúnach.

Léiríonn táscaire éifeachtúlachta fuinnimh SEAI do 2023 feabhas 55% ón mbliain bhonnlíne 2009, rud a fhágann go bhfuil a sprioc 2030 maidir le feidhmíocht fuinnimh sáraithe ag SEAI cheana féin. Go hachomair, fágann sé sin go bhfuil laghdú 55% tagtha ar an méid fuinnimh a ídíonn SEAI féin, arna thomhas ar bhonn achair urláir, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne. Bliain ar bhliain, tháinig laghdú 12% ar an méid leictreachais a ídíonn SEAI mar gheall ar thionscnaimh chun úsáid na soilse a laghdú sna hoifigí, agus tháinig laghdú 4% ar na hastaíochtaí foriomlána. Tá méadú beag tagtha ar an méid foriomlán fuinnimh a ídítear, áfach, mar gheall

ar níos mó baill foirne a bheith san oifig ó earcaíodh tuilleadh daoine in 2023, rud a d'fhág go raibh éileamh níos mó ar théamh.

Tá an deis ag SEAI a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú mar seo a leanas:

- An méid fuinnimh a ídítear a laghdú tríd an éileamh a laghdú.
- Má bhíonn gá le spás níos mó, é sin a bhaint amach trí sheirbhísí foirgneamh níos éifeachtaí nó úsáid níos éifeachtaí.
- Nuair a fheabhsaítear éifeachtúlacht na giniúna cumhachta náisiúnta nó cion an fuinnimh in-athnuaite, tiocfaidh feabhas dá réir ar an bhfactóir tiontaíthe fuinnimh phríomhúil.

Bhí tionchar ag na tosca sin go léir ar an bhfeabhas mór a tháinig ar tháscaire éifeachtúlachta fuinnimh SEAI i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne. Cuidiú mór ina thaobh sin a bhí ann gur aistrigh SEAI chuig foirgneamh oifige nua in 2019, foirgneamh a bhfuil rátáil A3 aige.

Cé gur tháinig feabhas níos mó ná 50% ar tháscaire éifeachtúlachta fuinnimh SEAI nuair a d'aistríomar go dtí ár gceanncheathrú nua i mBaile Átha Cliath, tá ár n-astaíochtaí gás

ceaptha teasa méadaithe i gcomparáid leis an mbonnlíne (meán 2016-2018). Is é is cúis leis sin go príomha ná go raibh figiúirí na bliana bonnlíne bunaithe ar an bhfoirgneamh a bhíodh ina cheanncheathrú againn i mBaile Átha Cliath, áit a raibh spás urláir i bhfad níos lú. Tá spás urláir an fhoirgnimh nua níos mó ná dhá oiread chomh mór leis sin, chun freastal ar an ardú mór atá tagtha ar líon ball foirne SEAI. Tháinig méadú freisin ar phríomhfachtóir fuinnimh SEAI toisc go bhfuil an foirgneamh nua á aeráil ar shlí mheicniúil seachas ar shlí nádúrtha.

Tá SEAI dírithe go hiomlán anois ar ár gcaiteachas iomlán ar fhuinneamh a laghdú.

Tugadh Treochlár Gníomhaithe Aeráide SEAI cothrom le dáta in 2023 agus d'fhaomh Bord SEAI é. Tá sé le fáil ar ár láithreán gréasáin. Cuimsíonn an treochlár go dtí 2030 roinnt gníomhartha lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar dhíchárbónú iomlán an chórais téimh amach anseo agus úsáidí eile, gníomhartha chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus athdheimhniú i leith ISO50001.

TÁ ACHOIMRE SA TÁBLA THÍOS AR AN bhFUINNEAMH A ÍDÍODH SNA CEITHRE FHOIRGNEAMH OIFIGE ATÁ AGAINN AGUS I NDÁIL LE FEITHICLÍ CUIDEACHTA.

Ídiú díreach fuinnimh	2023*	2022
Leictreachas (kWh TFC) <i>Soilse, TFC, cumhacht oifige, Aeráil, Téamh agus Aeroiriúnú, dhá fheithicil leictreacha, agus trí phointe luchtaithe d'fheithicil leictreacha</i>	220,572**	250,730
Gás nádúrtha le haghaidh téimh (kWh TFC)	232,760***	197,596
LPG le haghaidh Téimh (kWh)	6,885	8,390
Méideanna iomlána i ndáil le hídiú Díreach	460,217	456,716
Astaíochtaí CO₂ (kg)	119,686****	124,515

* D'fhéadfadh difríocht bheag (thart ar +/- 3%) a bheith idir na sonraí fuinnimh sa tuarascáil bhliantúil seo agus na sonraí faireacháin agus tuairiscithe náisiúnta lena n-áirítear na factóirí náisiúnta tiontaíthe carbóin, rud nach bhfuil ar fáil tráth an fhoilsithe.

** Tháinig laghdú 12% bliain ar bhliain ar an méid leictreachais a ídíonn SEAI mar gheall ar thionscnaimh chun úsáid soilse a laghdú.

*** Tá méadú 18% tagtha ar an méid gáis nádúrtha a ídítear mar gheall ar an ngeimhreach a bheith níos fuaire agus níos mó daoine a bheith sna foirgnimh.

**** Tá laghdú 4% tagtha ar astaíochtaí foriomlána SEAI ó bhí 2022 ann.

An Margadh agus an Pobal

Tá borradh seasta faoi ghnó an fhuinnimh inbhuanaithe. Clúdaítear leis sin úsáid fuinnimh ar féidir linn dul i bhfeidhm uirthi. Is muidne an t-údarás náisiúnta um fhuinneamh inbhuanaithe agus spreagann ár gclár gníomhaíochtaí gnó i ndáil le fhuinneamh inbhuanaithe i ngach earnáil. Cabhraimid le forbairt na margaí a bhaineann le dea-chleachtas agus caighdeán i ndáil leis an bhfuinneamh inbhuanaithe.

Cuireann SEAI comhairle agus tacaíocht ar fáil do gach duine agus gach dream a ídíonn fhuinneamh, bídís mór nó beag, chun cabhrú leo níos lú breoslaí iontaise a úsáid agus cur leis an úsáid a bhaineann siad as foinsí fuinnimh in-athnuaite. Déantar sin ar fud ár gclár go léir, lena gclúdaítear uasghrádú fuinnimh baile, líonraí pobail, tionscail agus gnólachtaí, an earnáil phoiblí agus an earnáil iompar. Cumasaíonn ár gclár gníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm trí mhórchóras sonraitheoirí,

soláthraithe, suiteálaithe, comhairleoirí, agus sainchomhairleoirí, agus cuidíonn siadsan go léir linn cur leis an tionchar a bhíonn againn ar an tsochaí.

Thacaigh clár SEAI le thart ar 9,700 post sa gheilleagar in 2023.

Agus muid i mbun soláthair, is nós linn iarraidh ar thairgeoirí cleachtais soláthair phoiblí ghlasa a léiriú, idir na cinn atá i bhfeidhm acu faoi láthair agus iadsan atá beartaithe. Spreagann SEAI tairgeoirí chun tionscnaimh ghlasa a fhorbairt agus faisnéis ábhartha a sholáthar ina dtaircintí maidir lena lorg carbóin, ISO14000 nó cruthúnais eile ar bheith ag obair i dtreo timpeallacht níos glaise.

Leagtar béim ar an soláthar inbhuanaithe freisin nuair a bhíonn imeachtaí á bpleanáil againn. Bainimid úsáid as seicliosta de bhearta comhshaoil ó ionaid imeachtaí féideartha agus bealaí ar líne chun toscairí a chlárú agus chun cumarsáid a dhéanamh.

POBAIL

Trínár gclár in 2023:

- Chuireamar seirbhísí meantóireachta agus comhairle ar fáil do líonra náisiúnta ina bhfuil breis is 800 pobal fuinnimh inbhuanaithe ar fud na tíre, líonra atá ag dul i méid gach uile bhliain.
- Thacaíomar go díreach le hoibreacha uasghrádaithe ar chineálacha éagsúla foirgneamh i gcás 40 tionscadal fuinnimh pobail.
- Rinneamar tuilleadh forbartha ar an scéim tacaíochta pobail um fhuinneamh in-athnuaite trí thacaíochtaí agus cúnaimh breise a sholáthar chun tionscadail in-athnuaite pobail a fhorbairt.
- Chuireamar breis agus 680 ceardlann scoile ar bun ar fud na tíre, ar fhreastail beagnach 19,000 scoláire orthu.

AISTRÍÚ CÓIR

Is éard atá i gceist le hAistriú Cóir ná aistriú lena bhféachtar chuige go roinntear na buntáistí móra a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar glas, agus go dtacaítear leo siúd a bhféadfadh cailliúint gheilleagraic a bheith i gceist dóibh – cibé is tíortha, réigiúin, tionscail, pobail, oibrithe nó tomhaltóirí iad. Sa Phlean um Aistriú Cóir ar Chríoch na hÉireann agus sa chlár oibre a ghabhann leis, glactar cur chuige bunaithe ar limistéir agus is é is aidhm leis tacú leis na daoine i limistéir shainithe i Lár na Tíre ar mó a ndeachthas i bhfeidhm orthu nuair a stopadh ag baint móna le haghaidh táirgeadh fuinnimh.

Dírítear sa chlár ar thrí thosaíocht, mar seo a leanas:

- fostaíocht a chothú trí infheistíocht a dhéanamh in éagsúlú an gheilleagair sa limistéir sin

SEAI AG TACÚ LE GNÍOMHÚ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Thacaigh SEAI, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus lenár máthair-roinn, leis an mórearnáil phoiblí chun an sainordú 'Úsáid Níos Lú' a chur i bhfeidhm, agus muid ag cuidiú le feachtais feasachta fuinnimh a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála poiblí. Cuirimid tacaíocht agus acmhainní ar fáil ar fud na hearnála poiblí go léir chun baint amach spriocanna fuinnimh níos leithne na hearnála poiblí a éascú. Chomh maith leis sin, chuir SEAI Clár *Pathway* ar siúl faoin rannpháirtíocht, chun oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí na hearnála poiblí a chuireann clár rannpháirtíochta leis an bhfoireann i bhfeidhm i ndáil le fhuinneamh san ionad oibre.



Tanya Osborne (ar dheis), SEAI, Feidhmeannach Clár, Deontais Fuinnimh Pobail; Debbie Kelliher (ar chlé), Siondróm Down, Corcaigh, Comhordaitheoir Cúraim

- roghanna soghluaisteachta cliste inbhuanaithe a sholáthar do phobail ina mbití ag táirgeadh móna roimhe seo
- tacú le hathchóirí agus athshlánú na dtailte móna díghrádaithe
- Tá ról díreach ag SEAI sa chéad agus sa dara réimse tosaíochta. Ina theannta sin, tá SEAI ina bhall den Choiste um Fhairsnéis ar Thionscadal an Aistrithe Chóir (CFCT).
- Tá dhá bhealach ann ina bhfuil tionchar ag an méadú easpónantúil ar an tacaíocht d'iarfheistiú áiteanna cónaithe ar éagsúlú an gheilleagair. Ar an gcéad dul síos, cuirtear deiseanna fostaíochta ar fáil do dhaoine i dtuathab tabhairt faoi ghairmeacha nua. Ar an dara dul síos, ó bhí 2019 ann chabhraigh na deontais le beagnach 28,000 úinéir tí i gceantar Lár na Tíre chun feidhmíocht fuinnimh a

n-áiteanna cónaithe a fheabhsú. I rith na tréimhse céanna, faoin Scéim um Thithe Níos Teo, a bhfuil lánchistiú ann ina leith, tá athrú ó bhonn déanta ar fheidhmíocht fuinnimh agus ar chompond na dtithe i gcás níos mó ná 3,600 úinéir tí leochaileach sa limistéir sin.

Ar leithligh, faoi chlár Pobail Fuinnimh Inmharthana SEAI, tacaítear le pobail ar fud na hÉireann, lena n-áirítear iad siúd i réigiún an Aistrithe Chóir, trí mheantóirí áitiúla a chur ar fáil chun cabhrú leo a n-uailmhianta a bhaint amach i dtuathab an dhíchárbónaithe de. Treoraíonn na meantóirí bunú pobail fuinnimh inbhuanaithe agus forbairt máistirphlean fuinnimh. Déanann SEAI lánchistiú ar an máistirphlean fuinnimh, lena mbunaítear bonnlíne i leith an fhuinnimh a úsáidtear sa phobal agus faoina mbunaítear clár deiseanna do thionscaddail fuinnimh.

Rialachas

RIALACHAS

Treoraíonn an Bord an eagraíocht agus beartas an rialtais á chur i bhfeidhm aige. Cuireadh go mór leis na cúraimí a bhí orainn in 2023 de réir mar a mhéadaigh ár gcaiteachas go €551.2 milliún, ó €342.9 milliún in 2022. Is téama lárnach dár gcúram rialachais é an fhreagracht as tuairisciú, as cuntasáíocht agus as tacú leis an rialtas maidir le beartas a chur i bhfeidhm. Baineann an-tábhacht leis na próisis ar a bhfuil éifeachtacht agus fiontás ár gcuid oibre bunaithe. Teastaíonn córais a sholáthraíonn cuntasacht don stát agus éascaíocht úsáide d'úsáideoirí deiridh chun acmhainní daoine agus airgid a eagrú, laistigh agus lasmuigh de SEAI, dul i bhfeidhm ar dhaoine ar fud na tíre agus tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil dóibh.

Ní díreach comhlíonadh dlíthiúil atá i gceist lenár gcuid oibre. Tá sé ina aidhm againn dea-shampla a thabhairt agus scoth na feidhmíochta a bheith againn san earnáil phoiblí.

I rith 2023, bhíomar ag obair lena chinntiú go mbeadh bonn láidir rialachais faoin méadú ar scóip agus líon na ngníomhaíochtaí, ar fud ár gclár agus ár gcóras go léir. Tá sonraí iomlána faoin gcaoi a ndéanaimid rialú níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo (féach leathanach 32).

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Glactar cur chuige iomlánaíoch i gCreat Bainistíochta Riosca SEAI, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta sainithe, mar aon le cultúr bainistíochta riosca a chothaítear san eagraíocht.

Tá freagracht ar gach ball foirne in SEAI as cloí leis an dea-chleachtas bainistíochta riosca agus cuidiú le rioscaí, teagmhais ar cúis riosca iad agus easnamh rialaithe aitheanta/féideartha a shainaithint, a bhainistiú agus a thuairisciú. Léirítear Bainistíocht Riosca SEAI níos faide ar aghaidh sa doiciméad seo (féach leathanach 36).



Cúram Custaiméirí

Táimid ar ár ndícheall ag díriú ar aistear an chustaiméara, ar phróisis a chuíchóiriú, agus ar ár gcumarsáid a shimpliú.

CÚRAM CUSTAIMÉIRÍ

In 2023, lean SEAI lenár gclár claochlaithe 'Project Evolve', clár ilbhliantúil athraithe san eagraíocht. Faoin gclár sin, cabhraítear le gach cuid den eagraíocht teacht chun cinn ar bhealach cuí, inbhuanaithe chun freastal ar an méadú mór atá ag teacht ar ghníomhaíocht agus ar éileamh ar fud na heagraíochta. Gné lárnach is ea eispéireas na gcustaiméirí, agus táimid ar ár ndícheall ag díriú ar aistear an chustaiméara, ar phróisis a chuíchóiriú, agus ar ár gcumarsáid a shimpliú.

I rith 2023, d'fhreagair ár n-ionad teagmhála custaiméirí 300,000 glao, ríomhphost agus babhta comhrá ar fud ár bpunann iomlán scéimeanna tacaíochta.

Déanaimid suirbhé leanúnach ar shásamh custaiméirí, agus d'fhreagair níos mó ná 7,000 duine an suirbhé sin in 2023. Dhá phríomhtháscaire is ea Glanscór Molta agus Sásamh Custaiméirí.

- Is táscaire caighdeánach sa tionscal é an Glanscór Molta, ar scála ó -100 go +100, lena léirítear cé a mholfadh SEAI do dhuine nó eagraíocht eile, agus meastar gur scór maith é ceann +50. Ba é meánscór SEAI ná +54.
- Is ionann an scor Sásaimh Custaiméirí agus meánchéatadán na bhfreagróirí a thug rátáil 9 nó 10 só SEAI ar scála deich bpointe maidir le sásamh foriomlán. Scór 72% a fuair SEAI.

I rith na bliana chuireamar roinnt athruithe a bhí dírithe ar chustaiméirí i bhfeidhm ar ár bpróisis san ionad teagmhála. Áirítear leo iad seo a leanas:

- Chuireamar foirm iarratais ar líne ar fáil dár scéim do dhaoine atá sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh, rud a d'fhág go bhfuil an próiseas i bhfad níos áisiúla anois. Leagadh amach an fhoirm i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ionas go bhféadfaí seiceáil ar an bpointe an raibh iarratasóir incháilithe faoin scéim.
- Chuireamar oiliúint comhairleora fuinnimh ar fáil don fhoireann túslíne go léir, rud a chuir feabhas ar a gcumas comhráite níos mionsonraithe a dhéanamh faoi uasghráduithe fuinnimh baile, agus a chur le heispéireas an chustaiméara.
- Chuireamar feabhas ar ár dteicneolaíocht um Aithint Idirghníomhach Gutha, ionas go raibh féinseirbhís ar fáil i gcás ceisteanna coitianta, foirmeacha iarratais, agus tuairisc chomhairleach BER.

Rialachas Corparáideach

Tá Ráiteas Rialachais foriomlán SEAI agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, san áireamh sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2023 a ghabhann leis seo.

Is éard atá sa rialachas ná na freagrachtaí, cleachtais, beartais agus nósanna imeachta lena dtugtar treoir straitéiseach d'eagraíocht. Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 an phríomhfhoinsé rialachais chorparáidigh i gcás SEAI, ceanglaítear ar an Údarás freisin cloí le ceanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Leagtar amach thíos forléargas ar bhearta rialachais agus tuairiscithe in SEAI.

CEANGLAIS RIARACHÁIN GHINEARÁLTA AGUS CEANGLAIS BHEARTAIS

Ar an leibhéal náisiúnta, bíonn SEAI ag obair i ndlíthpháirt leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí stáit. Tá sé sin riachtanach i gcomhthéacs a chuspóirí a chur chun cinn agus a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, ceanglais riaracháin agus ceanglais arna leagan síos ag an Aire nó ag an Rialtas. Ar an leibhéal áitiúil, bíonn SEAI ag obair i ndlíthpháirt le gníomhaireachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt ar bhealach réamhghníomhach. Tá sé sin ina bhonn faoin gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh ról lárnach ag SEAI maidir le geilleagar ísealcharbóin a bhunú trí bhearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar an aistriú go dtí cineálacha fuinnimh atá níos cliste agus níos inbhuanaithe. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht sin de réir na dtreoracha beartais éagsúla ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

AN CÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

I mí Mheán Fómhair 2016, ghlac Bord SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ina leagtar amach an dea-chleachtas maidir le rialachas corparáideach do chomhlachtaí Stáit. Cuireann SEAI seisiúin eolais ar fáil do chomhaltaí an Bhoird maidir le ceanglais an Chóid agus tá raon gníomhartha, nósanna imeachta agus tionscnamh curtha i bhfeidhm aige chun féachaint chuige go gcloifear leis an gCód. Tá a Chód Rialachais féin ag SEAI don eagraíocht, a chuimsíonn ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord SEAI athbhreithniú bliantúil ar a Chód féin agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin SEAI ag www.seai.ie.

Ina fhianaise sin, deimhníonn SEAI go bhfuiltear ag cloí leis na Codanna seo a leanas den Chód Cleachtais arna eisiúint ag an Aire Airgeadais.

CUID 1: RÓL AN BHOIRD

Ní mór don Bhoird taifid chuntasáiochta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais tráth ar bith le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Is é an Bord atá freagrach as sláine na faisnéise airgeadais agus na faisnéise corparáidí atá ar láithreán gréasáin SEAI agus as an bhfaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. I mí Eanáir 2024, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht SEAI i leith 2023, faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhríaltachtaí eile a chosc. Measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais SEAI ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais SEAI amháin an 31 Nollaig 2023.

Caighdeán Eitice

Tá creat sonrach i gcomhair Chód Rialachais SEAI ceaptha ag Bord SEAI, i gcomhairle le lucht ardbhainistíochta SEAI. Leagtar amach ann na struchtúir agus na nósanna imeachta cuí lena chinntiú go bhfuil socrúithe rialachais agus cuntasachta láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm ar fud an Údaráis. Áirítear sa Chreat sin Cóid Iompair Gnó do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann. Ceanglaítear ar chomhaltaí Bhoird agus ar bhaill foirne ainmnithe freisin an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil.

Nithe atá le Cinneadh ag an mBord

Tá Sceideal Foirmiúil Nithe faofa ag bord SEAI atá forchoimeáda go sonrach dó féin i dtaobh cinntí a dhéanamh, lena chinntiú go mbeidh treoir agus rialú an chomhlachta go daingean faoina stiúir. Leagtar amach é i gCód Rialachais SEAI.

Coinbhleacht Leasa

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha bunaithe ag Bord SEAI chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist i ndáil le lucht bainistíochta agus Comhaltaí Bhoird.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ag a chruinniú ar an 27 Márta 2024, d'fhaomh Bord SEAI Beartas agus Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta (Sceithreach), ina gcuirtear san áireamh na ceanglais nua a eascraíonn as an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Tuairiscíonn SEAI ar nochtadh cosanta don Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA) gach bliain agus foilsíonn sé an tuarascáil sin faoin 31 Márta ar a láithreán gréasáin. In 2023 fuarthas tuairisc amháin maidir le nochtadh cosanta féideartha trí chainéal tuairiscithe inmheánaigh SEAI agus shann Oifig an Choimisiúin um Nochtadh Cosanta tuairisc ionchasach amháin eile do SEAI. Cuireadh an tuairisc sin ar aghaidh chuig nós imeachta eile – ceann níos oiriúnaí – in SEAI le haghaidh imscrúdaithe.

Ráiteas Straitéise

Clúdaíonn Straitéis SEAI, ‘Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar’, an tréimhse ó 2022 go 2025 agus sheol an tAire í go foirmiúil i Meitheamh 2022. Tá sí le fáil ar láithreán gréasáin SEAI, www.seai.ie.

CUID 4: ÉIFEACTHACH AN BHOIRD

Meastóireacht Sheachtrach

Bhain SEAI deimhniú SWIFT 3000 amach ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Is é atá i gceist leis sin scrúdú agus meastóireacht neamhspleách ar nósanna imeachta rialachais chorparáidigh SEAI agus ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Ba i mí Eanáir 2021 a rinne NSAI an mheastóireacht dheireanach ar SEAI agus déanfar meastóireacht eile in 2024 i ndáil leis an deimhniúchán.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ar bhonn próiseas tairisceana, roghnaíodh an Foras Riaracháin chun tabhairt faoi Athbheithniú ar Éifeachtúlacht an Bhoird, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chun díograis an Bhoird agus na heagraíochta i leith an dea-rialachais a léiriú. Breathnaíodh ar róil agus ar fhreagrachtaí an Bhoird agus na gCoistí, ábhar fócais an Bhoird, agus caidreamh agus próisis an Bhoird. Ba idir Deireadh Fómhair 2023 agus Eanáir 2024 a rinneadh an t-athbheithniú. Cinneadh sa tuarascáil go léiríonn an t-aiseolas agus an méid a bhí le sonrú gur maith mar a fheidhmíonn an Bord agus gur cur chuige gairmiúil atá aige i dtéarmaí iompraíochta, cur chuige agus próisis. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil i dtaobh feabhsuithe chun tacú leis an mBord, agus cuirfeair i bhfeidhm de réir a chéile iad.

CUID 6: TUAIRSCIÚ GNÓ AGUS AIRGEADAIS

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais SEAI agus cuirtear faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad, in éineacht le Tuarascáil Bhliantúil SEAI, i gcomhréir leis an Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Áirítear leis sin scrúdú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a ullmhaítear uair sa bhliain. Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha sin ar fáil don Aire de réir na gceanglas a leagtar amach in Alt 1.9 sa chuid den Chód Athbheithnithe ina gclúdaítear ceanglais ghnó agus airgeadais.

CUID 7: BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Bainistíocht Riosca

Forbraíodh measúnú riosca cuimsitheach agus beartas bainistíochta in SEAI agus tá an creat bainistíochta riosca foriomlán faofa ag an mBord. Tá sásraí cuí bunaithe ag Bord SEAI agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun faireachán agus athbheithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

Athbheithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh

Coinníonn SEAI ar bun córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh agus cuireann sé i bhfeidhm é. Déanann na hiniúchóirí inmheánacha seachfhoinisithe athbheithniú bliantúil ar an gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais, agus rinneadh an t-athbheithniú sin i leith 2023.

An t-athbheithniú ar rialuithe inmheánacha agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach le haghaidh 2023, a ghabhann leis an athbheithniú, tá siad faofa ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca SEAI agus ag an mBord. Deimhnítear an t-athbheithniú sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirleach ar rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach leathanach 50).

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí atá comhdhéanta go cuí ag SEAI de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil aige, atá faofa ag an mBord.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha sonracha aige, arna bhfaomhadh ag an mBord, a ndéantar athbheithniú orthu ar bhonn bliantúil.

CUID 8: MÁTHAIR-ROINN AGUS RÓL MAOIRSEACHTA

Comhaontú Maoirseachta

Tá Comhaontú Maoirseachta foirmiúil idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus SEAI, ina leagtar amach an mórchreat rialachais agus cuntasachta faoina bhfeidhmíonn SEAI agus ina sainítear na róil, na freagrachtaí agus na hidirghníomhaíochtaí is tábhachtaí i ndáil leis an ngaolmhaireacht eatarthu. Síníodh an comhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus clúdaíonn sé tréimhse trí bliana go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2026.

Nósanna Imeachta Soláthair

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag SEAI, atá bunaithe ar threoirlínte soláthair phoiblí na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh earraí agus seirbhísí. Féachtar chuige leis na treoirlínte sin go gcomhlíontar cuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, na cóireála comhionainne agus na trédhearcachta, ar a bhfuil rialacha náisiúnta agus rialacha AE bunaithe. Faomhann an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin Plean Soláthair Corparáideach gach bliain.

Comhlíonadh ó thaobh Cánach de

Dheimhnigh an Cathaoirleach, sa litir ar leithligh a cuireadh chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, gur chomhlíon SEAI a oibleagáidí faoin dlí cánach.

An Chairt Custaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag SEAI, ina leagtar amach a thiomantas d’ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar. Áirítear sa Chairt sin nós imeachta maidir le déileáil le gearáin más ann dóibh. In 2023, fuarthas 319 gearán faoi chuimsiú an Chairt. Tá an Chairt le fáil ar www.seai.ie.

Iarscríbhinn 2020 a ghabhann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Amhail an 31 Nollaig 2023, cúigear (42%) ban agus seachtar (58%) fear a bhí i measc chomhaltaí an Bhoird. Mar sin, comhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit.

Chun tacú le cothromaíocht inscne ar an mBord seo, beidh dlúth-chomhordú agus comhar idir SEAI agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le ceapacháin chuig an mBord. Is é an tAire a dhéanann ceapacháin chuig an mBord, nuair a thagann siad i gceist, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh, 2016. Cuirfeair ceanglais Iarscríbhinn 2020 i bhfeidhm maidir le gach ceapachán chuig an mBord.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tá SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus leagtar béim san eagraíocht ar an gcomhionannas, ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú (CÉC). Tá Straitéis fhorásach CÉC ag SEAI lena n-áirítear roinnt príomhcholún arna gcur i bhfeidhm ag an gCoiste CÉC. Áirítear le colúin na straitéise beartais, foghlaim, earcaíocht agus dul chun cinn, ceiliúrhadh, seirbhísí, agus faireachán. Leis an gcur chuige sin, cinntítear go bhfeidhmímid roinnt scéimeanna a thugann deiseanna d’fhostaithe maidir

lena riachtanais ghairme agus lena gcuid riachtanas ó thaobh pearsanra. Ina theannta sin, éascaíonn Próiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta SEAI don fhorbairt gairme agus don fhorbairt phearsanta. Tá creidiúnú airgid bainte amach ag SEAI ó Ionad na hÉireann don Éagsúlacht agus leanfaimid ar aghaidh ag tógáil air.

Ar fud SEAI, tá meon fáilteach, éagsúil agus cuimsitheach againn san ionad oibre, agus i leith na seirbhísí a chuirimid ar fáil, agus is nós linn meas ar dhaoine a léiriú agus fiúntas eispéireas éagsúil agus dearcthaí éagsúla a aithint. Táimid díograiseach ina leith sin ar mhaithe le gach duine atá ag obair le SEAI agus leo siúd go léir a dtacaímid leo trínár gcuid seirbhísí.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Leis an Acht seo, a tháinig in ionad fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, déantar an dlí a bhíodh i bhfeidhm a chomhdhlúthú agus a thabhairt cothrom le dáta. Tá feidhm freisin ag forálacha na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Feidhm Ghinearálta), 2007-2020. Tá SEAI fós ag déanamh bearta cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne díreach agus indíreach, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí go léir a chosaint agus chun feasacht a mhúscailt ina chuid oifigí agus spásanna oibre baile chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann SEAI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (locaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002.

Tá sé ina bheartas ag SEAI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go n-íoctar ús déanach, más gá.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Faoi na hAchtanna thuasluaite, tugann Comhaltaí Boird SEAI Ráitis Leasa do Rúnaí an Bhoird gach bliain de réir fhorálacha na nAchtanna. Chomh maith leis sin, bíonn an dá Acht á gcomhlíonadh ag baill foirne SEAI a bhfuil poist shainithe acu.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Is comhlacht forordaithe é SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus cloíonn sé go hiomlán leis na ceanglais a leagtar amach sna hAchtanna. Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis faoi na hAchtanna a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise ag foí@seai.ie.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Is Rialaitheoir Sonraí é SEAI faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine chun príobháideachta a chosaint agus le smacht a fheidhmiú ar an gcaoi a n-úsáidtear a fhaisnéis phearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ceaptha ag SEAI agus is féidir leis an té sin cabhrú le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Is féidir iarrataí dá leithéid a sheoladh chuig dataprotection@seai.ie.

Na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, 2007-2018

Is Údarás Poiblí é SEAI chun críocha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil), 2007 go 2018 agus comhlíonann sé na hoibleagáidí a leagtar amach fúthu. Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis a thagann faoi na Rialacháin sin a sheoladh chuig aie@seai.ie

Na hAchtanna Ombudsman

Tá SEAI ar cheann de na ‘Comhlachtaí faoi shainchúram an Ombudsman’, liosta comhlachtaí ar féidir leis an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar ghearáin fúthu. Tá Oifig an Ombudsman ar fáil chomh maith chun gearáin ó dhaoine den phobal a scrúdú, má chreideann daoine gur chaith soláthraithe seirbhíse poiblí áirithe go míchothrom leo. Tá nósanna imeachta dea-fhorbartha i bhfeidhm ag SEAI maidir le gearáin a láimhseáil. Má shainithnítear aon fhadhbanna, glacann SEAI bearta cuí chun aghaidh a thabhairt orthu.

An tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas, 2019

Is comhlacht poiblí é SEAI chun críocha an Achta um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas, 2019. Leis an Acht sin, rialaítear conas agus cathain is féidir le comhlachtaí poiblí sonraí phearsanta a roinnt le comhlachtaí poiblí eile agus iad ag soláthar seirbhísí poiblí, sa chás ina dtagann an dá chomhlacht faoi raon feidhme an Achta. Breithníonn SEAI a fhreagrachtaí faoin Acht agus sonraí á gcomhroinnt aige le comhlachtaí poiblí eile, ach go dtí seo níor ceanglaíodh air Comhaontú Comhroinnte Sonraí sonracha a chur i bhfeidhm mar a bhforáiltear dó san Acht.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Tagann SEAI faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh ina dhlí ar an 14 Iúil 2003 chun bheith ina chreat reachtúil maidir le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. De réir Alt 10 den Acht, tá an Tuarascáil Bhliantúil seo á foilsiú an tráth céanna i nGaeilge agus i mBéarla. Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 ina dhlí ar an 22 Nollaig 2022 agus tá sé beartaithe leis cur go mór le cáilíocht na seirbhísí i nGaeilge a chuireann comhlachtaí Stáit ar fáil don phobal.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá sé de chúram ar gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, idirtheallú a chosc agus a gcearta daonna a chosaint i gcás a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu. Tagann sé sin faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine agus Chearta na Fhuinneamh agus Chomhionannas, 2014. I mí Eanáir 2023, sheol SEAI a straitéis nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC), atá ailínithe lena straitéisí eagraíochtúla agus daoine, agus atá bunaithe ar an obair a rinneadh agus é ag gabháil faoi chreidiúnú mar Infheisteoir Airgid san Éagsúlacht a bhaint amach ó Ionad na hÉireann don Éagsúlacht. Tá Coiste CÉC ag SEAI agus tá an Mheitheal um Dhualgas na hEarnála Poiblí, um Chomhionannas agus um Chearta Daonna ag obair faoi. Tabharfar aghaidh ar go leor de na cuspóirí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine tríd an meitheal sin. Ag an gcéim réamh-mheasúnaithe atá an obair seín faoi láthair, agus tá sé beartaithe sraith ceardlann oiliúna a chur ar bun in 2024. Tá téarmaí tagartha ag an meitheal i dtaobh stíl chothrom feidhmithe, chun teacht leis an mórchuspóir i dtaobh cearta an duine agus cúrsaí comhionannais a bhreithniú sa ghnáthchúrsa ag gach céim dár bpróisis.

Bainistíocht Riosca in SEAI

Tá freagracht ar gach ball foirne in SEAI as cloí leis an dea-chleachtas bainistíochta riosca agus cuidiú le rioscaí, teagmhais ar cúis riosca iad agus easnaimh rialaithe aitheanta/féideartha a shainnint, a bhainistiú agus a thuairisciú.

AN CUR CHUIGE MAIDIR LE BAINISTÍOCHT RIOSCA

Cuireann SEAI an dea-chleachtas i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus in ISO 31000, maidir le rioscaí a shainnint, a mheasúnú agus a rialú lena chinntiú, a mhéid is féidir, go laghdaítear iad go dtí leibhéal atá inghlactha ag an mBord maidir lena chuspóirí a bhaint amach. Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus saothrú deiseanna le forbairt agus le cur i bhfeidhm éifeachtach a dhéanamh ar straitéis SEAI.

AN CREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Glactar cur chuige iomlánaíoch i gCreat Bainistíochta Riosca SEAI, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta sainithe, mar aon le cultúr bainistíochta riosca a cothaíodh san eagraíocht.

Tá Bord SEAI freagrach as an mbunraith bainistíochta riosca a leagan síos ar fud na heagraíochta trí inghlacthacht rioscaí a chur in iúl go soiléir. Sonraítear le hinghlacthacht rioscaí an fonn atá ar SEAI dul sa seans le riosca, agus déantar é sin a chur in iúl agus a chainníochtú ar bhealach is féidir a chur san áireamh sna cinntí laethúla. Tá lucht bainistíochta SEAI freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn SEAI i gcomhréir le tuairim an Bhoird i ndáil le hinghlacthacht Riosca. Comhtháthaítear an bhainistíocht riosca ar fud gach leibhéil den eagraíocht, ionas go dtacaíonn gach leibhéal le leibhéal eile. Tá bainistíocht riosca á stiúradh ón mbarr anuas agus bíonn sí bunaithe ar struchtúir agus ar fhreagrachtaí atá sainithe go soiléir. Tá sí fite fuaite i ngnáthnósanna oibre agus i ngníomhaíochtaí na heagraíochta, agus tá na baill foirne ar fad ar an eolas faoi ábharthacht rioscaí maidir lena gculpóirí a bhaint amach. Cuirtear Dearbhú Riosca ar fáil ar bhonn trí líne chosanta: Glacann feidhmeanna céadlíne freagracht as rioscaí agus bainistíonn siad iad mar chuid dá ngníomhaíochtaí oibríochtúla, déanann feidhmeanna dara líne maoirseacht ar bhainistíocht riosca agus ar chomhlíonadh ar fud na heagraíochta agus soláthraítear dearbhú neamhspleách tríú líne trí iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha.

Le linn 2023, bhunaigh SEAI ardán TF nua chun tacú tuilleadh le sainnint agus measúnú rioscaí agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

PRÍOMHRIOSCAÍ IN 2023 AGUS NÍOS FAIDE ANONN

I rith 2023, lean SEAI á chur féin in oiriúint do na dúshláin a bhaineann le géarú práinne maidir le cur le scála na ngníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs an tionchair a bhí ag coinbhleachtaí geopholaitiúla ar an earnáil fuinnimh. Tá an Creat Bainistíochta Riosca á oiriúint agus á thabhairt cothrom le dáta ag SEAI go fóill, chun dul i ngleic leis na dúshláin agus chun bonn eolais a chur faoi phríomhchinntí, lena chinntiú go mbainfear amach cothromaíocht chuí idir deiseanna agus rioscaí. Príomhghné den Chreat Bainistíochta Riosca is ea cumarsáid agus teagmháil rialta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Déantar rioscaí SEAI a mheas i gcomhthéacs spriocanna straitéiseacha mar a léirítear sa léaráid thíos.

Sa tábla ar an gcéad leathanach eile, déantar achoimre ar na príomhrioscaí a bhainistigh SEAI le linn 2023 agus atá fós á mbainistiú aige in 2024, i gcomhthéacs a chuspóirí straitéiseacha:

SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA GO DTÍ 2025

Ár straitéis

Ár spriocanna a bhaint amach



Rannpháirtíocht agus comhoibriú seachtrach

Ár dteachtaireacht a chur in iúl



Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile



SEAI a athrú ó bhonn

Cothú acmhainneachta agus forbairt eolais



Rannpháirtíocht lenár mbaill foirne agus tacaíocht a thabhairt dóibh



Creat rialachais

Creat láidir rialachais a chur faoinár n-eagraíocht



Bainistíocht Riosca

RÉIMSE RIOSCA

CUR SÍOS AR AN RIOSCA

MAOLÚ

Straitéis



Riosca maidir leis an Straitéis a chur i bhfeidhm

Tá ról lárnach ag SEAI maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm ar son an Rialtais. Leagtar síos spriocanna agus cuspóirí uailmhianacha sa Plean, don tréimhse go dtí 2030. D'fhéadfadh rioscaí geilleagracha, sochpholaitiúla, airgeadais agus oibríocháin tionchar a imirt ar chumas SEAI príomhchláir chaipitiúla a chur i bhfeidhm agus táirgí inseachadta straitéiseacha eile a chur ar fáil, mar a leagtar amach thíos.

Tá SEAI fós ag obair ar thionscnaimh nua agus ar thionscnaimh atá i bhfeidhm cheana i gcomhair áiteanna cónaithe agus eile chun feasacht a chothú agus éileamh a spreagadh ionas gur féidir spriocanna dúshlánacha a bhaint amach.



Sainordú Straitéiseach – Claochlú agus Fás

Tá sainordú SEAI ag méadú agus ag leathnú ó thaobh castachta de chun tacú le gníomhartha a leagtar amach sa Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024. Ní mór do SEAI fás agus claochlú dá réir, agus bíonn rioscaí oibríochtúla ag gabháil leis sin.

Chun ár gcuspóirí agus ár n-uailmhianta straitéiseacha a bhaint amach, chun tacú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus chun ár gcúraimí breise sa réimse rialála a chomhlíonadh, tá SEAI ag cur le scála a chuir oibríochtaí agus le líon a fhostaithe agus ag aimsiú daoine a bhfuil scileanna agus tallann úr acu chun gníomhaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus é ina cheannródaí sa tír seo agus ar domhan.



Riosca maidir leis an Slabhra Soláthair

Bhí dúshlán fós i gceist sa slabhra soláthair linn 2023, mar gheall ar easpa acmhainne i measc conraitheoirí i réimsí áirithe de bharr ganntanas oibrithe oilte a bheith fós ann. Tá an baol ann nach mbeifear in ann an slabhra soláthair a mhéadú dóthain chun freastal ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh, rud a chuirfeadh srian ar SEAI maidir lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá faireachán á dhéanamh ag SEAI ar thionchar na ndúshlán sa slabhra soláthair agus téann sé i gcomhairle le lucht an tslabhra soláthair, agus muid ag cur lenár dtuiscint ar dhálaí margaidh eile agus conas freagairt do na dúshlán sin. Chomhoibrigh SEAI le gníomhaireachtaí seachtracha chun forbairt scileanna a spreagadh in 2023 agus ag tús 2024.

Tosca Macra-Eacnamaíocha

Tá an baol ann go mbeidh drochthionchar ag tosca seachtracha ar nós boilsciú nó cúlú ar bhaint amach cuspóirí SEAI, as a n-eascródh laghdú ar éileamh ar phríomhchláir nó iad a bheith inacmhainne.

Déanann SEAI faireachán ar an leas a bhaintear as tacaíochtaí agus bíonn sé i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun dálaí an mhargaidh faoi láthair a thuiscint agus chun freagairt mar is cuí.



Riosca Sochpholaitiúil – Riosca maidir le hAistriú Fuinnimh

Tá an baol ann go bhféadfadh tosca sochpholaitiúla seachtracha drochthionchar a imirt ar bhaint amach chuspóirí SEAI. Go sonrach, d'fhág dearcthaí agus gnéithe nua maidir le práinn an aistrithe fuinnimh gur cothaíodh éiginnteacht a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach spriocanna agus cuspóirí le linn 2023, tráth a bhfuil fadhbanna fós againn, amhail costas breoslaí iontaise le haghaidh fuinnimh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh tráth a bhfuil coinbhleachtaí geo-pholaitiúla fós ar siúl.

I rith 2023, chomhoibrigh SEAI le comhghleacaithe ina mháthair-Roinn agus i ngníomhaireachtaí stáit eile agus ghlac sé páirt ghníomhach san fheachtas 'Úsáid Níos Lú' agus sa Ghrúpa Éigeandála um Shlándáil Fuinnimh, agus beartaís á gcur in oiriúint do thosca nua aige nuair ba chúis sin.

Lean SEAI ar aghaidh ag díriú ar chur i bhfeidhm na bpríomhchlár.



Riosca maidir le Caillteanas Airgeadais / Calaois

I bhfianaise chineál an ghnó a dhéanann SEAI, lena n-áirítear deontais a sholáthar, ní mór dó an riosca a bhaineann le caillteanas airgeadais a bhainistiú ar bhonn leanúnach, agus an riosca calaoise san áireamh.

Tá rialuithe agus seiceálacha láidre airgeadais agus eile curtha i bhfeidhm ag SEAI chun calaois agus earráid a chosc agus a bhrath. Tá na rialuithe sin faoi réir athbhreithniú bliantúil maidir le hoiriúnacht agus éifeachtacht.



Riosca Cibearshlándála

An riosca go dtarlódh cibear-ionsaí a chuirfeadh isteach ar leanúnachas gnó, lena n-áirítear cur as do líonraí, córais nó sonraí.

Tá Córas Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise ag SEAI, a ndéantar athbhreithniú agus feabhsú leanúnach air (le cabhair ó shaineolaithe seachtracha nuair is gá), a bhíonn ag faire ar rioscaí cibearshlándála a thagann chun cinn. Cuirimid oiliúint éigeantach ar na baill foirne agus déanaimid tástáil treá ar na córais.

Ráitis Airgeadais Bhlíantúla

Tá tairbhí intomhaiste geilleagracha agus fostaíochta ag gabháil leis an éifeachtúlacht fuinnimh

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2002, de bhun an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 (arna leasú). Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis in Alt 6 d'Acht na bliana 2002 Is iad príomhfeidhmeanna SEAI mar a fhorordaítear in Acht na bliana 2002 (arna leasú):

- é a chur chun cinn gur ar bhealaí atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear ó fhoinsí in-athnuaite, a dhéanfar fuinneamh a tháirgeadh, a sholáthar agus a úsáid, agus cuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach;
- laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailléan aer a bhaineann le húsáid fuinnimh a chur chun cinn agus cabhrú leis;
- taighde agus forbairt teicneolaíochtaí a chur chun cinn agus cabhrú leo agus comhairle, faisnéis agus treoir a sholáthar ar ábhair a bhaineann le fuinneamh;
- gníomhaíochtaí a ordóidh an tAire ó am go ham a cheadúnú, a rialáil agus a rialú.

Cloíonn SEAI le dlíthe agus rialacháin ábhartha lena rialaítear a ghníomhaíochtaí agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (arna leasú) ('an Cód').

Leagtar amach sa Tuarascáil Rialachais seo struchtúir rialachais SEAI agus sonraítear príomhréimsí fócais Bhord SEAI in 2023.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá struchtúr an Bhoird forordaithe le reacht. Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ('an táire') a cheapann comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire Airgeadais, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh, 2016. Ainmníonn an tAire comhaltaí amháin den Bhord (seachas an Príomhfeidhmeannach) mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh suas le tréimhse uasta 8 mbliana de réir larscríbhinn 2020, ar Chomhardú Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is comhalta boird *ex officio* é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Tá an Bord cuntasach don Aire. Cuirtear cuspóirí agus tosaíochtaí an Aire in iúl don Bhord trí Phleananna Forbartha Náisiúnta, Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhaontú Maoirseachta, chomh maith le Pleananna Seirbhíse bliantúla. Bíonn plé rialta idir an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, lucht bainistíochta SEAI agus an tAire agus a chuid oifigeach.

Tá Struchtúr Coistí bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Is iad an Príomhfeidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as SEAI a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Leanann an Príomhfeidhmeannach agus an Fhoireann Ardbhainistíochta an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos

ag an mBord agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar ábhair a bhaineann le feidhmiú SEAI, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cur i gcrích a shainordaithe arna leagan síos ag an Aire. Bíonn an Príomhfeidhmeannach ina nasc díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta SEAI.

RÓL AN BHOIRD AGUS FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Leagtar amach ról leathan an Bhoird in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus sonraítear freagrachtaí níos sainiúla an Bhoird, ar leibhéal aonair agus ar leibhéal corparáideach, i gCód Rialachais SEAI. Déanann an Bord faomhadh bliantúil ar an gcód sin agus sé le fáil ar láithreán gréasáin SEAI (www.seai.ie).

Tá an Bord freagrach as mórstraitéis agus beartais a leagan síos don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Comhlíonann sé na feidhmeanna sin ar bhonn díreach agus trí fheidhmiú Coistí Boird sonracha i gcomhréir le Téarmaí Tagartha faofa. Is iad lucht bainistíochta feidhmiúcháin SEAI atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme.

Tá ábhair áirithe forchoimeáda go sonrach ag an mBord do féin le cinneadh a dhéanamh fúthu agus áirítear leis a míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- Ceanglais maidir le Córam agus Dearbhú Leasa

- Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo a fhíorú
- Nithe ag éirí as agus Pointí Gnímh gaolmhara
- Tuairisc ón gCathaoirleach
- Tuairisc ón Príomhfeidhmeannach
- Tuairiscí Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairtí Straitéise agus tuairiscí feidhmíochta SEAI
- Breithniú ar thograí soláthair agus deontais, de réir an údaráis tharmligthe arna fhaomhadh
- Breithniú ar thuiriscí ó na Coistí
- Athbhreithniú Riosca Corparáideach / Bainistíocht Riosca
- Rialachas agus nithe forchoimeáda

Faoi Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, ceanglaítear ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a dhéanfaidh an tAire a fhaomhadh, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord SEAI na nithe seo a dhéanamh:

- Beartais chuntaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh SEAI de bheith ag feidhmiú; agus
- A shonrú cé acu ar cloíodh leis na caighdeáin chuntaíochta infheidhme, agus aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Bhord taifid chuntaíochta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais tráth ar bith le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Is é an Bord atá freagrach as sláine na faisnéise airgeadais agus na faisnéise corparáidí atá ar láithreán gréasáin SEAI agus as iad a choinneáil cothrom le dáta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséid bliantúil a fhaomhadh. I mí Eanáir 2024, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht SEAI i leith 2023, faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaóis agus neamhrialachtaí eile a chosc.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais SEAI ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais SEAI amháin an 31 Nollaig 2023.

ÉIFEACTHACHT AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as mórstraitéis agus beartais a leagan síos don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tá próiseas cuí, cuimsitheach ionduchtúcháin agus forbartha i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird. Cuirtear faisnéis fairsing ar an ngníomhaireacht agus a cuid oibríochtaí ar fáil do chomhaltaí nua nuair a cheaptar iad.

Bhain SEAI deimhniú SWiFT 3000 amach ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Is é atá i gceist leis sin scrúdú agus meastóireacht neamhspleách ar nósanna imeachta rialachais chorparáidigh SEAI agus ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ba i mí Eanáir 2021 a rinne NSAI an mheastóireacht dheireanach ar SEAI agus déanfar meastóireacht eile in 2024 i ndáil leis an deimhniúcháin.

Thionóil an Bord deich gcruinniú le linn 2023. Reáchtáladh naoi gcinn de na cruinnithe sin ag 3 Plás na Páirce agus ceann amháin san RDS. I mí Feabhra 2024, i gcomhthéacs athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fhoriomlán an Bhoird, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a ghníomhaíochtaí, a oibríochtaí agus a thorthaí don bhliain 2023. Bhreithnigh an Bord an achoimre chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí ceannaireachta straitéiseacha, ar chinntí, ar mhaoirseacht agus ar an bhfaireachán a dhéanann sé ar chórais agus rialuithe in SEAI. Ar an iomlán, léirigh an anailís sin go ndearna an Bord gach iarracht a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, ar bhealach cuí, éifeachtach, de réir na gceanglas a leagtar amach san Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus sa leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tugadh faoi mheastóireacht sheachtrach ar éifeachtacht an Bhoird in 2023 agus bhreithnigh an Bord é in 2024. In 2023, ar bhonn próiseas tairisceana, roghnaíodh an Foras Riaracháin chun tabhairt faoi Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chun díograis an Bhoird agus na heagraíochta i leith an dea-rialachais a léiriú. Breathnaíodh ar ról agus ar fhreagrachtaí an Bhoird agus na gCoistí, ábhar fócais an Bhoird, agus caidreamh agus próisis an Bhoird. Ba idir Deireadh Fómhair 2023 agus Eanáir 2024 a rinneadh an t-athbhreithniú. Cinneadh sa tuarascáil go léiríonn an t-aiseolas agus an méid a bhí le sonrú gur maith mar a fheidhmíonn an Bord agus gur cur chuige gairmiúil atá aige i dtéarmaí iompraíochta, cur chuige agus próisis. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil i dtaobh feabhsuithe chun tacú leis an mBord, agus cuirfeadh i bhfeidhm de réir a chéile iad.


COMHALTÁ AN BHOIRD



Dermot Byrne
Cathaoirleach

Ceapadh é ar an 1 Meán Fómhair 2020

Is i réimse na hinnealtóireachta agus na bainistíochta fiontar a bhíodh Dermot ag obair. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar EirGrid nuair a bunaíodh é agus ina bhlianta fáis, ó 2005 go 2012. Roimhe sin bhí sé i gceannas ar ESB Networks. Ó d'éirigh sé as EirGrid, tá Dermot ag fónamh ar roinnt Bord lena n-áirítear Element Power (cuideachta forbartha gaoithe), agus VITA (gníomhaireacht forbartha Éireannach thar lear a dhírionn go tréan ar phobail tuaithe agus ar ghníomhú aeráide san Afraic Thoir). Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord VITA. Tá Dermot ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus bhí sé ina uachtarán air in 2016/17. Thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (RCAC anois) bhí sé ina chathaoirleach ar shainghrúpa a bunaíodh chun Straitéis Náisiúnta Taighde Fuinnimh a fhorbairt. Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa – *Energy Innovation Ireland* – in 2016.



An Dr Peter Brennan

Ceapadh é ar an 6 Bealtaine 2015, athcheapadh é ar an 9 Bealtaine 2018, agus d'éirigh sé as oifig ag deireadh an téarma ar an 8 Bealtaine 2023

Tá Peter ina Stiúrthóir Bainistíochta ar EPS Consulting, comhairleacht taighde beartais phoiblí, agus ina Chathaoirleach ar Bid Services, an chuideachta chomhairleach tairisceana agus soláthair is mó in Éirinn. Tá suim ar leith aige san athrú aeráide agus san fhuinneamh agus tá an-chuid saineolais aige sa réimse sin. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde IEA ar an Athrú Aeráide ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir do Chomhchoiste an Oireachtais ar an Athrú Aeráide agus Fuinneamh. Bhí sé ina léachtóir ar Chlár Máistreacht agus Teastais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar Airgeadas i réimse an Fhuinnimh Inbhuanaithe. Tá ríomhleabhar scríofa aige faoi dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Eorpacha agus Forbairt Straitéise le IBEC agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Bhiúró Gnó na hÉireann sa Bhruiséil ó 1986 go 2001. Roimhe sin bhí sé ag obair leis an Roinn Tionscail agus Fuinnimh agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.



Andrew Ennis

Ceapadh é ar an 14 Iúil 2017, athcheapadh é ar an 14 Iúil 2022

Tá Andrew ina Stiúrthóir Infheistíochtaí agus Struchtúir le Bartra Capital, a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí forbartha agus infheistíochta i roinnt réimsí de mhargadh bonneagair na hÉireann lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte agus maoin tráchtála. Is Cuntasóir Cairte é agus tá B.Comm agus M.Acc aige ó UCD. Tá taithí os cionn 20 bliain i réimse an airgeadais chorparáidigh ag Andrew i margadh bonneagair na hÉireann, i sainréimsí an fhuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaithe. Roimhe seo, bhí Andrew ag obair le hAonad NewERA i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bunaíodh chun comhairle i réimse an airgeadais chorparáidigh a chur ar Rialtas na hÉireann maidir le sócmhainní Stáit a bhainistiú agus a dhiúscairt agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar tábhachtach geilleagrach. Bhí sé ag obair freisin le NCB Corporate Finance (atá in Investec Ireland anois), agus é ag díriú ar chumaisc agus éadálacha i réimse an bhonneagair, luachálacha agus tiomsú airgid.



Ann Markey

Ceapadh í ar an 14 Iúil 2017, athcheapadh í ar an 14 Iúil 2022

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann í Ann agus tá an-taithí aici ar bheith ina ceannaire gnó, cathaoirleach coiste agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tá taithí fhairsing aici i dtionscal an leictreachais agus bhí sí ina hardfheidhmeannach le ESB agus le Greencoat Capital, príomhchuideachta infheistíochta i réimse an fhuinnimh in-athnuaithe. Bhíodh sí ag obair i ngnólachtaí seanbhunaithe leictreachais agus ag infheistiú i dteicneolaíocht iséalcharbóin agus i gcuideachtaí fuinnimh in-athnuaithe. Tá sí ina stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin ar Foresight Solar Fund Limited, cuideachta FTSE 250, a dhéanann infheistíocht i bhfontais grianchainéil ar talamh agus i gcadhnraí stórála sa Ríocht Aontaithe, sa Spáinn agus san Astráil. Is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin í ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún CGA agus tá sí ina Cathaoirleach ar a Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bhíodh Ann ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Velocys plc, cuideachta idirnáisiúnta a bhíonn ag obair ar an teicneolaíocht i réimse na mbreoslá inbhuanaithe, atá liostaithe ag AIM agus a bhfuil ceanncheathrú aici sa Ríocht Aontaithe. Is iarchomhalta í freisin de Choiste Iniúcháireachta agus Riosca FSS.



Léan Doody

Ceapadh í ar an 31 Deireadh Fómhair 2018, athcheapadh í ar an 31 Deireadh Fómhair 2023

Tá Léan ina Stiúrthóir Cathracha, Pleanála agus Dearaidh le haghaidh Arup san Eoraip. Tá taithí ghairmiúil os cionn 25 bliain aici sa tionscal lena n-áirítear obair le cliant éagsúla, idir údarais chathrach, rialtais náisiúnta agus forbróirí príobháideacha, agus ar thionscadail éagsúla a bhfuil obair fhairsing straitéise agus bheartais i gceist leo i ndáil le teicneolaíochtaí cliste a chur i bhfeidhm. Áirítear leis an obair thionscadail a rinne sí le déanaí obair straitéise agus beartais dhigitigh do rialtais na Danmhairge agus Shingearpór, d'Údarás Mhórchathair London, do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, obair in Sydney, in Canberra agus do thionscadail mhóra mháistirphleanála i Maidrid, Singearpór agus Dubai. Sa réimse sin atá ag teacht chun cinn, bhí sí ag déanamh obair ghníomhach le hinstitiúidí taighde agus comhlachtaí tionscail chun caighdeán idirnáisiúnta agus clár oibre taighde a bhunú, lena n-áirítear an *British Standards Institute* agus an tIonad um Bonneagar Cliste agus Foigríochta in Ollscoil Cambridge. Is Léachtóir Sinsearach Oinigh í i gColáiste na hOllscoile, Londain sa Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Beartais Phoiblí agus is scrúdaitheoir seachtrach í ag an *Royal College of Art* i Londain.



Joe O'Carroll

Ceapadh é ar an 28 Deireadh Fómhair 2019, athcheapadh é ar an 31 Deireadh Fómhair 2023

Tá taithí 30 bliain ag Joe in earnálacha an Fhuinnimh, na hInbhuanaitheachta, na Foraoiseachta agus na dTeicneolaíochtaí Digiteacha. Chaith sé seal ag obair in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, san Afraic agus sna Balcáin. Is Céimí san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCD é, agus tá MBA (UCC) agus Diplóma i Stiúradh Cuideachtaí (Institiúid na Stiúrthóirí) aige. Tar éis do a ghnó fuinnimh in-athnuaithe féin a bhunú, a mhéadú agus a dhíol idir 2008 agus 2017, bhí poist ardbhainistíochta aige i réimsí amhail bainistíocht ghinearálta, straitéis, tráchtálú, díolacháin agus margaiocht agus tiomsú airgid. Ba Bhainisteoir Ginearálta é Joe ar shraith Mol Nuálaíochta i Réigiún an Mheán-Oirthir, lena n-áirítear MERITS – mol do Ghnólachtaí Nuathionscanta Teicneolaíochta – agus an Mol Nuálaíochta Eachaí ag Graí Náisiúnta na hÉireann ó 2020 go 2022. Is Stiúrthóir Infheistíochta faoi láthair é le Teach Gresham, sainbhainisteoir sócmhainní, áit a ritheann sé Ciste Foraoiseachta Straitéiseach na hÉireann. Tá poist bhoird aige le Treemetrics (gnó SaaS atá lonnaithe i gCorcaigh), Fairways and FunDays (príomhthionscnóir Turas Gaill na hEorpa), agus Lochlann Enterprises (comhairleacht theicniúil san earnáil chógaíochta).



Justina Corcoran

Ceapadh í ar an 7 Bealtaine 2020

Tá Justina ina Ceann Beartais agus Rialála Fuinnimh Miondíola sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá taithí ghairmiúil os cionn 25 bliain aici san earnáil phoiblí, in an-chuid Ranna éagsúla. Bhíodh sí i gceannas ar an Iniúcháireacht Inmheánach sa Roinn agus tá tuiscint agus díograis mhór aici maidir lena chinntiú go bhfuil córas láidir, éifeachtach, fiúntach Rialachais agus Rialaithe Inmheánaigh ag eagraíochtaí. Bhí ról cheannaireachta aici freisin maidir le Tionscadail Náisiúnta amhail Oiriúnú don Athrú Aeráide, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus an Córas Náisiúnta Postchód ('Eircode').



Sharon O'Connor

Ceapadh í ar an 1 Meán Fómhair 2020

Is Comhalta de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í Sharon agus is Stiúrthóir Cairte í, agus tá taithí breis agus cúig bliana is fiche aici ar an gceannaireacht shinsearach. Is Comhalta Cairte í den Institiúid um Fhorbairt Pearsanra í, agus tá cáilíocht ghairmiúil aici sa Mhargaiocht freisin. I measc na ról a bhí aici roimhe seo tá Cathaoirleach an Údarais Oideachais i dTuaisceart Éireann agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Dhoire. Tá suim mhór ag Sharon sa rialtas áitiúil agus d'fhón sí ar an gCoimisiún um Chuntais d'Albain agus ar an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í Sharon le NI Transport Holding Co. (Translink) agus le David MacBrayne Ltd (CalMac). Idir a cuid oibre faoi láthair agus roimhe seo, cuimsítear an earnáil phríobháideach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phobail/dheonach, agus í ina húnéir gnó agus ina comhairleoir. Tá suim ar leith aici i bpleanáil pobail, in athbheochan agus i nuálaíocht san earnáil phoiblí.

COMHALTAÍ AN BHOIRD – AR LEAN

**Maria O'Dwyer**

*Ceapadh í ar an
17 Meitheamh 2022*

Tá Maria ina Ceann Bainistíochta Sócmhainní le hUisce Éireann agus is innealtóir Cairte í a bhfuil taithí breis agus 20 bliain aici san earnáil innealtóireachta agus fóntas. Ceannaire éifeachtach, straitéiseach is ea í, a bhíonn ag díriú go mór ar sholáthar trí dhaoine a chumasú. Bhí roinnt ról ardbhainistíochta ag Maria ina gairm bheatha go dtí seo le Gas Networks Ireland agus le hUisce Éireann, áit a raibh sí freagrach as clár mhóra ilghnéitheacha agus as claochlú ar an leibhéal náisiúnta. Tá céim Mháistreachta trí mheán Taighde ag Maria in Eolaíocht na hInnealtóireachta, anuas ar a bunchéim san Innealtóireacht Leictreonach (ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath). Tá Dioplómaí larchéime ag Maria freisin i mBainistíocht Slabhraí Soláthair (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus sa Chóitseáil Gnó agus Feidhmiúcháin (Scoil Ghnó Smurfit) agus tá Dioplóma i Stiúradh Cuideachtaí (Institiúid na Stiúrthóirí) aici. Bhíodh Maria ina Stiúrthóir ar Bhord Uisce Éireann.

**Robert Wasson**

*Ceapadh í ar an
17 Meitheamh 2022*

Is i réimse na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhíodh Robert ag obair, chomh maith le bainistíocht agus rialáil fóntais, bainistíocht sócmhainní agus comhairliúcháin bainistíochta. Ó thaobh fóntas de, bhí ról bhainistíochta éagsúla aige in BSL agus BSL Idirnáisiúnta, in Éirinn agus thar lear. Bhí sé freagrach as Northern Ireland Electricity a chur faoi úinéireacht nua nuair a cheannaigh BSL é, agus ansin bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin leis an gcomhlacht sin. I measc na ról a bhí aige ar bhoird roimh seo, bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le Calafort Dhroichead Átha, agus chaith sé dhá théarma ina Chathaoirleach ar Pháirc Réigiúnach an Lagáin i dTuaisceart Éireann. Maidir le comhairliúcháin, rinne sé cleachtas Feabhúsacháin Straitéise agus Feidhmíochta KPMG a stiúradh in Éirinn, agus bhunaigh sé Watershed Consulting ina dhiaidh sin, a tháinig chun cinn le bheith ina shainchomhlacht comhairliúcháin agus ina sholáthraí seirbhísí eatramhacha bainistíochta. Tá céim MBA ag Robert ó Scoil Smurfit in UCD agus is Stiúrthóir Cairte é. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí, agus d'Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta sa Ríocht Aontaithe.

**Barry McMullin**

*Ceapadh é ar an
17 Meitheamh 2022*

Is Lán-Ollamh é Barry le Dámh na hInnealtóireachta agus na Ríomhaireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá obair déanta aige agus saothair foilsithe aige in an-chuid réimsí, agus díríonn sé go mór ar chur i bhfeidhm idirdhisciplíneach eolaíocht na gcóras casta. Rinne sé tionscadail taighde a stiúradh le déanaí inar fiosraíodh an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí astaíochtaí diúltacha in Éirinn, an bhféadfaí buiséid gás ceaptha teasa ilgháis a chur i bhfeidhm i mbearta náisiúnta um ghníomhú aeráide, agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as bogearraí agus tacair sonraí rochtana oscailte chun cásanna dícharbónaithe dhomhain a fhorbairt do chóras fuinnimh na hÉireann. Bhí sé ag obair i ról shinsearach éagsúla in DCU, agus d'fhóin sé freisin mar Dhéan Feidhmiúcháin na Dáimhe, agus mar chomhalta de Chomhairle Acadúil, Grúpa Ardbhainistíochta, agus Coiste Feidhmiúcháin Ollscoil DCU. Tá sé ina chomhalta de Rannóg Fuinnimh, Comhshaoil agus Gníomhaithe Aeráide Innealtóirí Éireann, agus ba é a bhí ina Chathaoirleach Coiste sa Rannóg sin sa tréimhse 2021-2023.

**Ciarán Hayes**

*Ceapadh é ar an
9 Bealtaine 2023*

Tá Ciarán Hayes ina Phríomhoifigeach le Ciarán Hayes Consultancy Ltd., seirbhís sainchomhairleoireachta a bunaíodh in 2021 chun comhairle straitéiseach a chur ar an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Tá taithí 21 bliain aige ar an ardbhainistíocht i gcúig Údarás Áitiúla, agus chaith sé seal den tréimhse sin ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Shligigh. Fad a bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach, bhunaigh sé na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide agus an struchtúr rialachais a chuidíonn bainistiú a dhéanamh ar dhúshlán agus deiseanna na nÚdarás Áitiúil a eascraíonn as an ngeilleagar ciorclach, an inbhuanaitheacht, agus an athrú aeráide. Chuir sé i gcrích Comhaltacht Shinsearach in Ollscoil Harvard i mí na Nollag 2022 agus taighde á dhéanamh aige ar an athrú aeráide, tá Céim BA aige sa Rialtas Áitiúil agus tá Ard-Dioplóma aige sa Staidéar Ríomhaireachta. Roimhe sin, chaith sé tréimhsí ag staidéar in Harvard, i gColáiste Bhostúin agus sa Bheilg, sa Choláiste Éireannach sa Lováin. Ceapadh é ina chomhalta den Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta i mí Mheán Fómhair 2021.

**William Walsh**

Is é William Walsh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SEAL, agus roimhe seo bhíodh sé ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí agus ina Phríomhoifigeach Airgeadais leis an gcomhlacht. Tháinig William ag obair le SEAL in 2013. Sular tháinig sé ag obair le SEAL, bhí sé ag obair le IFI i ról éagsúla, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta agus Stiúrthóir ina measc. Bhí poist ardbhainistíochta aige roimhe sin san earnáil phríobháideach. Cuntasóir Cairte is ea William, tá Céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tá Dioplóma larchéime aige sa Straitéis, Nuálaíocht agus Athrú ó UCD agus tá Dioplóma aige sa Stiúradh Cuideachtaí ó Institiúid na Stiúrthóirí.

ATHRUITHE AR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

D'éirigh an Dr Peter Brennan as oifig ag deireadh a théarma ar an 8 Bealtaine 2023. Ceapadh Ciarán Hayes ar an 9 Bealtaine 2023.

Athcheapadh Léan Doody agus Joe O'Carroll don dara téarma ar an 31 Deireadh Fómhair 2023.

COISTÍ AN BHOIRD

Nuair a bhí daoine ceaptha chuig an mBord i mí na Bealtaine 2023 agus athcheaptha chuige i mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne an Bord athbhreithniú ar chomhdhéanamh a Choistí. Tá na Coistí seo a leanas bunaithe anois:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasáíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúcháirí seachtracha agus déanann sé meastóireacht agus maoirsiú ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, ar an bpróiseas bainistíochta agus measúnaithe riosca, lena n-áirítear Clár Rioscaí SEAI, agus déanann sé maoirsiú ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus féachann sé chuige go ndéantar faireachán gníomhach ar na córais rialaithe inmheánacha, agus gníomhaíochtaí iniúcháireachta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis na gcruinnithe go léir, agus tuairiscíonn sé ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Bhí clár gníomhach oibre ag an gCoiste le linn 2023 agus thug sé aghaidh ar ábhair i réimsí éagsúla: airgeadas, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus rialachas. Ar an iomlán, tionóladh seacht gcruinniú i rith na bliana. Leanann an Coiste ar aghaidh ag tabhairt léargas neamhspleách, oibiachtúil ar shaincheisteanna atá lasmuigh de na struchtúir bainistíochta laethúla.

Comhaltaí

Ann Markey

Cathaoirleach, ceapadh í ar an 6 Feabhra 2019, athcheapadh í ar an 28 Meán Fómhair 2022

Martina Maher

Comhalta seachtrach, ceapadh í ar an 31 Iúil 2019, athcheapadh í ar an 25 Bealtaine 2022

Sharon O'Connor

Ceapadh í ar an 4 Samhain 2020, athcheapadh í ar an 28 Meán Fómhair 2022

Joe O'Carroll

Ceapadh é ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh é ar an 31 Deireadh Fómhair 2023

Robert Wasson

Ceapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022

An Coiste Bainistíochta Feidhmíochta agus Luacha Saothair (CBFLS)

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh, faoi na treoirlínte atá bunaithe ag an Rialtas. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe agus an Chomhaontaithe Maoirseachta idir SEAI agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, déanann an Coiste faomhadh ar Phlean Gníomhaithe an Údaráis maidir le haon Chomhaontuithe Earnála Poiblí, nuair is infheidhme. Thionóil an Coiste dhá chruinniú in 2023.

Comhaltaí

Rinneadh na comhaltaí go léir a chéadcheapadh ar an 4 Samhain 2020 agus athcheapadh iad ar an 28 Meán Fómhair 2022

Dermot Byrne

Cathaoirleach an Bhoird

Justina Corcoran

Sharon O'Connor

Coiste na hEarnála Gnó agus na hEarnála Poiblí (CEGEP)

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht agus faireachán cuí a chinntiú ar fhorbairt/ aschuir i ndáil le Clár na hEarnála Gnó agus na hEarnála Poiblí in SEAI agus i ndáil leis an Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-Athnuaithe. Tá ról ag an gCoiste seo maidir le comhairle a thabhairt faoi chúrsaí a bhaineann le cistiú tionscal/gnó. Thionóil an Coiste cúig chruinniú in 2023.

Comhaltaí

Andrew Ennis

Cathaoirleach, ceapadh é ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022

Ann Markey

Ceapadh í ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh í ar an 28 Meán Fómhair 2022

Joe O'Carroll

Ceapadh é ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh é ar an 31 Deireadh Fómhair 2023

Barry McMullin

Ceapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022

An Comhlacht Náisiúnta Iarfeistithe (CNI)

Tá an Coiste seo freagrach as maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí, ar an leibhéal straitéiseach, maidir le bunú agus feidhmiú an Chomhlachta Náisiúnta Iarfeistithe in SEAI. Áirítear leis sin faomhadh Phlean Forfheidhmithe an Chomhlachta sin. Tá sé freagrach freisin as faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir ón gComhlacht Náisiúnta Iarfeistithe i gcomhthéacs Phleananna Gnó bliantúla SEAI. Thionóil an Coiste sé chruinniú in 2023.

Comhaltaí

Peter Brennan

Cathaoirleach, ceapadh é ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022, d'éirigh sé as oifig ar an 8 Bealtaine 2023

Dermot Byrne

Cathaoirleach Eatramhach ón 9 Bealtaine go dtí an 27 Meitheamh 2023

Maria O'Dwyer

Ceapadh í ar an 28 Meán Fómhair 2022, ceapadh ina Cathaoirleach í ar an 28 Meitheamh 2023

Léan Doody

Ceapadh í ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh í ar an 31 Deireadh Fómhair 2023

Robert Wasson

Ceapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022

Ciarán Hayes

Ceapadh é ar an 28 Meitheamh 2023

An Coiste um Beartas Taighde agus um Léargas (CBTL)

Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar chumarsáid straitéiseach agus ar bhearta chun cur le tionchar SEAI ó thaobh sonraí agus léargas a scaipeadh ar fud an mhórchórais fuinnimh. Déanann sé maoirsiú freisin ar an léargas agus ar an gcomhairle straitéiseach maidir le beartas fuinnimh a sholáthraítear don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus do Ranna Rialtais eile agus ar chomhlíonadh fheidhmeanna reachtúla SEAI maidir le Staidreamh i réimse an Fhuinnimh, Samhaltú Fuinnimh, agus leis an gCreat Náisiúnta um Shamhaltú Fuinnimh. Thionóil an Coiste ceithre chruinniú in 2023.

Comhaltaí

Justina Corcoran

Ceapadh í ar an 30 Meitheamh 2021, ceapadh ina Cathaoirleach í ar an 28 Meán Fómhair 2022

Peter Brennan

Ceapadh é ar an 30 Meitheamh 2021, athcheapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022, d'éirigh sé as oifig ar an 8 Bealtaine 2023

Barry McMullin

Ceapadh é ar an 28 Meán Fómhair 2022

Maria O'Dwyer

Ceapadh í ar an 28 Meán Fómhair 2022

Ciarán Hayes

Ceapadh é ar an 28 Meitheamh 2023

BORD SEAI 2023 – AR LEAN

TINREAMH NA GCOMHALTÁÍ BOIRD AGUS NA GCOMHALTÁÍ COISTE AG CRUINNITHE

Thionóil an Bord deich gcrúinniú le linn 2023. Reáchtáladh naoi gcinn de na cruinnithe sin ag 3 Plás na Páirce agus ceann amháin san RDS.

Comhalta Boird	An Bord (10 gcrúinniú)	CIR (7 gcrúinniú)	CBFLS (2 chruinniú)	CNI (6 chruinniú)	CEGEP (5 chruinniú)	CBTL (4 chruinniú)	Táillí Boird 2023 (€)
Dermot Byrne	10	1	2	2	2	2	11,970
Peter Brennan (a)	3	-	-	2	-	-	2,730
Sharon O'Connor	9	7	2	-	-	-	7,695
Andrew Ennis	9	-	-	-	5	-	7,695
Ann Markey	10	7	-	-	3	-	7,695
Léan Doody (c)	10	-	-	5	-	-	7,695
Joe O'Carroll (c)	9	5	-	-	4	-	7,695
Justina Corcoran	8	-	2	-	-	4	-
William Walsh	10	-	-	-	-	-	-
Barry McMullin	10	-	-	-	5	4	-
Maria O'Dwyer	10	-	-	6	-	4	-
Robert Wasson	10	7	-	6	-	-	7,695
Ciarán Hayes (b)	6	-	-	3	-	2	4,965
lomlán							65,835

- a) D'éirigh sé as oifig ar an 8 Bealtaine 2023 ag deireadh an téarma
 b) Ceapadh é ar an 9 Bealtaine 2023
 c) Athcheapadh é/i ar an 31 Deireadh Fómhair, 2023

Bhí ceathrar Comhaltaí Boird ann, Justina Corcoran, William Walsh (an Príomhfheidhmeannach), Barry McMullin agus Maria O'Dwyer, nach bhfuair táillí Boird faoin bprionsabal gur tuarastal amháin a foctar le gach duine.

Iocadh speansais arbh fhiú €4,625 iad le Comhaltaí Boird in 2023.

CEANGLAIS TUAIRISCITHE FAOIN GCÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil struchtúir agus córais bunaithe ag SEAI chun cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid.

SOCHAIRGHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chur ina gcatagóirí sna bandaí seo a leanas:

Banda Sochair €	Líon Fostaithe 2023	Líon Fostaithe 2022
60,000 – 69,999	22	20
70,000 – 79,999	29	19
80,000 – 89,999	9	9
90,000 – 99,999	20	13
100,000 – 109,999	4	4
110,000 – 119,999	5	3
120,000 – 129,999	1	3
130,000 – 139,999	3	1
140,000 – 149,999	1	0
150,000 – 159,999	0	0
160,000 – 169,999	0	1
170,000 – 179,999	1	0

Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, agus liúntais eile nuair is infheidhme, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

Tharla an ghluaiseacht i líon na mball foirne sna catagóirí tuarastail toisc gur filleadh ar rátaí pá a bhíodh i bhfeidhm roimhe seo faoi na Bearta Airgeadais

Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, toisc gur earcaíodh baill foirne bhreise de réir mar a ceadaíodh cur lena líon, agus toisc gur cuireadh i bhfeidhm an Plean um an bhFórsa Oibre.

COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó.

Sonra	2023 €'000	2022 €'000
Comhairle Ghairmiúil	452	641
Acmhainní Daonna	196	74
Feabhsú Clár/Eagraíochta	827	273
Forbairt Scéime	2,451	1,784
lomlán	3,926	2,772
Costais Chomhairleachta arna gcaipitliú	-	-
Costais chomhairleachta a cuireadh de mhúirear an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	3,926	2,772
lomlán	3,926	2,772

COSTAIS DLÍ AGUS SOCRAÍOCHTAÍ DLÍ

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla. Ní dhearnadh aon socraíochtaí le linn 2023 (2022: €15,000).

Sonra	2023 €'000	2022 €'000
Comhairle Dlí	449	533
Táillí Dlí – Imeachtaí dlí	3	93
Socraíocht	-	15
lomlán	452	641

CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHAITHE

Áiríonn an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas taistil agus cothabhála seo a leanas, sna catagóirí seo:

Sonra	2023 €'000	2022 €'000
Intíre – Fostaí	128	52
Idirnáisiúnta – Fostaí	24	14
lomlán	152	66

CAITEACHAS AR FHÁILTEACHAS AGUS LEAS FOIRNE


Áiríonn an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas. Níor tabhaíodh aon chostas fáilteachais a bhain le cliaint.

Sonra	2023 €'000	2022 €'000
Leas agus Fáilteachas Foirne	29	28

RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcloífear leis an gCód. Chloígh SEAI go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Sínithe thar cheann an Bhoird



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

31 Bealtaine 2024

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

RÉIM FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), admháimid freagracht an Bhoird maidir lena chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh san eagraíocht. Tá na ceanglais a leagtar síos sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (arna leasú) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhríaltachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm in SEAI i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

CUMAS DÉILEÁIL LE RIOSCA

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha sonracha aige, arna bhfaomhadh ag an mBord. Ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin a bhí ar an gCoiste sin. Le linn 2023, thug CIR aghaidh ar raon leathan ábhar i réimse an airgeadais, an rialaithe inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus an rialachais, agus iad seo a leanas ina measc:

- Ráitis Airgeadais i leith 2022
- Creat Riosca, Clár Rioscaí agus Ráiteas Inghlacthachta Riosca SEAI
- Roinnt Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh lena n-áirítear cur i bhfeidhm aon mholtaí a rinneadh
- Pleananna mionsonraithe le hamlínte maidir le cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí iniúchta nuair is iomchuí
- Buiséad, Réamhaisnéis agus feidhmíocht airgeadais SEAI
- Athbhreithniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar chlár fuinnimh inbhuanaithe
- Beartais agus Nósanna Imeachta
- Rioscaí Cibearshlándála

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag SEAI a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú le CIR. Déantar an clár oibre iniúcháireachta inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig Mazars faoi láthair. Tá an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí deimhin de go raibh córais SEAI maidir le rialachas agus socrúithe rialaithe éifeachtach agus bhreithnigh sí na bearta breise a ghlac

SEAI sa timpeallacht oibre cumaisc, rud a thug ráthaíocht réasúnta i ndáil le leordhóthanacht agus feidhmíú rialuithe inmheánacha chun maolú agus/nó bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin a bhfuil gníomhaíochtaí SEAI nocht a dóibh agus/nó baint amach chuspóirí SEAI.

D'fhorbair CIR beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a inghlactha atá rioscaí, dar leis, agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí ball foirne maidir le rioscaí. Eisíodh an beartas don fhoireann uile a bhíonn faoi réir bheartais bainistíochta riosca SEAI, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun faireachán a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfadh baol calaoise a bheith i gceist agus tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha frithchalaioise i bhfeidhm aige lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu, clár iniúcháireachta inmheánaí agus maoirseacht agus rialú a dhéanamh an lucht bainistíochta. Tá córais agus rialuithe i bhfeidhm ag SEAI freisin chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha maidir le hóc deontas. I gcás ina n-aithníonn SEAI méideanna deontais/scéime atá inaisíochta leis, a easraíonn as neamhríaltachtaí nó sárúithe ar théarmaí agus coinníollacha na ndeontas, lorgaítear aisíocaíochtaí deontais ó na faighteoirí ábhartha. Nuair is gá, cuirtear cásanna in iúl do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag SEAI lena ndéantar na príomhrioscaí a shaináithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena saináithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh SEAI aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí sin a shaináithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann CIR agus an Bord athbhreithniú ar an gclár dhá uair sa bhliain agus tugtar cothrom le dáta é. Is mír bhuan í an bhainistíocht riosca ar Chlár CIR agus ar Chláir an Bhoird. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe riosca chun plean iniúcháireachta inmheánaí na bliana a ullmhú agus acmhainní a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ionas gur ar leibhéal inghlactha a bheidh siad. Tá sonraí sa chlár rioscaí i dtaobh na rialuithe agus na mbeart is gá chun rioscaí a mhaolú, agus tá freagracht as feidhmíú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le leibhéal comhfheagrach cuntasachta.
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta agus an Bord athbhreithniú leanúnach air.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a choinneáil slán; agus
- Trí nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais, cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh deontais i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Saináithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar feidhmíú na bpríomhríaltuithe sin agus aon easnaimh arna saináithint a thuairisciú.
- Tá socrúithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal dár sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair agus gur chomhlíon SEAI na nósanna imeachta sin le linn 2023.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTHACHT

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Bíonn an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann SEAI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi threoir ag an obair a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach agus an t-iniúcháir seachtrach, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoiríonn a gcuid oibre siúd agus ag an lucht ardbhainistíochta in SEAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2023 agus gur fhaomh sé an t-athbhreithniú sin ar an 27 Márta 2024.

SAINCHEISTEANNA MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2023 a gceanglaítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar cheann an Bhoird

Dermot Byrne

Dermot Byrne
Cathairleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

31 Bealtaine 2024

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

TUAIM AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha mhír 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim é go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

BUNÚS LEIS AN TUAIM


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

TUAIRISC AR FHAINSÉIS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS AR CHÚRSAÍ EILE

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair leis na ráitis airgeadais ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscim orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon ní le tuairiscíú againn i ndáil leis sin.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meitheamh 2024

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird
Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó na Comhaltaí Boird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi mhír 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil sé cuí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneadh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 24 den Chéad Sceideal den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaioise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaiois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith

ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaioise nó earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uaim. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaioise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaiois.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nocht ghaolmhair. Má chinneim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhair sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a mhodhnú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de bheith ina ghnóthas leantach.
- Tugaim breith ar a oiriúnaí is a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinneim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhair sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a mhodhnú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de bheith ina ghnóthas leantach.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínte go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndéalraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina dtaobh más rud é go n-aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an tsli inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.


Déanaim iarracht le linn an iniúchta teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscim má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023


	NÓTAÍ	2023 €'000	2022 €'000
IONCAM			
Deontais Stáit	2	544,359	336,190
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	8	5,255	4,382
Ioncam faoi Chonarthaí AE	3	406	211
Ioncam eile	4	812	431
Glanchistiú larchurtha i ndáil le Pinsin i leith na bliana	14(c)	3,376	3,786
Ranníocaíochtaí Pinsin a Tarchuireadh chuig RCAC agus RCPSFNA	5.1	(709)	(543)
Ioncam Iomlán		553,499	344,457
CAITEACHAS			
Caiteachas Riaracháin	5	28,043	23,246
Caiteachas na gClár	6	520,035	317,377
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	8	3,119	2,301
Caiteachas Iomlán		551,197	342,924
Barrachas don Bhliain roimh leithreasáí			
Gluaiseacht sna méideanna atá dlite do RCAC	7	(54)	(24)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	12	354	487
Barrachas don Bhliain tar éis leithreasáí		2,602	1,996
Barrachas amhail ar an 1 Eanáir		5,441	3,445
Barrachas amhail ar an 31 Nollaig		8,043	5,441

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 20.



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

31 Bealtaine 2024



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann


31 Bealtaine 2024

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023


	NÓTAÍ	2023 €'000	2022 €'000
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH			
Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasáí		2,602	1,996
(Cailteanas) ó thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir		(1,595)	(2,535)
(Cailteanas)/Gnóthachan Achtúireach a eascraíonn as Athrú ar na Boinn Tuisceana i ndáil le luach láithreach na nOibleagáidí Sochair Scoir		(1,715)	20,822
(Cailteanas)/Gnóthachan Achtúireach Iarbhír i leith na Bliana	14	(3,310)	18,287
Coigeartú ar an gCistiú larchurtha um Shochair Scoir	14	3,310	(18,287)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain		2,602	1,996

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 20.



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

31 Bealtaine 2024



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann


31 Bealtaine 2024

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2023


	NÓTAÍ	2023 €'000	2022 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	9	2,377	2,731
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	13	27,865	10,371
Méideanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí	10	2,520	2,387
		30,385	12,758
DLITEANAIS REATHA			
Méideanna Iníochta agus Méideanna Fabhráithe	11	(22,342)	(7,317)
Glansócmhainní Reatha			
		8,043	5,441
Oibleagáid Sochair Scoir	14 (b)	(42,599)	(35,913)
Sócmhainn Chistithe Iarchurtha um Shochair Scoir	14 (b)	42,599	35,913
Glansócmhainní Iomlána			
		10,420	8,172
LENA LÉIRÍTEAR			
Cuntas Caipitil	12	2,377	2,731
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		8,043	5,441
		10,420	8,172

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 20.



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

31 Bealtaine 2024



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann

31 Bealtaine 2024

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

	NÓTAÍ	2023 €'000	2022 €'000
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
Barrachas an Ioncaim thar an gCaiteachas		2,602	1,996
Aistriú ón gCuntas Caipitil	12	(354)	(487)
Ús Baint a Íocadh		-	54
Dímhéas Sócmhainní Seasta	9	597	643
Méadú ar Mhéideanna Infhála	10	(133)	(658)
Méadú ar Mhéideanna Iníochta	11	15,025	2,508
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		17,737	4,056
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a Cheannach	9	(243)	(156)
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE			
Ús Baint a Íocadh		-	(54)
Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		17,494	3,846
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		17,494	3,846
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir		10,371	6,525
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig		27,865	10,371

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasáíochta

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasáíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sna blianta uile roimhe sin.

(A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.

(B) Ráiteas Comhlíontachta

Is ar bhonn fabhráithe a ullmhaíodh na ráitis airgeadais, ach amháin mar atá luaite thíos. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, **An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann** (‘FRS102’), arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid atá faoifa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is é an euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

(C) Deontais Stáit

Léiríonn Deontais Stáit (Nóta 2) sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe an méid a fuarthas sa bhliain.

(D) Caiteachas Deontais

Aithnítear Ceangaltas Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe nuair a chomhlíontar na coinníollacha go léir a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe de. Laghdófar Ceangaltas Deontais nuair a íocfar deontas nó ar dhul in éag don chomhaontú deontais.

Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 15.

(E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnach. Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré ionchais mar seo a leanas:

Costas i ndáil le Feistiú Foirgneamh	10%
Mótarfheithiclí	20%
Trealamh agus Bogearraí TF	33.33%
Trealamh Oifige	33.33%
An Clár Aigéin	33.33%

Luaitear talamh ar a chostas. Nuair a thugtar le fios go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a suim ghlanluacha, déantar athbheithniú bearnúcháin. Má tá an méid in-aisghabhála níos lú ná an suim ghlanluacha, laghdaítear an tsócmhainn go dtí a méid in-aisghabhála agus bíonn caillteanas bearnúcháin ina thoradh air sin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin láithreach sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas.

Déantar sócmhainní dar luach níos lú ná €1,000 a dhímheas go hiomlán sa bhliain ina bhfuarthas iad. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála; ní ghearttar aon dímheas sa bhliain diúscartha.

Aithnítear an gnóthachan nó an cailteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fáltais an díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó cur as úsáid sócmhainne inláimhsithe, sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach mbeidh siad in úsáid a thuilleadh.

I gcás chostais forbartha na gCóras TF a bhaineann le cláir shainiúla de chuid SEAI, cuirtear de mhúirear na gcountas iad sa bhliain ina dtabhaítear iad. Tá an beartas breithnithe ag an lucht bainistíochta agus creideann siad, mar gheall gur cláir dhinimiciúla, athraitheacha tá i gceist, gur iomchuí an cur chuige é sin.

(F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 go mbunódh an tÚdarás scéimeanna aoisliúntais. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léiríonn na costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne, ranníocaíochtaí a aisioctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Is mar ioncam a aithnítear méid arb ionann é agus an múirear pinsin sa mhéid agus go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus go bhfuil sé á fhritháireamh ag deontais a fuarthas sa bhliain d’fhonn íocaíochtaí pinsin a dhéanamh. Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d’éirigh as dlíteanais na scéime léirithe sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe, agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ó RCAC.

Seasann dlíteanais phinsin do luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn cistiú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le háisghabháil i dtréimhsí amach anseo ó RCAC.

Ina theannta sin, feidhmíonn an tÚdarás an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Áirítear na dlíteanais ghaolmhara maidir le híocaíochtaí pinsin sa todhchaí agus sócmhainn chomhfhreagrach i ráitis airgeadais SEAI.

(G) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamh-amúchtha an ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

(H) Léasanna

Aithnítear íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas ar feadh na tréimhse ina mbaineann SEAI leas as an áitreabh.

(I) An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF)

Gineann an tÚdarás ioncam faoin Treoir maidir le FFF faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de 2006 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006, arna leasú). Faoi reachtaíocht, ní mór d’úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuarascáil Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó do thionóntaí ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol, nó a ligean ar cíos.

Tá táillí éagsúla iniúchta maidir le BER lena n-áirítear táille ar chlárú le measúnóir agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear faoi bhráid an Údarás sa tréimhse chun críocha Deimhniú BER a eisiúint. Is ar bhonn fabhráithe a choinnítear cuntas ar ioncam faoin Treoir maidir le FFF.

(J) Ioncam Conartha AE

Tagann ioncam conartha AE ó ghníomhaíochtaí maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite lena n-áirítear cur chun cinn teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistíocht imeachtaí. Aithnítear ioncam de réir théarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar uainiú agus riachtanais feidhmíochta an chonartha. Íoctar na cistí le RCAC, nó coinnítear iad in SEAI, ag brath ar théarmaí an chonartha.

(K) Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe ag teacht le huainiú na riachtanas feidhmíochta.

(L) Breithiúnais agus Meastacháin Rí-thábhachtacha i leith na Cuntasáíochta

Ó thaobh costais pinsean de, maidir leis na boinn tuisceana ar a mbunaítear na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéal chúitimh sa todhchaí, rátaí básmháireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn tuisceana sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) an ráta boilscithe

2. Deontais Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 cuireann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú ar fáil don Údarás chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Cuirtear an cistiú ar fáil tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) (Vóta 29) agus an Roinn Iompair (RI) (Vóta 31). In 2022, cuireadh Sonraí agus Léargas san áireamh i gclistí B4 agus fuarthas cistiú reatha €1.090m. In 2023 aistríodh an clár sin chuig fo-mhírcheann B7. Athshonraíodh na luachanna comparáideacha chun an t-athrú sin a léiriú.

		2023	2022
	Fo-cheannteideal	€’000	Arna n-athshonrú €’000
RIARACHÁN SEAI			
– Reatha	B3	25,170	19,509
– Caipiteal	B3	–	–
ÉIFEACTHÚLACHT FUINNIMH SAN EARNÁIL CHÓNAITHE / PHOBAIL			
– Reatha	B4	6,896	6,769
– Caipiteal	B4	324,527	192,426
EARNÁIL AN GHNÓ AGUS AN EARNÁIL PHOIBLÍ			
– Reatha	B5	5,754	4,666
– Caipiteal	B5	75,632	39,010
CLÁIR TAIGHDE FUINNIMH			
– Reatha	B7	2,552	2,392
– Caipiteal	B7	14,544	6,689
Cistiú Iomlán ó RCAC (Vóta 29)			
		455,075	271,461
CLÁR NA BHFETHICLÍ LEICTREACHA			
– Reatha	B3	989	885
– Caipiteal	B3	88,295	63,844
Cistiú Iomlán ón Roinn Iompair (Vóta 31)			
		89,284	64,729

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

3. Ioncam faoi Chonarthaí AE

	2023 €'000	2022 €'000
AFLOWT (c)	90	95
OPIN (c)	45	29
TFFFI Era Net (c)	26	87
An Clár Aigéin (c)	91	-
ORE (c)	154	-
	406	211

- (a) Is mar leithreasáí i gcabhair a chaitear leis na tionscadail agus mar sin íoctar gach méid airgid le RCAC de réir mar a fhaightear é.
- (b) Tá na tionscadail sin sa bhreis ar chistí vótáilte agus mar sin is in SEAL a choinnítear cistí a fhaightear.
- (c) Íoctar na méideanna arna bhfáil díreach leis na gníomhaireachtaí feidhmíthe ábhartha agus ní théann siad trí na Vótaí ná ní íoctar leis an Státchiste iad. Déantar foráil sa Vóta don oll-ranníocaíocht (agus do ghlan-ranníocaíocht) ón Státchiste.

4. Ioncam eile

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam eile	62	31
Ioncam comhchistiúcháin TFFFI	750	400
	812	431

Faighitear ioncam comhchistiúcháin i leith Taighde, Forbairt agus Feidhmiú Fuinnimh In-athnuaite (TFFFI) ó ghníomhaireachtaí eile rialtais chun páirtchistiú a dhéanamh ar dheontais taighde. Aithnítear ioncam de réir luach an deontais arna eisiúint agus céatadán an chomhchistiúcháin a shanntar do gach dámhachtain taighde.

5. Caiteachas Riaracháin

Tá an Caiteachas Riaracháin comhdhéanta de na míreanna seo a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
Tuarastail agus táillí gaolmhara	5.1 15,567	11,694
Costais phinsin	14(a) 3,015	3,570
Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas	641	457
Fógraíocht agus Margaíocht	412	472
Táillí Ginearálta Comhairleachta agus Táillí Gairmiúla	5.2 1,119	352
Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse	5.3 2,809	2,931
Teicneolaíocht Faisnéise	5.4 3,257	2,246
Riarachán Ginearálta	5.5 1,223	1,524
	28,043	23,246

5.1 Tuarastail agus Muirir Ghaolmhara

	2023 €'000	2022 €'000
Sochair ghearrthéarmacha na mball foirne	13,146	9,882
ÁSPC an Fhostóra	1,403	1,052
Baill Foirne Ghníomhaireachta/ar Conradh	952	694
Luach Saothair na gComhaltaí Boird	17	66
	15,567	11,694

I gcásanna ina bhféadfaí obair baill foirne gníomhaireachta ar leith a shannadh do chlár, aithníodh an costas mar chostas cláir.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i leith na bliana (2022: €Nialas).

Níor thabhaigh SEAL aon íocaíochtaí ragoibre i leith na bliana (2022: €Nialas).

D'íoc an tÚdarás ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe dar luach €211,128 (2022: €192,680) le RCAC, a mháthair-roinn, in 2023 i leith scéim aoisliúntais SEAL. Ina theannta sin, d'íoc sé €498,118 (2022: €349,870) le RCPSPFNA i leith bhaill na Scéime Aonair. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh faoi na scéimeanna.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Asbhaineadh ranníocaíocht bhreise aoisliúntais €346,070 (2022: €273,830) ó thuarastail agus íocadh an méid sin leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i rith na bliana.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2023 ná €175,915 (2022: €163,188) agus speansais €2,591 (2022: €1,785) a bhí i gceist.

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh ach na teidlíochtaí caighdeánacha a leagtar amach i samhailscéim aoisliúntais na hearnála poiblí. Ní chuimsíonn an conradh fostaíochta íocaíocht ar bhonn feidhmíochta ná aon sochar comhchineáil/pheorcaisí.

Luach Saothair Príomhdhaoine den Lucht Bainistíochta

Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe i gcás 18 (2022: 16) bpríomhdhuine den lucht bainistíochta:

	2023 €'000	2022 €'000
Tuarastail	2,045,562	1,738,670

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an lucht bainistíochta ach na teidlíochtaí caighdeánacha a leagtar amach i samhailscéim aoisliúntais na hearnála poiblí nó sa scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair. Ní chuimsíonn na conarthaí fostaíochta íocaíocht ar bhonn feidhmíochta ná aon sochar comhchineáil/pheorcaisí.

Táillí an Bhoird

Nochtar táillí an Bhoird i Nóta 17.

Conradh Buan, Fadtéarmach

Ba é meánlón na bhfostaithe ar conradh buan, fadtéarmach don tréimhse ná 200 (2022: 151). Ba é líon na bhfostaithe coibhéiseach lánaimeartha ag deireadh na tréimhse ná 224 (2022: 168).

5.2 Táillí Ginearálta Comhairleachta agus Táillí Gairmiúla

	2023 €'000	2022 €'000
Comhairle Ghairmiúil	1,009	281
Táillí Rúnaíochta	110	71
	1,119	352

5.3 Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse

	2023 €'000	2022 €'000
Cíos	2,074	1,965
Rátaí	183	185
Muirir Sheirbhíse	552	781
	2,809	2,931

5.4 Teicneolaíocht Faisnéise

	2023 €'000	2022 €'000
Ceadúnais TF agus Caiteachas Ginearálta	1,692	1,233
Cothabháil agus Tacaíocht TF	1,263	952
Forbairt Córas TF	302	61
	3,257	2,246

5.5 Riarachán Ginearálta

	2023 €'000	2022 €'000
Taisteal agus Cothú – Baill Foirne	12	6
Taisteal agus Cothú – Baill Foirne	2	1
Dímheas	597	643
Táillí iniúchóireachta – inmheánach	87	73
Táillí iniúchóireachta – seachtrach	39	35
Árachas agus Díl	235	397
Eile	251	369
	1,223	1,524

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

6. Caiteachas na gClár

Tá an caiteachas ar chlár comhdhéanta de na míreanna seo a leanas:

		2023 €'000	2022 €'000
ÉIFEACTÚLACHT FUINNIMH SAN EARNÁIL CHÓNATHE / PHOBAIL			
Fuinneamh Níos Fearn,			
Tithe Níos Teo	6.1	158,255	93,559
Fuinneamh Níos Fearn,			
Teas agus Folláine	6.2	-	5,233
Tithe le Fuinneamh Níos Fearn	6.3	56,274	38,151
Scéim Ilfhreastail / Scéim um Uasghrádú Fuinnimh Baile	6.4	28,673	13,672
Iarfheistiú Domhain (Treoirscéim)	6.5	720	299
Fuinneamh Pobail	6.6	29,540	19,944
Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite Pobail	6.7	1,127	499
Grianphainéil	6.8	54,320	25,634
An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh	6.9	872	784
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh – Forbairt Caipitil	6.10	1,843	1,614
EARNÁIL AN GHNÓ AGUS AN EARNÁIL PHOIBLÍ			
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEanála Poiblí	6.11	72,136	36,304
Clár Tionscail agus Gnó	6.12	3,226	2,825
Micreaghiniúint san Earnáil Neamhchónaithe	6.13	432	137
Seó Fuinnimh	6.14	167	39
EXEED	6.15	2,346	1,720
Clár na Scoileanna	6.16	206	227
Faireachas ar an Margadh	6.17	1,373	1,472
Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-athnuaite	6.18	1,413	1,089
Iarfheistiú san Earnáil Neamhchónaithe	6.19	265	-
FUINNEAMH IN-ATHNUAITE			
Taighde, Forbairt agus Feidhmiú – Fuinneamh In-athnuaite	6.20	12,610	4,672
Fuinneamh Amach ón gCósta	6.21	2,470	2,817
Teas Dícharbónaithe	6.22	468	-
NUÁLÁOCHT AGUS COMHATHÚ			
Pointe Teagmhála Aonair	6.23	252	-
Comhordú Straitéiseach agus Idirnáisiúnta	6.24	659	838
Sonraí agus Léargas	6.25	1,327	1,052
IOMPAR			
Feithiclí Leictreacha	6.26	89,091	64,796
		520,035	317,377

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athghrúpáil agus a athchur i láthair ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

6.1 Fuinneamh Níos Fearn, Tithe Níos Teo

	2023 €'000	2022 €'000
Uasghráduithe Fuinnimh	148,970	86,528
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	7,861	5,872
Feidhmiú Oibríochtaí	710	451
Costais Oibriúcháin Eile	176	232
Forbairt agus Cothabháil Córas TF	503	474
Costais Taistil	5	2
	158,225	93,559

Faoin scéim 'Fuinneamh Níos Fearn, Tithe Níos Teo' tacaítear le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe príobháideacha atá sa chatagóir bochtaineachta fuinnimh. Painéal fochonraitheoirí a dhéanann na hoibreacha. In 2023 rinneadh 5,898 (2022: 4,264) uasghrádú faoin scéim um Fhuinneamh Níos Fearn, Tithe Níos Teo. Coinníodh ag cur le hiarfheistiú níos doimhne agus níos forleithne faoin gclár, le bearta mar insliú ballaí seachtaracha agus córais téimh nuair is cuí. Ag teacht le beartas an Rialtais, tugtar tús áite faoin gclár don fheidhmíocht fuinnimh is measa – Rátáil Fuinnimh Foirgnimh E, F nó G i gcás foirgnimh a tógadh roimh 1993 – chun aghaidh a thabhairt ar na tithe inar mó a bhfuil gá le hiarfheistiú fuinnimh.

6.2 Fuinneamh Níos Fearn, Teas agus Folláine

	2023 €'000	2022 €'000
Uasghráduithe Fuinnimh	-	4,946
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	-	287
Costais Oibriúcháin Eile	-	-
	-	5,233

Forbraíodh an Scéim Teasa agus Folláine mar threoirscéim chun feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine leochaileacha a bhfuil riochtaí ainsealacha riospráide orthu. Painéal fochonraitheoirí a dhéanann na hoibreacha. Dúnadh an scéim d'iarratasóirí nua ar an 28 Feabhra 2022. Chuir an méid a foghlaimíodh ón treoirchlár bonn eolais faoi chur i bhfeidhm an phríomhchláir agus foilseoidh RCAC na ceachtanna is tábhachtaí a foghlaimíodh.

6.3 Tithe le Fuinneamh Níos Fearn

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	52,639	34,942
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	1,411	1,115
Feidhmiú Oibríochtaí	1,857	1,695
Costais Oibriúcháin Eile	39	80
Costais TF	312	311
Costais Taistil	16	8
	56,274	38,151

Is clár náisiúnta iarfheistithe é an Clár 'Tithe le Fuinneamh Níos Fearn', atá ar fáil do gach úinéir tí, tiarnaí talún san áireamh, gan tástáil acmhainne. Is bealach é chun úinéirí tí a spreagadh a n-áiteanna cónaithe a dhéanamh níos tiosaí ar fhuinneamh. Déantar sin trí dheontais a sholáthar i leith sraith beart ar féidir a roghnú ina n-aonar, nó i dteannta a chéile nó de réir a chéile chun iarfheistiú níos cuimsithí a dhéanamh le himeacht ama. In 2023 íocadh 17,904 deontas (2022: 11,806) i ndáil le háiteanna cónaithe.

6.4 Scéim Ilfhreastail (Scéim um Uasghrádú Fuinnimh Baile)

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	26,285	11,091
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	252	108
Feidhmiú Oibríochtaí	543	746
Costais Oibriúcháin Eile	119	66
Costais TF	516	672
Spreagadh Éilimh	868	985
Taighde a Coimisiúnaíodh	75	2
Costais Taistil	15	2
	28,673	13,672

Tá an tSeirbhís Ilfhreastail (Scéim Náisiúnta um Uasghrádú Fuinnimh Baile) dírithe ar dheontais chaipitil a sholáthar do theaghlaigh príobháideacha, agus do Chumainn Tithíochta cláraithe ar mian leo a n-áiteanna cónaithe a fheabhsú, trí oibreacha uasghrádaithe fuinnimh, go ráttáil BER B2 nó níos fearr ar a laghad. Seoladh an scéim i mí Feabhra 2022. Tá an tseirbhís sin le fáil ó 18 soláthraí chlárítithe agus uasghrádaíodh 1,336 áit chónaithe in 2023 (2022: 643). Is féidir a áireamh sna costais freisin tionscnaimh nuálacha maoiniúcháin, taighde coimisiúnaithe agus gníomhaíochtaí chun éileamh a chothú, atá dírithe ar bhonn eolais a chur faoin Mór-Straitéis Náisiúnta Iarfheistithe agus í a chur chun cinn.

6.5 An Treoirscéim um Iarfheistiú Domhain

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	609	100
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	99	165
Feidhmiú Oibríochtaí	1	2
Costais Oibriúcháin Eile	9	32
Costais Taistil	2	-
	720	299

Bunaíodh an Treoirchlár um Iarfheistiú Domhain chun teacht ar thuiscint ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an iarfheistiú domhain. Chuir na treoirthionscadail bonn eolais faoin gcur chuige a ghlacfar maidir le hiarfheistiú domhain ar mhórscaála a dhéanamh ar fhoirgnimh in Éirinn. Rinneadh iarfheistiú domhain ar 12 áit chónaithe in 2023 (2022: 3). Tá 552 áit chónaithe san iomlán iarfheistithe faoin treoirthionscadal ó seoladh an clár in 2017. Tá an Treoirchlár um Iarfheistiú Domhain dúnta d'iarratais nua ó mhí Iúil 2019.

6.6 Fuinneamh Pobail

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	27,362	18,059
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	143	77
Costais TF	17	446
Feidhmiú Oibríochtaí	151	212
Costais Oibriúcháin Eile	104	64
Tacaíocht Mheantóireachta do Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe	1,734	1,074
Costais Taistil	29	12
	29,540	19,944

Deontais Phobail: Tá scéim na nDeontas Fuinnimh Pobail (DFP) dírithe ar an soláthar foirgneamh agus na háiseanna a uasghrádú ionas go mbeidh siad ar ardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh agus go n-úsáidfear fuinneamh in-athnuaite iontu. Tacaíonn an clár le cineálacha cur chuige nua chun feabhsuithe ardhchaighdeán a bhaint amach i dtaobh éifeachtúlachta fuinnimh i bpobail Éireannacha agus comhiomlánú a dhéanamh trí ghrúpaí foirgneamh a thabhairt le chéile faoi aon iarratas amháin ar iarfheistiú. Rinneadh 601 áit chónaithe (2022: 295) a uasghrádú go ráttáil B2 nó feidhmíocht fuinnimh níos fearr agus tacaíodh le breis is 290 tionscadal san earnáil neamhchónaithe (2022: 461). Áiríodh leo sin foirgnimh phobail, ionaid oideachais/scoileanna, áiseanna pobail agus spóirt, gnólachtaí áitiúla, an earnáil phoiblí agus tionscadail neamhbhrabúis nó tionscadail charthanachta.

Líonra Pobail: Is éard atá i gceist le clár Líonra na bPobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) cumas a chothú i measc pobal i dtaobh mórtionscadail fuinnimh inbhuanaithe a chur ar bun agus a bheith ina bpobail fuinnimh inbhuanaithe. Tá líonra náisiúnta ina bhfuil 805 PFI (2022: 703) curtha ar bun. Faigheann an Líonra PFI tacaíocht ó phainéal Meantóirí Réigiúnacha agus Contae, arna n-earcú agus arna mbainistiú ag SEAI. Cuireann SEAI tacaíocht ar fáil freisin do phobail maidir le Máistirphlean Fuinnimh Áitiúil a fhorbairt atá ina bhonnlíne i dtaobh úsáid fuinnimh sa phobal, chomh maith le clár tionscadal oiriúnach fuinnimh inbhuanaithe a bhféadfadh an pobal tabhairt fúthu amach anseo.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

6.7 An Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite Pobail

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	-	100
Tacaíocht Mheantóireachta	339	115
Feidhmiú Oibríochtaí	-	80
Costais Oibríúcháin Eile	55	23
Costais TF	728	180
Costais Taistil	5	1
	1,127	499

Tacaíonn an clár le pobail atá ag iarraidh a dtionscadal leictreachais in-athnuaite féin a fhorbairt. Tacaíonn an clár le pobail chun tionscadail a fhorbairt tríd an gCreat Cumasaithe Pobail, faoina gcuirtear treoracha, uirlisí agus sainchomhairle ar fáil ionas gur féidir iartras a dhéanamh ar thacaíocht deontais i leith tionscadal. Cuirtear i bhfeidhm é trí scéim na nDeontas Cumasaithe Pobail, faoina dtacaítear le tionscadail ó chéim an choincheapa go dtí go ndúntar na cuntais airgeadais. Seoladh clár an Chiste Tairbhe Pobail in 2023. Is tairseach é do thionscadail fuinnimh chun a gcistí leasa pobail a chlárú agus na sonraí agus na cás-staidéir a chur ar fáil don phobal.

6.8 Grianphainéil

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	52,110	24,453
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	1,022	479
Feidhmiú Oibríochtaí	655	537
Costais Oibríúcháin Eile	27	14
Costais TF	504	151
Costais Taistil	2	-
	54,320	25,634

Faoi Scéim na nGrianphainéal, soláthraítear tacaíocht d'úinéirí tí chun córas fótavoltach gréine (PV) a cheannach agus a shuiteáil. Déantar fócaíocht aonuaire le húinéirí tí, bunaithe ar shuiteáil táirgí a chomhlíonann ceanglais na scéime. Tá méid an deontais a íoctar bunaithe ar acmhainneacht na ngrianphainéal a shuiteáil. In 2023 suiteáladh grianphainéil do 22,214 (2022: 10,017) áit chónaithe faoin gclár sin.

6.9 An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh

	2023 €'000	2022 €'000
Forbairt Clár agus Córas	367	371
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	114	109
Feidhmiú Oibríochtaí	320	264
Costais Oibríúcháin Eile	60	35
Costais Taistil	11	5
	872	784

Faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (SOÉF), tacaítear le forbairt a dhéanamh ar an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a bhí ann roimhe seo, de bhun chur chun feidhme Airteagal 7 den Treoir maidir le héifeachtúlacht Fuinnimh. In 2019 rinne an Coimisiún Eorpach athmhúnlú ar an Treoir maidir le héifeachtúlacht Fuinnimh, a chlúdaíonn an tréimhse ó 2021-2030. Tá freagracht tarmhligthe ag an Aire do SEAL i réimsí sonracha d'oibríochtaí na Scéime agus is é SEAL an riarthóir maidir le creidmheasanna fuinnimh a bhainistiú. Nuair a bhí an reachtaíocht trasuite, b'éigean Scéim nua um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a fhorbairt agus a sheoladh, lena gclúdófaí an tréimhse idir 2023 go 2030. In 2023 rinne SEAL bainistiú ar an aistriú ón Scéim a bhíodh i bhfeidhm go dtí an Scéim nua. Tháinig leagan athmhúnlaithe eile den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhfeidhm i Meán Fómhair 2023. Cuireadh go mór sa leagan sin leis an uailmhian maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais méid carnach fuinnimh úsáide deiridh a sheachaint ar feadh thréimhse iomlán na hoibleagáide (ó 2021 go 2030), atá comhionann le 0.8 % ar a laghad den mhéid fuinnimh a d'ídeadh úsáideoirí deiridh in 2021-2023 a sheachaint, 1.3% ar a laghad in 2024-2025, 1.5 % in 2026-2027 agus 1.9 % in 2028-2030. Déanfar an Treoir athmhúnlaithe sin a thrasú in 2024 agus déanfar tuilleadh athruithe ar an SOÉF.

6.10 Rátáil Fuinnimh Foirgnimh – Forbairt Caipitil

	2023 €'000	2022 €'000
Forbairt Clár agus Córas	1,843	1,614

Déanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú ar fhorbairt chaipitil an chlár Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER). In 2023, cuireadh i gcrích roinnt mórthionscadail forbartha, ag comhlíonadh na gceanglas rialála agus ag feabhsú eispéireas an chustaiméara. Áiríodh orthu sin uasghrádú a dhéanamh ar chórais freastalaithe agus bunachar sonraí agus athruithe ar na fachtóirí astaíochta fuinnimh phríomha agus CO₂ a úsáidtear chun rátálacha fuinnimh a ríomh. Tá an chuid eile de chostais an chlárí clúdaithe ag an Ioncam a ghintear faoi, agus nochtar iad ar leithligh i nóta 8.

6.11 Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí	68,885	34,571
Seirbhísí Comhairleacha do Chliaint	1,634	776
Costais TF	870	712
Feidhmiú Oibríochtaí	464	141
Costais Oibríúcháin Eile	259	97
Costais Taistil	24	7
	72,136	36,304

Cuireann clár Comhpháirtíochta SEAL cleachtais struchtúrtha bainistíochta fuinnimh chun cinn agus cuireann sé comhairle dhíreach ar eagraíochtaí san earnáil poiblí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, meantóireacht, oiliúint agus saintacaíochtaí teicniúla. Is struchtúr cuimsitheach é an córas F&T (Faireachán agus Tuairisciú) do chomhlachtaí poiblí chun ídiú fuinnimh a thuairisciú agus a rianú. Tá córas nua F&T á fhorbairt agus tugadh faoin gcéad chéim in 2023. Soláthraíonn clár *Pathfinder* na hEarnála Poiblí tacaíocht do thionscadail chaipitil. Díríodh sa Chlár *Pathfinder* ar fhorbairt acmhainneachta i ndáil le feidhmiú tionscadal i gcomhlachtaí poiblí, agus ar inniúlacht chun réitigh a chur i bhfeidhm ar leibhéal na heagraíochta. Faoin gclár sin, bhíothas ag obair le FSS, an Roinn Oideachais, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (an Rannóg Ardoideachais), agus in 2023 tosaíodh ag obair freisin leis an Rannóg Breisoideachas agus Oiliúna sa Roinn agus leis na húdaráis Áitiúil trí na ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO). Rinneadh Athbhreithniú ar an gClár *Pathfinder* in 2023 agus cuirfeadh na torthaí i bhfeidhm in 2024.

6.12 Clár Tionscail agus Gnó

	2023 €'000	2022 €'000
LIEN	484	570
Tacaíochtaí do FBManna	311	287
Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur Chun Cinn sa Ghnó	138	135
Scéim Tacaíochta i gcomhair Iniúchtaí Fuinnimh	2,202	1,746
Costais TF	90	87
Costais Taistil	1	-
	3,226	2,825

Faoin gclár Tionscail agus Gnó, tacaítear le hiarrachtaí ar fud na n-earnálacha gnó go léir chun dlús a chur faoi iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Déantar sin trí dheontais chaipitil, líonraí, oiliúint agus seirbhísí lena gcuirtear chun cinn bainistíocht struchtúrtha fuinnimh ar ardchaighdeán, agus margadí á bhforbairt le haghaidh comhairle agus seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh. Forbraíodh Acadamh Fuinnimh SEAL chun cabhrú le gnóilachtaí cur lena n-éifeachtúlacht fuinnimh agus costais

a laghdú sa réimse sin. Ba amach in 2021 a seoladh an Scéim Tacaíochta i gcomhair Iniúchtaí Fuinnimh, faoina soláthraítear deontas do ghnóilachtaí chun leas a bhaint as Iniúchadh Fuinnimh ardchaighdeán a dhéanamh measúnóir cláraithe. Tugann an t-iniúchadh sonraí don ghnóilacht faoi úsáid fuinnimh, na réimsí ina n-úsáidtear an méid is mó fuinnimh agus na bearta is féidir leis an gnó a dhéanamh chun fuinneamh a spáráil.

6.13 Micreaghiniúint san Earnáil Neamhchónaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	199	-
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	18	-
Costais TF	100	137
Feidhmiú Oibríochtaí	85	-
Costais Oibríúcháin Eile	27	-
Costais Taistil	3	-
	432	137

I Meán Fómhair 2022 a bunaíodh an Deontas Micreaghiniúna don Earnáil Neamhchónaithe (DMEN), faoina gcuirtear cúnamh airgeadais ar fáil chun cabhrú le gnóilachtaí agus le hearnálacha eile grianphainéil a shuiteáil chun leictreachas a ghiniúint ar an láthair. A bhuaí leis an teicneolaíocht sin, laghdaítear costais leictreachais tráchtála agus cuirtear le cinnteacht an tsoláthair, agus feabhsaítear íomhá an ghnóilachta i dtaobh na hinbhuanaitheachta de. Bhí deontais ar fáil do chórais suas le 6kWp ar a mhéad go dtí mí Iúil 2023, tráth a ndearnadh leathnú mór ar an gclár chun tacú le córais suas le 1000kWp. Bhí borradh mór faoin éileamh ar an scéim in 2023, agus cuireadh tacaíocht dar luach breis agus €13 milliún ar fáil do níos mó ná 700 gnóilacht sa dara leath de 2023.

6.14 Seó Fuinnimh

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam	(333)	(386)
Fógraíocht	62	99
Feidhmiú Oibríochtaí	437	326
Costais Taistil	1	-
	167	39

Is é an Seó Fuinnimh an príomhimeacht fuinnimh inbhuanaithe idir-ghnóilachtaí in Éirinn. Eagraítear taispeántas dhá lá mar chuid de, ag a mbíonn níos mó ná 100 taispeántóir ó ar fud na hearnála seirbhísí fuinnimh, agus bíonn clár seimineár ar bun freisin. Meallann an t-imeacht os cionn 3,000 cuairteoir gach bliain.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

6.15 EXEED

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	1,970	1,267
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	7	5
Feidhmiú Oibríochtaí	348	330
Costais Oibríúcháin Eile	14	12
Costais TF	2	104
Costais Taistil	5	2
	2,346	1,720

Is scéim deimhnithe sócmhainní é *SEAI EXEED Certified* lena dtugtar aghaidh ar fhuinneamh agus feidhmíocht charbóin ar feadh an tsaolré trí Bhainistíocht Dearaidh atá Tíosach ar Fhuinneamh. Is féidir *EXEED Certified* a chur i bhfeidhm i ngnóilacht ar bith, san earnáil tráchtála, in earnáil na tionsclaíochta agus san earnáil phoiblí. Tacaíonn EXEED le bainistíocht dearaidh atá tíosach ar fhuinneamh trí dheontais le haghaidh dúshláin dearaidh agus infheistíochtaí caipitil a dteastaíonn dreasacht infheistíochta ina leith. Feabhsaíodh scéim deontas EXEED i mí an Mhárta 2023 nuair a cuireadh le luach an deontais uasta agus nuair a rinneadh simpliú ar na seiceálacha i dtaobh luach ar airgead.

6.16 Clár na Scoileanna

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	206	227
Cuidíonn clár oideachais SEAI le bonn eolais a chur faoi dhearcaí, tuairimí agus iompraíocht páistí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsítear sa chár acmhainní teagaisc atá ailínithe leis an gcuraclam, ceardlanna idirghníomhacha agus comórtais do dhaltá, agus oiliúint múinteoirí chomh maith le foilseacháin ábhartha.		

Cuidíonn clár oideachais SEAI le bonn eolais a chur faoi dhearcaí, tuairimí agus iompraíocht páistí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsítear sa chár acmhainní teagaisc atá ailínithe leis an gcuraclam, ceardlanna idirghníomhacha agus comórtais do dhaltá, agus oiliúint múinteoirí chomh maith le foilseacháin ábhartha.

6.17 Faireachas ar an Margadh

	2023 €'000	2022 €'000
Faireachas ar an Margadh	730	686
Feidhmiú Oibríochtaí	235	330
Costais Oibríúcháin Eile	41	106
Costais TF	353	340
Costais Taistil	14	10
	1,373	1,472

Tá SEAI ainmnithe mar an tÚdarás um Fhaireachas Margaidh i ndáil le hÉicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh i gcás táirgí a bhaineann le fuinneamh. Áirítear le Faireachas Margaidh Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir AE 2009/125/CE), Lipéadú agus Faisnéis Chaighdeánach do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir AE 2010/30/AE) agus Lipéadú Boinn maidir le hÉifeachtúlacht Breosla agus Paraiméadair Riachtanacha Eile (Rialachán CE 1222/2009). Ag deireadh 2023 bhí 18 bhfeachtas de chuid an Údaráis Faireachais Margaidh ar siúl ag SEAI.

6.18 An Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-athnuaite

	2023 €'000	2022 €'000
Infheistíocht / Cúnamh Oibríúcháin	1,134	646
Comhairle Theicniúil	23	20
Feidhmiú Oibríochtaí	225	370
Costais Oibríúcháin Eile	10	1
Costais TF	19	52
Costais Taistil	2	-
	1,413	1,089

Faoin Scéim Tacaíochta um Theas In-athnuaite (STTI), tacaítear leis an aistriú ó chórais téimh a ritheann ar bhreosla iontaise go teicneolaíochtaí incháilithe fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear coire bithmhaise, teaschaidéal agus córais téimh a ritheann ar bhithbhreosla (díleá anaeróbach).

Dhá chineál tacaíochta atá ar fáil faoin scéim – íocaíocht taraife mar chúnamh oibríúcháin i ndáil le córais téimh a ritheann ar bhithmhais agus cinn anaeróbacha, agus deontas i gcomhair córais teaschaidéil.

Osclaíodh an scéim in 2019 agus feabhsaíodh go mór í i mí an Mhárta 2023 nuair a cuireadh leis an tacaíocht chun teaschaidéal a shuiteáil, agus nuair a leathnaíodh í chuig earnáil an Chórais Trádála Astaíochtaí.

6.19 Iarfheistiú san Earnáil Neamhchónaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Forbairt Clár	63	-
Costais TF	202	-
	265	-

Is scéim í an Scéim Iarfheistithe Neamhchónaithe a bhí á forbairt in 2023 chun spriocanna iarfeistithe a bhaint amach i ndáil le Foirgnimh Thráchtála. Beartaítear go seolfar an scéim in 2024, agus bhain an caiteachas in 2023 le forbairt na scéime agus na tairisí TF mar ullmhúchán don seoladh.

6.20 Taighde, Forbairt agus Feidhmiú i réimse an Fhuinnimh In-athnuaite

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	12,408	4,343
Feidhmiú Oibríochtaí	130	172
Costais Oibríúcháin Eile	59	52
Costais TF	12	100
Costais Taistil	1	5
	12,610	4,672

Faoi Chlár Cistiúcháin Taighde, Forbartha agus Taispeána SEAI, tacaítear le bearta nuálacha, spriocdhírthe a chuidíonn linn tosaíochtaí beartais a bhaint amach, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, sa Chlár don Rialtas agus sa Chreat Aeráide agus Fuinnimh 2030. Is éard a chuimsítear i gcaiteachas 2023 ná íocaíochtaí i leith 190 dámhachtain ilbhliantúil (150 a dámhadh in 2018-2022 agus 40 eile a dámhadh i nglaoch na bliana 2023) agus íocaíochtaí le comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Is iad cuspóirí uileghabhálacha an chlár sin dlús a chur le forbairt agus déantúsaíocht táirgí a bhaineann le fuinneamh in Éirinn, bacainní teicniúla a shárú, cumas taighde na hÉireann a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar do lucht déanta beartas ar bhonn torthaí ó tionscadail ar thacaíomar leo.

6.21 Fuinneamh Amach ón gCósta

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	84	193
Oibreacha ar Fochonradh	1,787	2,055
Feidhmiú Oibríochtaí	517	493
Costais Oibríúcháin Eile	60	39
Costais TF	-	28
Costais Taistil	22	9
	2,470	2,817

Tá an Clár Fuinnimh Amach ón gCósta á riar ag SEAI chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm i dtaobh dlús a chur le forbairt Fuinnimh Amach ón gCósta agus Fuinneamh Aigéin in Éirinn, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta. Tacaíonn an clár le suíomhanna tástála comhordaithe agus taighde, ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta.

6.22 Teas Dícharbónaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Feidhmiú Oibríochtaí	341	-
Taighde a Coimisiúnaíodh	69	-
Costais TF	54	-
Seirbhísí Teicniúla agus Cigireachtaí	4	-
	468	-

Faoin gClár um Theas Dícharbónaithe, déantar anailís agus taighde atá bunaithe ar fhianaise, chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta teasa. In 2023, ar bhonn an Staidéir Náisiúnta Teasa, tacaíodh le feidhmiú téimh ceantair in Éirinn, agus dearadh scéim inbhuanaithe bithfhuinnimh, Fíorú Deimhnithe Inbhuanaitheachta Bithmhaise, chun cloí le I.R. 350/2022, faoina ndearnadh Treoir II ón Aontas Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2018) a thrasú.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

6.23 Pointe Teagmhála Aonair

	2023 €'000	2022 €'000
Feidhmiú Oibríochtaí	55	-
Costais Oibríúcháin Eile	41	-
Costais TF	110	-
Taighde a Coimisiúnaíodh	46	-
	252	-

Tarmligeadh feidhm threorach an Phointe Aonair Teagmhála chuig SEAI amach sa bhliain 2022 faoi I.R. 250/2022, faoina ndearnadh Airteagal 16 de Threoir II ón Aontas Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2018) a thrasú, agus tosaíodh ar an obair sin in 2023. Faoin gclár sin, soláthraítear treoir d'úsáideoirí deiridh an chórais toilithe i ndáil le tionscadail fuinnimh in-athnuaite in Éirinn, i bhfoirm láithreán gréasáin treorach. In 2023, rinneadh an córas toilithe a mhapáil go hiomlán, agus forbraíodh láithreán gréasáin áisiúil don phobal chun treoir a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh.

6.24 Comhordú Straitéiseach agus Comhordú Idirnáisiúnta

	2023 €'000	2022 €'000
Feidhmiú Oibríochtaí	269	263
Costais Oibríúcháin Eile	39	45
Taighde a Coimisiúnaíodh	330	502
Costais TF	20	20
Costais Taistil	1	8
	659	838

Faoin gclár seo, soláthraítear comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus feidhmiú fuinnimh inbhuanaithe. Ar an gcaoi sin, cuireann SEAI bonn eolais faoi fhorbairt beartais fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn.

6.25 Sonraí agus Léargas

	2023 €'000	2022 €'000
Taighde a Coimisiúnaíodh	599	227
Feidhmiú Oibríochtaí	389	584
Costais Oibríúcháin Eile	67	124
Costais TF	262	113
Costais Taistil	10	4
	1,327	1,052

Leis an gclár seo, comhlíonann SEAI an fhreagracht atá air as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus eanála a fhorbairt, a choinneáil cothrom le dáta agus a fhoilsiú maidir le táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis sin freisin staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís bheartais chun bonn fianaise neamhspleách a chur faoin gceapadh beartais ar an leibhéal náisiúnta, agus rannpháirtíocht sa phlé agus i ngníomhaíochtaí measúnaithe beartais ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

6.26 Feithiclí Leictreacha

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais arna nEisiúint	87,011	62,756
Feidhmiú Oibríochtaí	814	763
Costais Oibríúcháin Eile	60	43
Rannpháirteachas leis na Custaiméirí	1,062	890
Forbairt agus Cothabháil TF	139	343
Costais Taistil	5	1
	89,091	64,796

Leis an gclár seo, tacaítear le leas a bhaint as teicneolaíocht na bhfeithiclí leictreacha agus bonneagar luchtaithe i gcóras iompair na hÉireann agus cuirtear cúnamh deontais ar fáil faoi chun feithiclí leictreacha agus luchtairí tí/árasáin a cheannach. Tugadh deontas i leith 15,846 feithicil leictreach (2022: 10,894) agus 20,461 luchtairé tí (2022: 16,299) faoin gclár in 2023.

7. Leithreasáí

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam faoi Chonarthaí AE	-	-
Aisíocaíochtaí Deontais	53	23
Eile	1	1
	54	24

I gcás cistí nach ón Státhchiste iad a fhaigheann SEAI, seoltar ar ais iad chuig an Roinn óna bhfuarthas iad. Toisc gur mar ioncam a aithnítear cistí dá leithéid, aithnítear dliteanas comhfhreagrach don Roinn freisin. Áirítear na fáiltais sin mar Leithreasáí i gCabhair ar an Vóta. Sonraítear sa nóta thuas an ghluaiseacht sa mhéid atá dlite do na Ranna óna bhfaighimid cistiú le linn 2023.

Fabhraítear ioncam faoi Chonarthaí AE (Nóta 3) ar bhonn bliantúil agus féadann méideanna éagsúla a bheith i gceist ó bhliain go bliain ar brath ar an dul chun cinn atá á dhéanamh faoin gconradh.

8. Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

	2023 €'000	2022 €'000
Feidhmiú Oibríochtaí	1,362	831
Forbairt Clár	124	79
Dearbhú Cáilíochta	1,015	935
Tacaíocht agus Cothabháil TF	259	325
Forbairt Córas TF	343	125
Costais Taistil	16	6
	3,119	2,301

Tá SEAI ainmnithe mar an tÚdarás Eisiúna le freagracht as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar le haghaidh measúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus an scéim ina hiomláine a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Ba é an t-ioncam ón scéim BER don bhliain ná €5,255,249 (2022: €4,382,220), rud a d'fhág gur barrachas €2,136,512 (2022: €2,081,069) a bhí ann.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

9. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh agus Bogearraí TF €'000	An Clár Aigéin €'000	Trealamh Oifige €'000	Feistiú Foirgneamh €'000	Mótarfheithiclí €'000	Talamh agus Foirgnimh €'000	Iomlán €'000
COSTAS:							
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	1,605	868	498	4,211	59	120	7,361
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-	-
Breiseanna	243	-	-	-	-	-	243
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	1,848	868	498	4,211	59	120	7,604
DÍMHEAS CARNTHA:							
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	(1,505)	(862)	(498)	(1,706)	(59)	-	(4,630)
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-	-
Muirear don bhliain reatha	(180)	-	-	(417)	-	-	(597)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	(1,685)	(862)	(498)	(2,123)	(59)	-	(5,227)
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR:							
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	163	6	-	2,088	-	120	2,377
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	100	6	-	2,505	-	120	2,731

10. Méideanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam comhchistiúcháin TFFFI	245	114
Méideanna infhála faoin Treoir maidir le FFF	398	372
Réamhíocaíochtaí	1,836	996
Méideanna Infhála Eile	41	905
	2,520	2,387

11. Méideanna Iníochta agus Méideanna Fabhráithe

	2023 €'000	2022 €'000
Creidiúnaithe Trádála	770	590
Méideanna Fabhráithe	2,103	1,151
CBL agus CCI	4,205	2,776
CISG	1,080	866
ÍMAT/ÁSPC	470	365
Méideanna Iníochta Eile	219	351
Ioncam Iarchurtha – AE	1,495	1,218
Ioncam Iarchurtha – RCAC	12,000	-
	22,342	7,317

12. Cuntas Caipitil

	2023 €'000	2022 €'000
Iarmhéid tosaigh	2,731	3,218
Aistriú (chuig)/ón Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:		
Méideanna ama gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	243	156
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	-	-
Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainní	(597)	(643)
	(354)	(487)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	2,377	2,731

13. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2023 €'000	2022 €'000
Cuntas Reatha Baint 1	133	10
Cuntas Coigiltis	8,150	5,093
Cuntas na Treorach maidir le FFF	6,893	4,619
	15,176	9,722
Cuntas Reatha Baint 2	12,689	649
	27,865	10,371

Is é Cuntas na Treorach maidir le FFF an cuntas bainc ainmnithe don chlár Rátála Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 8).

In 2023, fuair SEAI réamhchistiú €12 mhilliún ó RCAC i ndáil leis an gclár Micreaghiniúna san Eanáil Neamhchónaithe. Coinníodh an t-airgead sin, mar aon le hioncam réamhchistithe eile a bhaineann le réamhíocaíochtaí ar thionscadail AE, i gCuntas Reatha 2.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEAN

14. Costais Sochair Scoir

Feidhmíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) scéimeanna aoisliúntais neamhchistithe le sochar sainithe do na baill foirne. Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach a rinneadh ar na dliteanais i leith bhaill foirne agus iar-bhaill foirne SEAI amhail an 31 Nollaig 2023. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil chun críocha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh 102 (FRS 102).

A. Anailís ar Chostais Sochar Scoir arna gcur de mhúirear an Chuntais Caiteachais

	2023 €'000	2022 €'000
Costais Seirbhíse Reatha	2,321	3,419
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	1,403	694
Asbhaintí i dtaobh Aoisliúntas na mBall Foirne (Nóta 5.1)	(709)	(543)
Costas Pinsean sa tréimhse	3,015	3,570

B. Anailís ar an ngluaiseacht i nDlíteanas i rith na bliana

	2023 €'000	2022 €'000
Glandlíteanas na scéime amhail an 1 Eanáir	35,913	50,414
Costas seirbhíse reatha	2,321	3,419
Costas úis	1,403	694
Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach	3,310	(18,287)
Sochair a íocadh i rith na bliana	(348)	(327)

Dlíteanas na Scéime amhail an 31 Eanáir

	2023 €'000	2022 €'000
Dlíteanas na Scéime amhail an 31 Eanáir	42,599	35,913

C. Cistiú Iarchurtha i ndáil le Pinsin

Aithníonn SEAI na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dlíteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean bunaithe ar na boinn tuisceana a bhfuil tuairisc orthu thíos agus ar roinnt teagmhas roimhe seo. Níl aon fhianaise ag SEAI nach leanfar ag íoc na méideanna sin faoin mbeartas cistiúcháin sin de réir an chleachtais reatha.

Glanchistiú Iarchurtha i ndáil le Pinsin i leith na Bliana

	2023 €'000	2022 €'000
Cistiú inghnóthaithe i leith chostais phinsin na bliana reatha	3,724	4,113
Deontas ón Stát a cuireadh i bhfeidhm chun pinsin a íoc	(348)	(327)
	3,376	3,786

Ba é €42,599,000 an tsócmhainn chistithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €35,913,000).

D. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

Gnóthachain/ (Caillteanais) ó thaithí ar an scéim dlíteanais	2023 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Suim (€)	(1,595)	(2,535)	(149)
Céatadán de luach láithreach dhlíteanais na scéime	3.74%	7.06%	0.3%
Méid iomlán atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	(3,310)	18,287	(185)
Céatadán de luach láithreach dhlíteanais na scéime	7.77%	50.92%	0.4%

Is é an caillteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ná €8,609,000 (2022: €5,299,000).

E. Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is éard atá i scéim pinsin SEAI ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin 'scéim eiseamláireach' reatha na hearnála poiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC in aicme D, soláthraítear pinsean (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) faoin scéim, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC in aicme A, soláthraítear pinsean (a haon os cionn dhá chéad in aghaidh na bliana seirbhíse) suas le 3 1/3 oiread ráta uasta bliantúil an phinsin ranníocaigh stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) faoin scéim, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an lá ar a slánóidh an ball 65 bliana d'aois an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar baill iad ó roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shlánóidh siad 60 bliain d'aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san eanáil phoiblí.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ('an Scéim Aonair') an scéim pinsean le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Leis an scéim sin, déantar foráil do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin na gairmré chomh maith le pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta i leith pinsin (agus í ag ardú i gcomhréir le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Nuair a bhíonn an ball 55 bliain d'aois, bíonn an rogha ann dul ar luathscor le pinsean laghdaithe, arna ríomh ar bhonn achtúireach. Méadaítear na pinsin arna n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe ar an 24 Eanáir 2024, agus aird ar cheanglais FRS d'fhonn dlíteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2023 a mheasúnú.

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana i dtaobh cúrsaí airgeadais a úsáideadh ná:

	Amhail 31/12/23	Amhail 31/12/22	Amhail 31/12/21
Ráta lascaine	3.50%	3.70%	1.30%
Ráta méadaithe na dtuarastal	3.70%	3.90%	3.50%
Ráta méadaithe na bpinsean*	2.40%	2.60%	2.20%
Boilsciú	2.40%	2.60%	2.20%

*Is ionann ráta méadaithe na pinsean agus 2.40% in aghaidh na bliana. (i.e. comhionann leis an ráta boilscithe). Ní bheadh feidhm aige seo ach i gcás baill den Scéim Aonair. Maidir le baill a íoctar pinsean leo ar bhonn tuarastal deiridh, glacadh leis go méadóidh pinsin ag ráta 3.45% in aghaidh na bliana.

Is iad seo a leanas na Táblaí Bámharaeactha a úsáideadh:

Gníomhach agus Iarchurtha	Réamh-Scoir	Iar-Scoir
Fir	90% de ILT17	90% de ILT17
Mná	90% de ILT17	90% de ILT17

Ar bhonn na dtáblaí sin, is é seo a leanas an t-ionchas saoil d'fhir agus do mhná in aois 65:

	Duine atá ar pinsean anois (in 2023) in aois 65	Duine a bheidh ar pinsean (in 2042) in aois 65
Fir	22.3 bliain	24.6 bliain
Mná	24.5 bliain	26.4 bliain

15. Gealltanais i dtaobh Deontais Chaipitil

Meastar gurb é €360m (2022: €263.292m) na híocaíochtaí uasta sa todhchaí is dócha a eascróidh as gealltanais a rinneadh faoi scéimeanna tacaíochta éagsúla.

	Geallta Amhail an 1 Eanáir 2023 €'000	Geallta Le linn na tréimhse €'000	Digheallta €'000	Íocaíochtaí €'000	Geallta Amhail an 31 Nollaig 2023 €'000
ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH SAN EARNÁIL CHÓNAITHE / PHOBAIL					
Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo	56,431	193,411	-	(157,421)	92,421
Tithe le Fuinneamh Níos Fearr	36,124	64,993	(17,846)	(54,225)	29,046
Grianphainéil	19,153	73,047	(5,004)	(53,410)	33,786
Grianphainéil – Leochoileach ó thaobh Leighis de	-	1,900	-	-	1,900
Iarfheistiú Domhain	1,965	-	(942)	(704)	319
Fuinneamh Pobail	38,310	49,335	(14,503)	(29,003)	44,139
An Scéim Náisiúnta um Iarfheistiú Tí	16,508	32,201	(2,651)	(26,882)	19,176
Pobail – An Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-Athnuaite	286	1,131	-	(1,082)	335
Micreaghiniúint san Earnáil Neamhchónaithe	143	13,924	-	(259)	13,808
EARNÁIL AN GHNÓ AGUS AN EARNÁIL PHOIBLÍ					
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	16,455	80,913	-	(69,686)	27,682
EXEED	2,371	4,155	(634)	(2,009)	3,883
Clár Tionscail agus Gnó	1,127	2,647	(50)	(2,250)	1,474
FUINNEAMH IN-ATHNUAITE					
Fuinneamh In-athnuaite – Taighde, Forbairt agus Taispeáint	23,604	28,576	(1,741)	(12,169)	38,270
Fuinneamh Amach ón gCósta	1,876	1,926	-	(1,867)	1,935
Scéim Tacaíochta i dtaobh Teas In-athnuaite	35,731	7,660	(6,155)	(1,163)	36,073
Teas Dícharbónaithe	-	562	-	(399)	163
Pointe Teagmhála Aonair	-	110	-	(110)	-
IOMPAR					
Feithiclí Leictreacha	13,208	100,401	(9,724)	(88,295)	15,590
	263,292	656,892	(59,250)	(500,934)	360,000

16. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir Alt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, maidir le nochtadh leasanna i gcás Comhaltaí Boird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. I rith 2023, bhí ceithre chás ann nár ghlac Comhaltaí Boird aonair páirt sna cinntí maidir le deontais agus soláthairtí sonracha de réir Bheartas Coinbhleachta Leasa SEAL. Tá clár ag SEAL ar a gcoinnítear taifead ar chásanna den sórt sin.

17. Táillí agus Speansais na gComhaltaí Boird

Íocann SEAL táillí agus speansais lena Chomhaltaí Boird de réir rialacháin agus ciorcláin a eisiúint an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Chuir SEAL i bhfeidhm cinneadh an Rialtais, a rinneadh i mí an Mhárta 2010, maidir le táillí do chomhaltaí Comhlachtaí Stáit. Tá táillí na gComhaltaí Boird slánaithe go dtí an €000 is gaire. Íocadh speansais €4,625 leis na Comhaltaí Boird in 2023 (2022: €2,700).

Táillí an Bhoird	2023 €'000	2022 €'000
Dermot Byrne	12	12
Peter Brennan	3	8
Sharon O'Connor	8	8
Lisa Ryan	-	3
Kate Ruddock	-	1
Andrew Ennis	8	8
Ann Markey	8	8
Léan Doody	8	8
Joe O'Carroll	8	8
Justina Corcoran	-	-
William Walsh	-	-
Barry McMullin	-	-
María O'Dwyer	-	-
Robert Wasson	8	4
Ciarán Hayes	5	-
Iomlán	68	68

18. Léasanna Oibriúcháin – Áitreabh

Tá ceannoifig SEAL ag 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2 faoi léas 25 bliain. Tá fo-oifigí ar léas aige i gCorcaigh, i nDún Dealgan agus i Sligeach.

Seo a leanas na híocaíochtaí léasa amach anseo, nach cinn íosta iad, faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí liostaithe:

	2023 €'000	2022 Arna Athshonrú €'000
Léasanna Oibriúcháin		
Laistigh de 1 Bhliain Amháin	2,058	2,077
Idir 2 Bhliain agus 5 Bliana	8,188	8,199
Os cionn 5 Bliana	28,584	30,630
Iomlán	38,830	40,906

Ba é an ceangaltas i leith léas oibriúcháin a nochtadh i Ráitis Airgeadais 2022 ná €40,270,910. Bhí áitreabh amháin nach raibh san áireamh san iomlán. Athshonraíodh luachanna 2023 thuas chun é sin a léiriú.

Aithnítear íocaíochtaí léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas ar feadh na tréimhse ina mbaineann SEAL leas as an áitreabh.

Luach €2,074,237 (2022: €1,966,555) a bhí i gceist leis na híocaíochtaí ar léasanna oibriúcháin a aithníodh mar chostas in 2023.

19. Figiúirí comparáideacha

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athghrúpáil agus a chur i láthair arís ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 31 Bealtaine 2024.

Sustainable Energy Authority of Ireland

3 Park Place, Hatch Street Upper,
Dublin 2, Ireland, D02 FX65

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

3 Plás na Páirce, Sráid Haiste Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2, D02 FX65



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland